



DON LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA
AN CHEATHRÚ RUA, CO. NA GAILLIMHE

PLEAN TEANGA
DON LIMISTÉAR PLEANÁLA TEANGA
AN CHEATHRÚ RUA, CO. NA GAILLIMHE
CURTHA LE CHÉILE AG
COMHARCHUMANN MHIC DARA,
AN CHEATHRÚ RUA
CO. NA GAILLIMHE
D'ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Údar: Tomás Mac Con Iomaire
i gcomhar le Coiste Pleanála Teanga na Ceathrún Rua
© Comharchumann Mhic Dara



Clár

Réamhrá	1	Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn	74
An Cheanneagraíocht	3	Na meáin chumarsáide	76
Buíochas	5	Seirbhísí Poiblí	80
An Ceantar	6	Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil	98
An Limistéar Pleanála Teanga	8	Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	100
Daonra	10	Staid na Gaeilge sa Limistéar	104
Modheolaíocht	13	Moltaí nach mbaineann go sonrach le Plean Teanga don Cheathrú Rua	109
Taighde	14	Costas Iomlán na mBeart	110
Struchtúr, Feidhmiú agus Monatóireacht	19	AGUISÍN 1	
Costas agus Maoiniú	21	Ceistneoir: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015	116
Réimsí na Pleanála Teanga	23	AGUISÍN 2	
An Córas Oideachais	24	Torthaí: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015	121
Seirbhísí Cúram Leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga	50	AGUISÍN 3	
Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	52	Cóip den suirbhé le Grúpa Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin	124
Deiseanna Foghlama		Aguisín 4	
Lasmuigh den Chóras Oideachais	60	Torthaí an tsuirbhé le Grúpa Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin	127
An Earnáil Ghnó	64	TAGAIRTÍ & FOINSÍ EOLAIS	131
Caiteachas ón Státchiste ar an nGaeilge	68		

NODA



CCMD	Comharchumann Mhic Dara	REOGR TG	An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
CLG	Cainteoirí Laethúla Gaeilge	RCOG	An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta	RnaG	RTÉ Raidió na Gaeltachta
CPT	Coiste Pleanála Teanga	SCC	Scoil Chuimsitheach Chiaráin
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	SOLAS	An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna
LPT	Limistéar Pleanála Teanga	SPSS	Statistical Package for the Social Sciences
MABS	Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid (Money Advice Budgeting Service)	ÚnaG	Údarás na Gaeltachta
OÉG	Ollscoil na hÉireann, Gaillimh	VTOS	Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála
OTM	Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí		
OPT	Oifigeach Pleanála Teanga		

Réamhrá

Mar chuid den Phróiseas Pleanála Teanga sa nGaeltacht, tá Údarás na Gaeltachta (ÚnaG) freagrach as eagraíochtaí a roghnú chun plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm sna Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta.

Tugann Acht na Gaeltachta, 2012 feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) ar fud na Gaeltachta.

I mí na Nollag 2010 d'fhoilsigh an Rialtas **An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030**. Dhá bhliain dár gcionn foilsíodh Acht na Gaeltachta, 2012.

Tugann Acht na Gaeltachta, 2012 feidhm reachtúil don phróiseas pleanála teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhféadfai aitheantas a thabhairt dóibh faoin Acht mar Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta, mar Bhailte Seirbhíse Gaeltachta nó mar Líonraí Gaeilge.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Is iad cuspóirí sonracha na Straitéise:

- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge gach lá lasmuigh den chóras oideachais a ardú ó 83,000 go 250,000
- an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa nGaeltacht gach lá a ardú 25% agus
- an líon daoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga, a mhéadú.

Is é **Acht na Gaeltachta, 2012** a thugann bonn reachtúil don phróiseas pleanála teanga sa nGaeltacht. Sainítear san Acht:

- Go ndéanfar athshainiú ar theorainneacha na Gaeltachta den chéad uair ó 1956: beidh stádas Gaeltachta amach anseo bunaithe ar chritéir theangeolaíocha seachas ar an tíreolaíocht;
- Go n-aithnítear 26 Limistéar Pleanála Teanga (LPT) a gcaithfear Plean Teanga a ullmhú dóibh le go gcoinneofar stádas Gaeltachta an LPT;
- Go roghnóidh ÚnaG Ceanneagraíocht i ngach LPT leis an bpróiseas pleanála teanga san LPT a bhainistiú agus go dtabharfar tréimhse dhá bhliain don Ceanneagraíocht leis an bPlean Teanga a ullmhú;
- Go gcuirfear an Plean Teanga faoi bhráid an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta le faomhadh agus go mbeidh seacht mbliana ag an gCeanneagraíocht leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm san LPT ansin.



Tá ceithre chéim sa bpróiseas Pleanála Teanga.

- Staid reatha na teanga a dheimhniú trí mheasúnú agus anailís
- Plean teanga a ullmhú bunaithe ar phlé, ar chomhairliúchán agus ar eolas ón bpobal
- An Plean Teanga a chur i bhfeidhm
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bplean

Roghanna: Laoise Ní Dhúda

Is éard atá sa bplean teanga seo léamh ar iompar na Gaeilge i Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua ag an tráth seo, mar aon le bearta agus moltaí praiticiúla a chabhróidh le pobal an cheantair Ghaeltachta seo an Ghaeilge a choinneáil beo agus an mórtas agus an bród atá acu as an teanga a chothú agus a neartú i measc an phobail ar mhaithe le go mbeadh an Ghaeilge á labhairt sa bpobal seo ag slíocht ár sleachta.

An Cheanneagraíocht

I mí na Samhna 2014 ceapadh Comharchumann Mhic Dara le Plean Teanga a réiteach don Limistéar Pleanála Teanga (LPT) An Ceathrú Rua.

Coiste an chomharchumainn 2015/2016

Cathaoirleach: Colm Mac Donncha

Rúnaí: Máirtín Breathnach

Cisteoir: Éamonn Ó Domhnaill

Oifigeach Caidreamh Poiblí: Kevin Ó Flatharta

Coisteoirí: Áine Ní Dhomhnaill, Maebh Ní Chualáin, Rónán Ó Coisdeabhla

Bainisteoir: Seán O Domhnaill

Bheartaigh CCMD sraith cruinnithe poiblí a eagrú le deis a thabhairt don phobal tuiscint a fháil ar an bpróiseas pleanála teanga agus le deis a thabhairt don phobal a bheith gníomhach sa bpróiseas. Le linn na seisiún eolais agus feasachta, tugadh cuireadh don phobal a bheith páirteach mar bhaill de Choiste Pleanála Teanga a bheadh freagrach as ullmhúchán agus stiúradh a dhéanamh ar phlean teanga don LPT. Chuir ochtar a n-ainmneacha chun cinn agus aontaíodh gurb iad an t-ochtar seo a ghníomhódh mar Choiste Pleanála Teanga do LPT na Ceathrún Rua.

An Coiste Pleanála Teanga (CPT)

Mairéad Mhic Dhonncha, Príomhoide, Scoil Náisiúnta Mhic Dara, An Cheathrú Rua

Dónall Ó Braonáin, Príomhfheidhmeannach, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Seán Mac Donncha, Príomhoide, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Bairbre Ní Thuairisg, Príomhoide, Scoil Mhuire Gan Smál, Camas

Rónán Mac Con Iomaire, Grúpcheannasaí Gaeilge, RTE

Máirín Ní Dhomhnaill, Múinteoir, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Maryanne Uí Chualáin, Riarthóir, Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Hilaraí Nic Cába, Ealaíontóir

Cheap an cheanneagraíocht Tomás Mac Con Iomaire mar Chomhairleoir leis an bplean teanga a chur le chéile. Ghníomhaigh Tomás Mac Con Iomaire mar áisitheoir don CPT.

Aidhmeanna Phlean Teanga LPT na Ceathrún Rua

- Nach laghdóidh an líon Cainteoirí Laethúla Gaeilge, lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais, faoi bhun 80% de dhaonra an LPT le linn shaolré an phlean teanga
- Go dtiocfaidh ardú 5%, go dtí 70%, ar an líon Cainteoirí Laethúla Gaeilge, lasmuigh den chóras oideachais, le linn shaolré an phlean teanga
- Go gcinnteoidh an Rialtas go mbeidh gach seirbhís de chuid an Státchórais ar fáil go háitiúil trí Ghaeilge.



Buíochas

Tá buíochas tuillte ag pobal an cheantair a thug a gcuid ama ag freastal ar chruinnithe agus a thug a gcuid tuairimí sa Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua, agus acu siúd ar fad sa bpobal a thug tuairimí agus cúnamh i gcur an phlean seo i dtoll a chéile. Tá Príomhoide Scoil Chuimsitheach Chiaráin (SCC), Seán Mac Donncha, an múinteoir Cormac Ó Comhraí agus scoláirí na scoile le moladh as an obair a rinne an Grúpa Fócais ag bailiú eolais ar iompar teanga i measc na hóige.

Tá buíochas ag dul don CPT as a ndúthracht agus as a ngairmiúlacht i mbun na hoibre ar an bplean teanga. Tá buíochas tuillte ag CCMD go háirithe, an cathaoirleach Colm Mac Donncha, Éamonn Ó Domhnaill, Máirtín Breathnach, an bainisteoir Séan Ó Domhnaill agus Martin Joe Ó Flatharta. Tá buíochas ag dul d'Údarás na Gaeltachta agus don Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta as an tacaíocht airgid a tugadh d'ullmhú an phlean seo.

Pictiúir: Seán Ó Mainín, An Pobal

Dearadh: Sinéad Ní Chadhain
Cló: Clódóirí CL Print

An Ceantar

Ceantar tuaithe faoi thalamh bocht ach tírdhreach álainn, suite timpeall 45 ciliméadar taobh thiar de chathair na Gaillimhe é An Cheathrú Rua. Is ionann an ceantar atá luaite leis an Limistéar Pleanála Teanga (LPT) seo is an Toghroinn ar a dtugtar An Cromptán. Síneann sé ó Abhainn Chasla ar an taobh thoir go Muiceanach Idir Dhá Shaile ó thuaidh go Cuan na Loinge ar an taobh thiar. Ina lár tá leithinis na Ceathrún Rua le Cuan Chasla ar an taobh thoir agus Cuan an Fhir Mhóir ar an taobh thiar. Gobann an leithinis amach i gCuan na Gaillimhe. Tá sráidbhaile na Ceathrún Rua aitheanta mar phríomhbhaile Chonamara Theas le fada an lá. San LPT seo atá ceanncheathrú RTÉ Raidió na Gaeltachta, Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) agus Oireachtas na Gaeilge. Tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrún Rua. Tá seirbhísí luathoideachais, bunoidheachais, meánoideachais, oideachas tríú leibhéal agus aosoideachais ar fáil sa gceantar. Tá seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta le riachtanais speisialta le fáil sa gceantar. Déanann Scoil Chuimsitheach Chiaráin freastal ar scoláirí ón bpobal áitiúil, ceantar na nOileán agus ceantar Chasla. Is ar an gCeathrú Rua atá an eagraíocht Tuismitheoirí na Gaeltachta lonnaithe. Tá eastát tionsclaíochta ag ÚnaG i gCasla agus ceann eile ar an gCeathrú Rua féin. Tá Áras Mhic Dara, ionad do sheanóirí, lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Tá seirbhísí sláinte, siopadóireachta agus óstaíochta sa gceantar. Tá dhá choláiste samhraidh do theagasc na Gaeilge sa gceantar. Tá leabharlann i lár an tsráidbhaile.

Labhraíodh
tuismitheoirí
Gaeilge lena
gclann.

Aighneacht ón bPobal

Nuair a dhéantar staidéar ar chúrsaí fostaíochta agus ar shlíthe maireachtála san LPT feictear gurb í an Ghaeilge agus an tionscal turasóireachta cultúrtha príomhthionscal an cheantair. Tá fostaíocht cruthaithe ag na seirbhísí agus gnólachtaí a bhfuil baint acu leis an teanga agus fostaíocht dá mbarr cruthaithe i ngnólachtaí agus i seirbhísí eile sa gceantar.

Bhí rath faoin eastát tionsclaíochta ar an gCeathrú Rua sna 1970idí agus 1980idí ach tá cúlú mór tagtha ar an bhfostaíocht sin cé gur tháinig feabhas ar chúrsaí fostaíochta ar an eastát tionsclaíochta i gCasla. Is le hÚnaG an dá eastát seo. Le linn na 1970idí agus na 1980idí, ba í an Cheathrú Rua an lárionad fostaíochta i gConamara Theas. Tá athrú mór tagtha air sin le fiche bliain anuas.

Is ríbhag tionscal traidisiúnta atá á gcleachtadh ar an gCeathrú Rua agus sa gceantar thart air. Tá roinnt bheag bád agus curach ag iascach sa dá chuan ar chaon taobh den leithinis – Cuan Chasla agus Cuan an Fhir Mhóir. Is beag feirmeoireacht talún atá á cleachtadh sa gceantar.

Tá CCMD bunaithe sa gceantar ó 2011 agus é freagrach as an ionad pobail, An Cromptán, ina mbíonn imeachtaí sóisialta agus oideachais mar aon le scéimeanna fostaíochta pobail agus forbairtí eile.

Tá cumainn láidre peile Gaelaí, rugbaí, sacair, seoltóireachta, iomraimh agus spóirt eile sa bpobal mar aon le himeachtaí eile spóirt agus sóisialta. Bhíodh club óige láidir sa gceantar go dtí le gairid.

Tá traidisiún láidir farraige, seoltóireachta agus iomraimh sa bpobal agus tá lear mór bád seoil traidisiúnta agus curacha fós san áit.

Maidir le stair an cheantair, ceaptar gurb é Teampall Mhac Ádhaimh atá suite le hais Reilig Bharr an Doire an foirgneamh is sine sa leithinis. De réir na staire, tógadh é sa gcúigiú céad déag cé go raibh cónaí sa gceantar roimhe sin.

Ba ar an gCeathrú Rua a troideadh an chéad chath de Chogadh na Talún i mí Eanáir 1880 nuair a rinneadh iarracht tionóntaí bochta a chur as seilbh. Thug bunaitheoir Chonradh na Talún, Micheál Dáibhéid, cuairt ar an gceantar ina dhiaidh sin. Thug Ruairí Mac Easmainn cuairt ar an gCeathrú Rua sa mbliain 1913 agus chuir se tús le ciste le bia agus éadach a chur ar fáil do ghasúir na bunscoile. Deirtear gur ar an gCeathrú Rua a theastaigh ó Mhac Easmainn armlón ón long Gearmánach An Aud a chur i dtír le harmlón a chur ar fáil d'Éirí Amach 1916 ach gur roghnaigh na Gearmánaigh cósta Chiarraí.

Deir John Millington Synge ina leabhar *In Wicklow, West Kerry and Connemara* ón mbliain 1910 go raibh an ceantar agus a raibh ina gcónaí ann an tráth sin beo bocht agus gurbh é paróiste na Ceathrún Rua an paróiste ba bhoichte in Éirinn.

Níl sé sin le rá faoin gCeathrú Rua sa lá atá inniu ann.

An Limistéar Pleanála Teanga

Faoi Acht na Gaeltachta, 2012 d'fhógair an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGRTG) 26 Limistéar Pleanála Teanga bunaithe ar thoghranna i ngach ceantar Gaeltachta.


Roghnaigh ÚnaG CCMD, an Cheathrú Rua, mar cheanneagraíocht le Plean Teanga a ullmhú do LPT na Ceathrún Rua. An limistéar atá i gceist sa tuarascáil seo ná an Toghróinn ar a dtugtar An Cromptán. Tá ceantar na Ceathrún Rua go hiomlán san áireamh sa limistéar seo. Síneann an limistéar ó dhroichead Abhainn Chasla siar go Cuan na Loinge agus ó thuaidh go Muiceanach Idir Dhá Sháile. Is iad na bailte fearainn atá san LPT:

- An Cheathrú Rua Thiar
- An Cheathrú Rua Theas
- An Cheathrú Rua Thuaidh
- An Caorán Beag
- Barr an Doire
- Cladhnach
- Muiceanach Idir Dhá Sháile
- Doire an Fhéich




Bíodh an
Ghaeilge ina
príomhtheanga
sa bpobal.

Aighneacht ón bPobal



Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta: An Cheathrú Rua



Srianadh/Discáiner

Is ar mháthar le léiriú a thabhairt ar an Limistéar Pleanála Teanga an mapa seo agus níl aon gairneir leis mar sin ar theorainn na Gaeltachta / The purpose of this map is to illustrate the location of the Language Planning Area and should not be considered as a definitive outline of Gaeltacht boundary.

Ionad GIS, Institiúid Uí Riada, Oif. Gaillimh (Rohan Hennessy) a eiligh.
Data: 03/2014

Seirbhíse/Datá

© Suidhneacht Órdanála
Éireann-Rialtas na hÉireann /
Ceastúnas Uimhir BP/001714 / An
Pleanáil-Óifig Staidrimh - Rialtas
SAPS an Daonairm



© Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland - Copyright Permit
No. BP/001714 / Central Statistics Office - Census SAPS Data

© OpenStreetMap (www.openstreetmap.org)
BRTM 14 C47 (http://brtm.ie/egier.org)

Daonra

De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, tá cónaí ar 2472 duine san LPT. Bhí ardú de 19% ar dhaonra an LPT idir 1991 agus 2016. Tharla an t-ardú is mó sa daonra, 9%, idir 2006 agus 2011. Tá laghdú beag 1% ar an daonra i nDaonáireamh 2016 ó 2011.

Daonra



Foinse: Daonáireamh 1991, 1996, 2002, 2006, 2011, 2016

Daonra LPT An Cheathrú Rua de réir cumas labhartha Gaeilge

Limistéar - An Cheathrú Rua	2011	2016
Daonra Iomlán	2,505	2,472
Daonra iomlán os cionn 3 bliana d'aois	2,400	2,392
Líon na ndaoine le cumas labhartha Gaeilge	2,240	2,212
Líon na ndaoine gan cumas labhartha Gaeilge	127	153
Líon na ndaoine nár fhreagair	33	27
Líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh den chóras oideachais amháin	390	468
Líon daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais	330	364
Líon daoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais amháin	1,323	1,194
Líon an gCainteoirí Laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais (Cainteoirí Laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais san áireamh)	1,653	1,558
Líon an gCainteoirí Laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais (Cainteoirí Laethúla Gaeilge amháin laistigh den chóras oideachais agus Cainteoirí Laethúla Gaeilge laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais san áireamh)	2043	2026

Foinse: Daonáireamh: 2011, 2016

Ar scáth a chéile a mhairimid.

Daonra 3 bliana +

2006	2011	2016
2,209	2,400	2,392

Foinse: Daonáireamh: 2006, 2011, 2016

Cainteoirí Laethúla Gaeilge 3 bliana+ lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais 2006 go 2016

2006	2011	2016
83.4%	85.1%	84.7%

Foinse: Daonáireamh: 2006, 2011, 2016

Cainteoirí Laethúla Gaeilge 3 bliana+ lasmuigh den chóras oideachais amháin 2006 go 2016


2006	2011	2016
64.2%	68.9%	65.1%

Foinse: Daonáireamh: 2006, 2011, 2016

Próifíl Aoise

Aoisghrúpa	Fir	Mná	Iomlán	%
0-19	332	339	671	27%
20-39	241	294	535	22%
40-59	327	346	673	27%
60+	304	289	593	24%
Iomlán	1,204	1,268	2472	100%

Foinse: Daonáireamh 2016



Bíodh polasaí
láidir Gaeilge
ag gnólachtaí
áitiúla.

Aighneacht ón bPobal

Modheolaíocht

I mí na Samhna 2014 cheap Údarás na Gaeltachta CCMD mar cheanneagraíocht le Plean Teanga a ullmhú do LPT na Ceathrún Rua. Lorg CCMD tairiscintí ó chomhairleoirí pleanála teanga ón liosta comhairleoirí a chuir ÚnaG ar fáil. I mí an Mhárta 2015, roghnaigh CCMD Tomás Mac Con Iomaire mar Chomhairleoir le Plean Teanga a chur le chéile.

Glacadh leis ón tús gur plean teanga a bheadh sa bplean seo a bheadh aontaithe le pobal na Ceathrún Rua seachas plean teanga a bheadh ullmhaithe don phobal.



Eagraíodh an chéad seisiún ar mhaithe leis an bpobal a chur ar an eolas faoin bpleanáil teanga san LPT ar 24 Márta 2015. Fógraíodh an seisiún go forleathan le póstaer, ar RTÉ Raidió na Gaeltachta,



ag na hAifrinne agus ar shuíomh idirlín CCMD www.ancheathrurua.ie. Beartaíodh i ndiaidh an chruinnithe poiblí cruinnithe a eagrú le grúpaí ar leith sa bpobal agus eagraíodh na cruinnithe mar seo a leanas:

- 20.4.2015** **Cúrsaí Oideachais agus Eaglaise**
- 27.4.2015** **Cúrsaí Spóirt, Sóisialta agus Óige**
- 7.5.2015** **Cúrsaí Gnó**

Le linn na gcrúinnithe poiblí tugadh cuireadh don phobal a n-ainmneacha a chur chun cinn le bheith páirteach in ullmhú plean teanga don LPT. Chuir ochtar in iúl gur mhian leo a bheith páirteach agus roghnaíodh an t-ochtar sin mar Choiste Pleanála Teanga.

Ghníomhaigh Tomás Mac Con Iomaire mar áisitheoir don Choiste Pleanála Teanga.

Tháinig an CPT le chéile go rialta leis an obair a threorú. Coinníodh an pobal ar an eolas trí ráitis nuachta agus agallaimh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta agus eolas ar www.ancheathrurua.ie.

Rinne Colm Mac Donncha, cathaoirleach CCMD, Dónall Ó Braonáin agus Tomás Mac Con Iomaire freastal rialta ar cheardlanna réigiúnacha agus náisiúnta ar an bPleanáil Teanga a d'eagraigh ÚnaG.

Taighde

Mar thús ar an taighde rinneadh staidéar ar:

- Daonáireamh na hÉireann
- Scéim Labhairt na Gaeilge, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
- Tuarascálacha, Staidéir agus ábhar eile taighde.

Baineadh earraíocht as modheolaíochtaí éagsúla agus taighde á dhéanamh don Phlean Teanga. Tháinig cur chuige cainníochtúil agus cáilíochtúil i gceist le go mbeadh an tuiscint is fearr againn ar staid reatha na teanga agus meon reatha an phobail i leith na Gaeilge.

Beartaíodh suirbhé teaghlaigh a dhéanamh ar gach líon tí san LPT. Rinneadh ceistneoir a dhearadh bunaithe ar mhúnlaí ceistneoirí a réitíodh don Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus suirbhéanna pobail eile. Féachadh chuige go mbeadh na ceisteanna sothuigte. Rinneadh scagadh ar thorthaí an tsuirbhé seo leis an gcóras scagtha staidrimh do na heolaíochtaí sóisialta SPSS. Táthar thar a bheith buíoch den saineolas a roinn Éamonn Dineen orainn san obair seo.

Déanann taighde cáilíochtúil scrúdú ar dhearcadh agus meon seachas ar shonraí uimhríochtúla. Measadh go raibh an-tábhacht le tuairimí agus taithí na hóige sa bpróiseas seo agus beartaíodh grúpa fócais a chur ar bun i gcomhar le SCC. Aithnítear an dúshlán a bhaineann le grúpaí beaga i dtéarmaí claontachta, ach eagraíodh an grúpa fócais le go gcloisfí glór dhéagóirí an cheantair agus rinneadh gach iarracht a chinntiú gurb é a léargas dílis féin atá le háireamh i dtorthaí na hoibre sin. Tá an-bhuíochas ag dul do na rannpháirtithe agus d'fhoireann na scoile as a gcúnamh praiticiúil leis an obair seo.

Leagadh an-bhéim ar cheisteanna eitice ó thús, lár go deireadh na hoibre seo. Cinntíodh nach ndearnadh dochar do cheart na rannpháirtithe agus rinneadh cosaint orthu ar na bealaí seo a leanas:

1. Ghlac na rannpháirtithe páirt san obair ar bhonn anaithnid.
2. Ghlac na rannpháirtithe páirt sa ngrúpa fócais agus tuiscint chruinn acu ar chuspóir an taighde.
3. Níor cuireadh brú ar na rannpháirtithe páirt a ghlacadh sa taighde.
4. Slánaíodh cuid sonraí na rannpháirtithe sa gcaoi nárbh fhéidir aon rannpháirtí a aithint go pearsanta ó thorthaí an taighde.

Bailíodh eolas i measc lucht oideachais - oideachas réamhscoile, bunoidreachas, meánoideachas agus oideachas tríú leibhéal, oideachas don aosach agus oideachas do dhaoine le riachtanais speisialta san áireamh - i measc lucht gnó, eagrais spóirt agus shóisialta, an eaglais agus an óige.

Oideachas

Eagraíodh cruinnithe ar mhaithe le heolas, tuairimí agus moltaí a fháil

- le Bainistíocht Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua
- le CNNG
- le príomhoidí an dá scoil náisiúnta san LPT, Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire
- le príomhoide agus múinteoirí SCC
- le hionaid oideachais don aosach
- le hionaid oideachais speisialta.

An Eaglais

- Eagraíodh cruinniú le Sagart Paróiste na Ceathrún Rua

Cúrsaí Spóirt, Sóisialta agus Óige

Eagraíodh cruinnithe le

- Cumann Peile na Ceathrún Rua
- Cumann Rugbaí na Gaeltachta
- Cumann Sacair Mhac Dara
- Féile an Dóilín
- Óige na Gaeltachta
- Tuismitheoirí na Gaeltachta
- Eagraíodh Grúpa Fócais le daoine óga i SCC.

Cúrsaí Gnó

- Eagraíodh cruinniú poiblí do lucht gnó ach níor fhreastail lucht gnó ar an gcruinniú. Níos déanaí, eagraíodh cruinnithe le siopadóirí, óstóirí agus lucht miondíola.

Eile

- Ó am go chéile eagraíodh cruinnithe aonair le daoine sa bpobal. Fuarthas tuairimí agus moltaí fiúntacha ó roinnt mhaith de na daoine sin agus tá na moltaí sin le sonrú in áiteanna éagsúla sa bplean seo.

Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

I mí Iúil 2015, mar chuid den Phlean Teanga áirithe seo, rinne CCMD **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015**. Dáileadh cóip den suirbhé ar gach líon tí san LPT ina raibh cónaí. Dáileadh 742 cóip den suirbhé agus fuarthas 433 cóip den suirbhé ar ais.

Líon cóipeanna den suirbhé a dáileadh	Líon cóipeanna den suirbhé a bailíodh	Céatadán a bailíodh
742	433	58%

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

An Ghaeilge sa Teaghlach

De réir gach fianaise tá an Ghaeilge ina teanga bheo i bpobal na Ceathrún Rua. De réir an **tSuirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015**, labhraíonn 89% de phobal an LPT Gaeilge go laethúil. Seo meánfhigiúr idir líon na dtuismitheoirí agus na gclann a labhraíonn Gaeilge go laethúil. Tá gach duine sa teaghlach tugtha san áireamh.

An labhraíonn tú Gaeilge Go laethúil



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

*Is ionann clann agus baill den teaghlach atá ina gcónaí in aontíos le hathair agus máthair

Cuireann **An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht LPT** na Ceathrún Rua i gCatagóir A *“a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis agus 67% dá ndaonra iomlán (3 bliana +) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge”*. Tugtar le fios sa staidéar céanna go bhfuil 88% de phobal an LPT ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Tá an staidéar seo bunaithe ar Dhaonáireamh na bliana 2002.

Sna figiúirí daonáirimh atá luaite le 2002, 2006, 2011 agus 2016, táthar ag tagairt do Chainteoirí Laethúla Gaeilge 3 bliana d’aois agus os a chionn lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais. Maidir leis an bhfigiúr do 2015 tugtar faoi deara go bhfuil an teaghlach iomlán i gceist.

2002(1)	2006(2)	2011(2)	2015(3)	2016(2)
88%	83.4%	85.1%	89%	84.7%

Foinsí:

- (1) Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht
- (2) Daonáireamh 2006, 2011, 2016
- (3) Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Taispeánann an **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015** gurb í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh ag 79% den phobal.

Céard í príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh

Athair	Máthair	*Clann
81.8%	79.4%	75%

*Is ionann clann agus baill den teaghlach atá ina gcónaí in aontíos le hathair agus máthair

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Fuair formhór mór an phobail an teanga óna dtuismitheoirí

Má tá Gaeilge agat, cá bhfuair tá do chuid Gaeilge

Athair	Máthair	Clann
88.7%	82.6%	87.2%

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Ó thaobh Gaeilge a labhairt sa bpobal ag imeachtaí sóisialta agus i mbun gnáthghnó laethúil deir an pobal go bhfuil siad in ann formhór mór dá saol sóisialta agus oibre a chaitheamh trí Ghaeilge. Gaeilge den chuid is mó a labhraíonn daoine taobh amuigh den teach go laethúil. Labhraíonn idir 75% agus 84% de na tuismitheoirí Gaeilge den chuid is mó lena gcairde, ag an obair, ag imeachtaí spóirt agus sóisialta agus i measc an phobail go ginearálta.

Tá 92% den phobal in ann 80% dá saol sóisialta agus dá saol gnó a chaitheamh trí Ghaeilge san LPT.

Ó thaobh imeachtaí agus seirbhísí sa bpobal deir breis agus 80% den phobal go bhfuil na seirbhísí oideachais ar fáil trí Ghaeilge den chuid is mó agus go bhfuil seirbhísí spóirt agus sóisialta amhlaidh. Deir 93% den phobal gur Gaeilge den chuid is mó atá sa séipéal. Deir tuairim 76% den phobal gur Gaeilge den chuid is mó a labhraítear san ionad oibre agus deir 69% den phobal go bhfuil seirbhís trí Ghaeilge ar fáil den chuid is mó sna siopaí agus óstaí áitiúla. Is iad na seirbhísí sláinte is measa a thagann as an suirbhé teaghlaigh seo. Deir 23%

gur trí Ghaeilge amháin agus 54% gur trí Ghaeilge den chuid is mó a oibríonn na seirbhísí sláinte. Tá an t-eolas maidir le clubanna óige beagnach ar aon dul leis an eolas faoi imeachtaí sóisialta agus caitheamh aimsire.

	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó
Imeachtaí Spóirt	51%	83%
Imeachtaí Sóisialta i.e. ranganna, clubanna, caitheamh aimsire	46%	82%
Seirbhísí sláinte	23%	54%
Siopaí agus óstaí	31%	69%
Ionad Oibre	50%	76%
An Séipéal	79%	93%
Luathoideachas	67%	87%
Bunscoil	66%	86%
Meánscoil	64%	85%
Clubanna Óige	50%	80%

Mar a bheifí ag súil leis i bpobal láidir Gaeltachta, deir 99% den phobal go bhfuil an teanga tábhachtach mar theanga an phobail. Deir 97% gur caillteanas a bheadh ann don phobal dá lagódh an Ghaeilge agus deir 99% den phobal gur mhaith leo go mbeadh an Ghaeilge mar theanga pobail ar an gCeathrú Rua in 2030.

Grúpa Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin

Eagraíodh cruinniú le Príomhoide Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Seán Mac Donncha, ar 18.5.2015 maidir le hiompar agus sóisialú teanga na hóige. D'aontaigh sé go ndéanfaí taighde i measc scoláirí na scoile. Is ó LPT na Ceathrún Rua a thagann 47% de scoláirí na scoile agus tagann formhór mór den cuid eile de na scoláirí ó LPT Cheantar na nOileán, ceantar ina bhfuil an Ghaeilge ar chóláidrecht le LPT na Ceathrún Rua.


I mí Dheireadh Fómhair 2015 eagraíodh cruinniú le Príomhoide SCC an múinteoir Cormac Ó Comhraí agus rang idirbhliana na scoile. Roghnaigh

an rang idirbhliana ochtar mar Ghrúpa Fócais. Le linn dhá sheisiún leis na scoláirí rinneadh plé agus díospóireacht ar an teanga agus ar iompar teanga ina measc féin agus beartaíodh taighde a dhéanamh sa scoil. Aontaíodh córas leis an ngrúpa fócais le taighde a dhéanamh ar iompar teanga i measc a gcomhscoláirí. Ghlac 138 scoláire, 45% den líon iomlán scoláirí, páirt sa taighde, iad roinnte agus ionadaíoch ó bhliain a haon go bliain a sé.

Léiríonn an suirbhé go bhfuil bunús thar a bheith láidir, ó thaobh na Gaeilge de, i measc scoláirí na scoile, agus Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 93% díobh. Dúirt 5% de na scoláirí go raibh siad ar bheagán Gaeilge, ach bhain an figiúr seo le bliain a haon agus le bliain a dó amháin. Ó bhliain a dó ar aghaidh, thug gach scoláire le fios go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu.


Teanga Baile

Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 93% d'óige an cheantair. Mar sin féin, tá sé soiléir ón taighde go gcleachtann céatadán ard úsáid an dá theanga, Gaeilge agus Béarla. 46% den óige a labhraíonn Gaeilge amháin lena dtuismitheoirí. Tá 40% acu ag labhairt Gaeilge agus Béarla sa mbaile. Fós, feiceann muid gurb í an Ghaeilge an teanga is láidre i measc na hóige. 13% acu atá ag labhairt Béarla amháin lena dtuismitheoirí agus 12% acu a labhraíonn Béarla amháin lena gclann.




Teanga labhartha ag imeachtaí spóirt agus sóisialta lasmuigh den scoil

Tá sé soiléir go bhfuil difríocht mhór in iompar teanga na ndaoine óga le daoine fásta seachas eatarthu féin. Le linn imeachtaí spóirt agus sóisialta tá an Ghaeilge agus an Béarla á gcleachtadh ag 61% den óige.



Cur in iúl agus mothúcháin

Thug na scoláirí le fios nach mbíonn deacracht acu iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge



An Teanga mar thionscal

Is é “tionscal” na Gaeilge is mó a chruthaíonn fostaíocht agus maoin in LPT na Ceathrún Rua. Rinneadh taighde ar na príomhthionscail teangabhunaithe san LPT. Eagraíodh cruinnithe le tionscail áirithe agus fuarthas eolas trí ghlaonna gutháin ó roinnt eile. Cuireadh caiteachas eagrais



agus gnólachtaí a bhfuil cosúlacht eatarthu i dteannta a chéile ar mhaithe leis na cúig chatagóirí a roghnú. I gcás gach catagóire roghnaíodh iolraitheoirí oiriúnacha bunaithe ar na táblaí ionchuir/aschuir a mbaineann an Phríomh-Oifig Staidrimh leas astu. Léiríonn an taighde go bhfuil brabach €27.8 milliún ar an nGaeilge san LPT. Ní gá gur san LPT a chaitear an t-iomlán.

Tá an t-eolas iomlán faoin gcaiteachas ón Státchiste ar an nGaeilge faoin réimse Earnáil Ghnó.

An Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna

Bhí cruinnithe ar bhonn pearsanta le baill den Gharda Síochána go háitiúil agus leis an nGarda Síochána ag leibhéal ceantair ar an teilefón. Rinneadh freastal ar Chúirt Dhoire an Fhéich ag dhá sheisiún ar leith ag deireadh 2015 agus tús 2016. Bhí caidreamh tríd an gcóras ríomhphoist leis an tSeirbhís Chúirteanna.

Struchtúr, Feidhmiú agus Monatóireacht

Coiste Stiúrtha

An Coiste Pleanála Teanga, fochoiste de chuid CCMD, a bheidh freagrach as feidhmiú an phlean teanga. Roghnóidh an CPT cathaoirleach, rúnaí, cisteoir agus oifigeach caidreamh poiblí. Beidh cruinnithe cinnbhliana agus cruinnithe míosúla ag an gcoiste agus ceapfaidh sé fochoistí más gá. Aontóidh an CPT plean bliantúil a bheidh le cur i gcrích ag na hoifigigh pleanála teanga faoi stiúir an choiste. Gníomhóidh an CPT mar bhord stiúrtha ar fheidhmiú Phlean Teanga na Ceathrún Rua.

Oifigigh Pleanála Teanga

Fostófar beirt Oifigeach Pleanála Teanga - Oifigeach Pleanála Sinsearach agus Oifigeach Pleanála Cúnta. Fostóidh CCMD na hoifigigh pleanála teanga ar conradh. Tairgeoфар conradh trí bliana do na hoifigigh pleanála teanga. Cuirfear síneadh ceithre bliana leis na conarthaí ach coinníollacha a bheith sásúil.

Oifigeach Pleanála Teanga Sinsearach:

An tOifigeach Pleanála Teanga Sinsearach a ghníomhóidh mar Bhainisteoir/Riarthóir ar an bPleanáil Teanga san LPT.

Oifigeach Pleanála Teanga Cúnta: Beidh an tOifigeach Pleanála Teanga Cúnta freagrach as gnéithe den phlean teanga a chur i bhfeidhm faoi stiúir an Oifigigh Pleanála Teanga Sinsearach.

Tuarastal: Íocfar tuarastal de réir scála €30k-€40K in aghaidh na bliana leis na hoifigigh pleanála teanga.

Ionad Oibre

Cuirfidh CCMD oifig ar cíós ar fáil do na hoifigigh pleanála teanga.

Costas¹

Oifigigh Pleanála Teanga	Costas measta bliantúil	Costas measta iomlán	Úinéir
2	€70,715 €65k do bhliain 1-3 agus €75k do bhliain 4-7	€495,000	CCMD

Moltar go gcuirfí buiséad dóthanach nach lú ná €33,000 in aghaidh na bliana ar fáil le riaradh a dhéanamh ar an bplean teanga. San áireamh sa bhuiséad seo tá costas a bhaineann le cíós, reáchtáil oifige, costais taistil agus chothabhála.

Buiséad oibre	Costas measta bliantúil	Costas measta iomlán	Úinéir
	€33,000	€231,000	CCMD

Monatóireacht agus

Athbhreithniú

Monatóireacht

Bunófar fochoiste monatóireachta faoi stiúir an CPT. Baill den CPT a bheidh ar an bhfochoiste monatóireachta ach ceadófar ballraíocht do dhuine/dhaoine, nach baill den choiste sin iad, a bhfuil saineolas bainistíochta agus pleanála teanga acu. Cuirfidh an fochoiste monatóireachta tuairisc scríofa ar fheidhmiú an phlean teanga ar fáil don CPT gach ráithe mar aon le mórthuairisc bhliantúil. Trí thaighde a bheidh ar bun ag an bhFóram Oideachais agus le comhoibriú ón Ionad Cúram Leanaí, Scoil Mhic Dara, Scoil Mhuire, Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus Acadamh na

¹ Costas iomlán ar fáil ar leathanach 110 & 113

hOllscolaíochta Gaeilge déanfar monatóireacht ar iompar teanga i measc dhaoine óga. Beidh cruinnithe tráthrialta ag an CPT le ÚnaG agus leis an RCOG le dul chun cinn a mheas.

Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar fheidhmiú an phlean teanga lena chinntiú go bhfuil na bearta atá aontaithe agus na spriocanna bliantúla á gcur i gcrích. Bainfear úsáid as torthaí taighde agus as torthaí Dhaonáireamh 2021 le mór-athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean teanga. Aontófar leasuithe, más gá, ar na bearta agus glacfar gnímh le haird a thabhairt ar pé athrú a thagann ar iompar teanga sa bpobal bunaithe ar eolas nua a thiocfaidh chun cinn.

Déanfar mór-athbhreithniú eile ar an bplean teanga roimh dheireadh bhliain 6.

Roinnt an Eolais

Moltar go mbunófaí córas faoina mbeadh deis ag ceanneagraíochtaí teacht le chéile le dul chun cinn a phlé agus le moltaí agus tuairimí a mhalartú. Bheadh sé inmhianaithe go dtabharfaí faoi fheidhmiú roinnt de na bearta ar bhealach réigiúnach nó náisiúnta, go háirithe bearta arb iad na spriocanna céanna atá leo. Ní foláir go mbeidh an córas seo ionadaíoch ar ionadaithe ó na ceanneagraíochtaí agus go gcuirfear maoiniú sásúil ar fáil dó.

Moltar go ndéanfaidh an córas seo stocaireacht rialta ar an Státchóras lena chinntiú go gcuirfear pleananna teanga i bhfeidhm agus go gcuirfear soláthar dóthanach maoinithe ar fáil.

Feasacht agus Poiblíocht

Le go n-éireoidh leis an bplean teanga, ní foláir go mbeidh pobal an LPT ar an eolas faoina bhfuil ag tarlú maidir le feidhmiú an phlean. Mura bhfuil an pobal ar an eolas beidh sé deacair acu páirt ghníomhach a ghlacadh sa bpróiseas. Moltar go mbainfí úsáid as na meáin atá ar fáil agus go scaipfí eolas ar an bpobal trí bhileog eolais a scaipeadh i scoileanna agus i siopaí.

- Moltar go mbeidh mír uair sa mhí ar a laghad ar RTÉ Raidió na Gaeltacht maidir le gné éigin den phlean teanga. D'fheadfaí mír a bheith ar Nuacht an Iarthair nó ar Iris Aniar.
- Moltar go mbeadh mír nuachta bainteach le dul chun cinn an phlean teanga go tráthrialta ar Nuacht TG4.
- Moltar go mbeadh scéal/tuairisc/agallamh go tráthrialta ar tuairisc.ie.
- Moltar míreanna rialta a bheith sna nuachtáin áitiúla An Curadh Connachtach, Galway Advertiser.
- Moltar go scaipfí bileog eolais ar dhul chun cinn an phlean teanga ar an bpobal uair sa ráithe.
- Moltar go mbeadh míreanna faoin bplean teanga ar an suíomh idirlín ancheathrurua.ie.

Costas agus Maoiniú

Tá costas maidir le gach beart sa bplean teanga luaite le gach ceann de na bearta. Tá costas sa bplean freisin do bhearta ar leith nach dtagann faoi smacht na ceanneagraíochta ach a bhfuil tábhacht ag baint leo ó thaobh iompar teanga san LPT.

Tá an costas iomlán sonraithe ar leathanach 110 agus leathanach 113.

Costas na mBeart²

[Costais atá sonrach don Cheanneagraíocht]

Costas Measta Bliain 1	Costas Measta Iomlán	Foinsí Maoinithe	Úinéirí
€148,077	€1,036,540	ÚnaG/RCOG	CCMD/ ÚnaG/ RCOG


Costas Móriomlán na mBeart³

[Costais atá Sonrach don Cheanneagraíocht AGUS Costais Eile nach dTagann faoi Smacht na Ceanneagraíochta]

Costas Measta Bliain 1	Costas Measta Iomlán	Foinsí Maoinithe	Úinéirí
€701,825	€4,912,776	ÚnaG/RCOG	CCMD/ ÚnaG/ RCOG

² Costas iomlán ar fáil ar leath 110

³ Costas iomlán ar fáil ar leath 113



Fostaíocht áitiúil, go háirithe do na daoine óga.

Aighneacht ón bPobal

Réimsí na Pleanála Teanga

*Tá bearta don phlean
teanga leagtha amach sa
bplean teanga seo de réir
na réimsí a leanas:*

- an córas oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)
- seirbhísí cúram leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga
- seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile
- deiseanna foghlama lasmuigh den chóras oideachais
- an earnáil ghnó
- eagraíochtaí pobail agus comharchumainn
- na meáin chumarsáide
- seirbhísí poiblí
- pleanáil agus forbairt fhisiciúil
- seirbhísí sóisialta agus caitheamh aimsire
- staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.

1

An Córas Oideachais

(lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

Tá Limistéar Pleanála Teanga (LPT) na Ceathrún Rua neamhghnách sa mhéid is gur beag ceantar tuaithe eile sa tír inar féidir leis an bpobal oideachas a fháil ón gcliabhán go dtí an tríú leibhéal gan an ceantar a fhágáil. Tá réamhscoil, naíonra, dhá bhunscoil, meánscoil agus ionad ollscoile lonnaithe san LPT. Tá seirbhísí tábhachtacha eile ar fáil san LPT a dhéanann freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta agus ar an aosoideachas. I Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua tá:

- **Naíonra Mhic Dara**, naíonra do pháistí idir trí agus cúig bliana d'aois.
- **Scoil Mhic Dara, An Cheathrú Rua**, bunscoil.
- **Scoil Mhuire, An Tuairín**, bunscoil.
- **Scoil Chuimsitheach Chiaráin**, meánscoil.
- **Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge** a chuireann oideachas agus cáilíochtaí tríú leibhéal ar fáil.
- **Tigh Nan Dooley** a chuireann seirbhís oideachais ar fáil do dhaoine óga le riachtanais speisialta.
- **Bruach na Mara** a chuireann seirbhís oideachais ar fáil do dhaoine fásta le riachtanais speisialta.
- **Breacadh** a chuireann seirbhísí tacaíochta teanga agus foghlama ar fáil i réimse an aosoideachais.
- **Ionad Foghlama Chasla** a chuireann seirbhísí tacaíochta liteartha ar fáil.

Tá cur síos agus bearta maidir le na heagrais seo níos deireanaí sa rannóg seo. Tá gach gné den oideachas ar fáil trí Ghaeilge i bpobal na Ceathrún Rua ón réamhscolaíocht go dtí an ollscolaíocht. Tá seirbhísí oideachais do dhaoine óga agus do dhaoine fásta le riachtanais speisialta ar fáil agus cé nach gcuirtear na seirbhísí seo ar fáil go hiomlán trí Ghaeilge, tá iarracht mhór á déanamh iad a chur ar fáil trí Ghaeilge. De bharr a bhfuil de scoileanna

agus forais oideachais san LPT, tá tarraingt mhór ag an óige ar an áit. Tá formhór mór na ndaoine óga ag teacht ó theaghlaigh arb í an Ghaeilge a gcéad teanga. Taispeánann an Suirbhé Teaghlaigh go labhraíonn 91.5% de dhaoine óga i dteaghlaigh an LPT Gaeilge go laethúil.

An labhraíonn tú Gaeilge Go laethúil



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

*Is ionann clann agus baill den teaghlach atá ina gcónaí in aontíos le hathair agus máthair

Léiríonn Daonáireamh 2011 go raibh 32% de dhaonra an LPT faoi bhun 24 bliain d'aois agus léiríonn Daonáireamh 2016 go raibh 31% den daonra faoi bhun 24 bliain d'aois.

Daonáireamh	0-3	4-11	12-19	20-24	Iomlán
2011	144	264	236	163	807
2016	126	305	240	103	774


Foinse: Daonáireamh 2011, 2016



Tá ardú 10% ar líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil laistigh agus lasmuigh den chóras oideachais idir 2011 agus 2016.

Foinse: Daonáireamh 2011, 2016

Feiceann muid ón Suirbhé Teaghlaigh ar Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015 go bhfuil 70% de na scoláirí ag labhairt Gaeilge agus Béarla eatarthu féin. Níl ach céatadán réasúnta íseal 14% de na scoláirí meánscoile a labhraíonn Béarla amháin eatarthu féin.



Tá fáilte le cur roimh an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 ach ní mór go mbeadh tuiscint ag an bpobal ar an bpolasaí agus ní foláir feachtas feasachta faoin bpolasaí agus faoina

thábhacht, go háirithe do thuismitheoirí óga, a sheoladh sa bpobal.

Ní foláir polasaí comhtháite úsáide teanga a fheidhmiú i réimsí éagsúla de shaol an phobail, sa mbaile, sa gcóras scolaíochta, i saol na gcumann agus caithimh aimsire agus sna seirbhísí Stáit don óige freisin. Tá freagracht ar thuismitheoirí agus ar oideachasóirí i leith iompar teanga. Tá an fhreagracht sin níos tábhachtaí i gceantair fíor-Ghaeltachta cosúil leis an gCeathrú Rua. Má chuirtear polasaí comhtháite Gaeilge i bhfeidhm sa naíolann, sa naíonra, sa mbunscoil agus sa mheánscoil, cinnteofar bunchloch láidir d'iompar na teanga i measc na hóige.

Fóram Oideachais

Mar atá luaite thuas tá réimse leathan oideachais ar fáil in LPT na Ceathrú Rua. Tá an t-oideachas seo ar fad ar fáil trí Ghaeilge ach tá dúshlán ar leith ag baint leis na seirbhísí seo a chur ar fáil trí Ghaeilge. Faoi láthair gníomhaíonn gach ionad/scoil/acadamh oideachais as a chonlán féin agus cé go bhfuil formhór na seirbhísí oideachais lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrú Rua (seachas Scoil Mhuire, An Tuairín) níl aon cheangal comhtháite idir na seirbhísí. Déanann páistí ó Naíonra Mhic Dara freastal ar an dá bhunscoil agus déanann formhór na bpáistí ón dá bhunscoil freastal ar Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

Dúshlán

Tá nasc idir an naíonra agus an bhunscoil agus nasc idir na bunscoileanna agus Scoil Chuimsitheach Chiaráin, ach oibríonn na nascanna seo ar bhealach *ad hoc*. Toisc nach bhfuil córas comhtháite i bhfeidhm, níl tuiscint ar iompar teanga na bpáistí ná na scoláirí óga á sheachadadh ó naíonra go bunscoil go meánscoil. Ba chabhair é do na seirbhísí oideachais ar fad eolas ar nósmaireacht agus iompar teanga na bpáistí a bheith á roinnt ar bhealach a bheadh tairbheach do na seirbhísí ar fad agus do na páistí ach a bheadh déanta ar bhealach stuama gairmiúil.

BEART DON FHÓRAM OIDEACHAIS

1.1 Fóram Oideachais			
Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5; 7; 9;
Eolas breise	Go mbunófaí Fóram Oideachais ar a mbeadh ballraíocht ag ionadaithe ó Naíonra Mhic Dara, Scoil Mhic Dara, Scoil Mhuire, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus na seirbhísí oideachais speisialta. Chinnteodh obair an fhórait go mbeadh eolas á bhailiú ar staid na teanga ón naíonra ar aghaidh agus go mbeadh moltaí á ndéanamh don Choiste Stiúrtha Pleanála Teanga go rialta		
Aidhm	Pleanáil chomhtháite fhadtéarmach don Ghaeilge i ngach gné den chóras oideachais áitiúil ar mhaithe le leanúnachas in iompar teanga a bhuanú		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Príomhoidí Scoil Mhic Dara, Scoil Mhuire, Scoil Chuimsitheach Chiaráin, Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Bainisteoir Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Tigh Nan Dooley, Bruach na Mara, Boird Bainistíochta na scoileanna, Coistí Tuismitheoirí, Ionad Cúram Leanaí		
Saolré	Bliain 1: Fóram le bunú Bliain 2-7: Cruinnithe rialta. Déanfar athbhreithniú ar obair an Fhórait i mbliain a 3 le cinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an sprioc bhunaithe		
Costas measta iomlán:	€17,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,500 le taighde a dhéanamh agus comhairle a roinnt	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Leanúnachas in iompar teanga a bhuanú sa gcóras oideachais go háitiúil		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Fóram Teanga a bhunú ina mbeidh ballraíocht ag na forais éagsúla oideachais san LPT		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Struchtúr coiste a chur faoin bhfóram, bunreacht a leagan síos agus plean oibre a chur le chéile. Miontuairiscí agus gníomhartha seolta chuig an gCoiste Pleanála Teanga (CPT) uair in aghaidh na ráithe. Cuirfidh an Fóram Oideachais tuairisc ar dhul chun cinn os comhair an phobail go bliantúil.		

RÉAMHOIDEACHAS

Tá **Naíonra Mhic Dara** ar an gCeathrú Rua ón mbliain 1978. Bunaíodh an naíonra ar iarratas ó Ghaeltarra Éireann, ÚnaG anois, le freastal ar pháistí na mbainisteoirí monarchana a bhí ag aistriú chun na háite nuair a tógadh eastát tionscail ar an mbaile sna 1970idí. Tá an naíonra lonnaithe san Ionad Cúram Leanaí, ionad ina bhfuil

seirbhísí tacaíochta do theaghlaigh an cheantair. Tá Naíolann, Naíonra, seirbhís Iar-Naíonra agus seirbhís Iarscoile san Ionad Cúram Leanaí. CNNG atá i mbun bainistíochta ar Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua le tacaíocht ó Choiste Tacaíochta áitiúil. Tá na cáilíochtaí cuí go Leibhéal 6 FETAC-QQI ag foireann iomlán an naíonra.

Naíonra Mhic Dara - Líon páistí agus cumas Gaeilge na bpáistí 2015/2016

	Líon páistí	Páistí ar cainteoirí dúchais iad	Páistí le Gaeilge mhaith	Páistí le beagán Gaeilge	Páistí le tuiscint ar Ghaeilge	Béarla amháin	Teanga eile
2015	28	43%	4%	0	25%	28%	0
2016	38	76%	5%	11%	3%	5%	0

Foinse: Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Dúshlán

Tá líon ard páistí arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh ag freastal ar Naíonra Mhic Dara. Dúshlán é a chinntiú go leanfaidh tuismitheoirí san LPT ag tógáil a gclann le Gaeilge.

Cé go bhfuil cúrsaí in oiliúint stiúrthóirí naíonra á reáchtáil ag leithéidí Mhuintearas agus ag an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála, Ros Muc, tá easpa stiúrthóirí cáilithe ar fáil ar fud na Gaeltachta de bharr nach bhfuil na cúrsaí ná an oiliúint seo á reáchtáil ar bhonn rialta. De bharr fás agus forbairt CNNG agus méadú ar ionaid cúram leanaí agus ionaid tacaíochta teaghlaigh tá poist bhainistíochta i réimse an luathoideachais ag teacht chun cinn ach tá bainisteoirí cáilithe sa réimse luathoideachais, agus/nó bainisteoirí le taithí, an-ghann ar an talamh. Tá cúrsaí tríú leibhéal sna réimsí seo ar fáil ach níl siad ar fáil i nGaeilge. Tá iarracht ar bun

ag CNNG chun a chinntiú go mbeadh cáilíochtaí tríú leibhéal sa luathoideachas ag foireann iomlán bainistíochta na seirbhíse ach is trí Bhéarla amháin atá na cúrsaí ar fáil.

Tá ceithre chigireacht á ndéanamh ar an Ionad Cúram Leanaí, ach ní dhéantar i nGaeilge ach cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna. Ní mór go mbeadh gach cigireacht á déanamh trí Ghaeilge - cigireacht Tusla, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus Pobal, chomh maith leis an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Laige eile sa gcóras nach n-íoctar pá le stiúrthóirí na naíonraí i rith shaoire an tsamhraidh agus caithfidh siad dul i dtuilleamaí fócaíochtaí leasa shóisialaigh i gcaitheamh an ama sin.

BEARTA DON RÉAMHOIDEACHAS

1.2 Stiúrtóirí Naíonra

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go gcinnteofaí gur múinteoirí/stiúrtóirí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais, nó ar a laghad go bhfuil fíorscath na Gaeilge acu, a cheapfaí sa naíonra ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú i measc páistí óga.		
Aidhm	Seirbhís luathoideachais den scoth trí Ghaeilge, le béim ar an gcanúint áitiúil, a sholáthar		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: CNNG, An Bainisteoir - Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua, Naíonra Mhic Dara, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Athbhreithniú rialta ar pholasaí CNNG i leith ceapacháin Bliain 2-7: Feidhmiú pholasaí CNNG		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Scoth an oideachais trí scoth na Gaeilge a bheith ar fáil sa naíonra. Bheadh ról lárnach ag CNNG i gcinntiú gur stiúrtóirí le Gaeilge dhúchais a cheapfaí sa naíonra.		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Dea-Ghaeilge a bheith ag gach stiúrtóir sula gceapfar iad sa naíonra		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú le hIonad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua maidir le caighdeán Gaeilge na stiúrtóirí agus na gcúntóirí. Beidh stádas na Gaeilge i measc foirne an Ionaid Cúram Leanaí ar chlár gach cruinniú den Fhóram Oideachais.		

1.3 Cigireacht trí Ghaeilge

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go gcinnteodh na seirbhísí Stáit ar fad a dhéanann cigireacht ar na seirbhísí luathbhlianta gur i nGaeilge amháin a dhéanfaí an chigireacht.		
Aidhm	Cigireacht ar sheirbhísí Gaeltachta a bheith déanta i nGaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: CNNG, Tusla, FSS, Pobal, Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua		
Saolré	Bliain 1: Aontú ar sheirbhísí cigireachta leis na seirbhísí Stáit Bliain 2-7: Feidhmiú na cigireachta trí Ghaeilge		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Scoth an oideachais trí scoth na Gaeilge a bheith ar fáil sa naíonra agus gurb í an Ghaeilge an t-aon teanga a bheidh á húsáid sa naíonra		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cigireacht a bheith ar fáil i nGaeilge		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Beidh cruinnithe/plé/comhaontú le gach seirbhís Stáit atá gníomhach san LPT. Beidh plé ar an mbeart ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais agus glacfar cinneadh/beart dá réir		

1.4. Saibhriú Teanga

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Tá polasaí saibhriú teanga sa naíonra leis an bplean teanga Borradh de chuid CNNG. Tá an timpeallacht lárnach sa bplean teanga seo agus é dírithe ar an dúlra, ar chuairteanna ar an gcladach/bportach/bhfeirm agus ar fhéiniúlacht an pháiste. Níor mhiste tacaíocht a chur ar fáil le cur leis an bplean seo ionas go bhféadfaí na páistí a thabhairt ar chuairteanna agus ar shiúlóidí agus imeachtaí eile a thabharfadh deiseanna dóibh foclóir agus teanga níos saibhre a shealbhú.		
Aidhm	Seirbhís réamhoideachais den scoth trí Ghaeilge, le béim ar an gcanúint áitiúil, a sholáthar		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua, CNNG, ÚnaG, RCOG		
Saolré	Bliain 1: Forbairt bhreise ar sheachadadh na bpleananna teanga Bliain 2–7: Athbhreithniú rialta ar na spriocanna		
Costas measta iomlán:	€31,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€4,500. Costas taistil amach ón naíonra	Foinsí Maoinithe	Ionad Cúram Leanaí, CNNG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Trí aithne a chur ar an timpeallacht áitiúil agus trí chuairteanna dúlra. Cuirfear foclóir agus leaganacha cainte i láthair na bpáistí a chabhróidh leo Gaeilge níos saibhre a shealbhú		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Tacaíocht foirne agus maoinithe a chur ar fáil don naíonra		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Socrófar córas taistil agus árachais. Aontófar córas cigireachta le héifeacht na scéime a mheas		

1.5 Cáilíochtaí

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Taighde a thionscnamh ar an bhféidearthacht modúl tríú leibhéal trí Ghaeilge sa luathoideachas a fhorbairt.		
Aidhm	Cáilíochtaí tríú leibhéal a bheith ag stiúrthóirí naíonraí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, CNNG Páirtithe Leasmhara: ÚnaG, RCOG, OÉG		
Saolré	Bliain 1: Comhoibriú le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, CNNG, ÚnaG le sceideal don obair a aontú Bliain 2-7: Taighde agus beart de réir an taighde		
Costas measta iomlán:	€55,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€7,857	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Teagascóirí/stiúrthóirí/bainisteoirí luathbhlianta le cáilíochtaí tríú leibhéal a bheith ar fáil ar fud na Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Sruth stiúrthóirí agus bainisteoirí réamhoideachais a bheith ar fáil trí phlean comhtháite a aontú leis na soláthraithe oideachais agus oiliúna		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontófar struchtúr idir Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, CNNG agus Údarás na Gaeltacht maidir le taighde. Déanfar taighde mar atá molta. Cuirfear tuairisc rialta ar fáil don CPT		

1.6 Cúrsaí Pá

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Ní íoctar pá le stiúrthóirí naíonra fad a bhíonn an naíonra dúnta do shaoire an tsamhraidh. Fágann sin stiúrthóirí naíonra i dtuilleamaí íocaíochtaí leasa shóisialaigh le linn thréimhse an tsamhraidh.		
Aidhm	Go dtabharfaí tacaíocht do CNNG córas a aontú faoina mbeadh stiúrthóirí naíonra i dteideal pá i rith na bliana ar fad		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CNNG Páirtithe Leasmhara: : CCMD, Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua		
Saolré	Bliain 1: Córas maoinithe a aontú a chinnteoidh pá i rith na bliana ar fad. Bliain 2-7: Maoiniú a chinntiú		
Costas measta iomlán:	Tá sé clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá sé clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Tá sé clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Stiúrthóirí naíonra a chur ar thuarastal 12 mí den bhliain		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córas maoinithe a chinnteoidh pá i rith na bliana ar fad		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Eagrófar Grúpa Oibre le tuairisc a chur le chéile maidir le costas agus foinse maoinithe. Cuirfear tuairisc rialta ar fáil don CPT.		

1.7 Seachadadh Teanga ag Baile

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,7,8,9,
Eolas breise	Go ndéanfaí forbairt ar mhodh éifeachtach seachadta eolais maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoirí agus a bpáistí, ag úsáid dea-chleachtas mar atá go hidirnáisiúnta, agus ag tabhairt san áireamh dea-chleachtais sochtheangeolaíocht agus margaíochta. Bheadh na torthaí agus na moltaí ar fáil d'eagrais eile.		
Aidhm	Modh éifeachtach a fhorbairt maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoir agus páiste		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta, CCMD Páirtithe Leasmhara: Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua, ÚnaG, Ceanneagraíochtaí eile a bheidh páirteach		
Saolré	Bliain 1: Comhpháirtíocht a chothú le saineolaithe oideachais ar chleachtais iompar teanga Bliain 2-7: Modh seachadta/pacáiste eolais a fhorbairt		
Costas measta iomlán:	€10,000 i gcomhair obair thaighde		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5,000 bliain 1 agus €5,000 bliain 2	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Labhairt na Gaeilge a bheith ag gach páiste ar theacht chun an naíonra dóibh		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Modh éifeachtach a bhunú agus a bhainistiú maidir le hiompar teanga ag baile idir an tuismitheoir agus an páiste		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú a dhéanamh le ceanneagraíochtaí eile le dul i mbun taighde. Tabharfar cuireadh do ceanneagraíochtaí eile a bheith páirteach sa tionscnamh. Bunófar grúpa oibre le ballraíocht ó na páirtithe ar fad. Cuirfear taifead ar an dul chun cinn ar fáil do na ceanneagraíochtaí a bheidh páirteach sa togra agus d'ÚnaG. Beidh CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus an eaglais áitiúil lárnach i ndáileadh pacáistí eolais nuair a bheidh a leithéid ar fáil.		

BUNOIDEACHAS

Tá dhá bhunscoil san LPT, mar atá Scoil Mhic Dara lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrún Rua agus Scoil Mhuire lonnaithe sa Tuairín, cúig chiliméadar ón sráidbhaile. Scoileanna lán-Ghaeilge an dá scoil acu agus tá polasaí sonracha Gaeilge i bhfeidhm sa dá scoil. Cainteoirí dúchais nó líofa na múinteoirí ar fad sa dá scoil. Meastar gur de bhunadh na Gaeltachta formhór thuismitheoirí an cheantair. I Scoil Mhic Dara agus i Scoil Mhuire tá an tumoideachas i bhfeidhm i rang na naíonán beag agus i rang na naíonán mór go dtí an Nollaig. Tá sé le tabhairt faoi deara sa dá scoil go mbíonn dúshlán ann bainistiú teanga a fheidhmiú i gclós na scoile.

Scoil Mhic Dara

Tá 248 scoláire ar rolla na scoile. Tá 14 múinteoir lánaimseartha sa scoil. Tá 3 cúntóir riachtanais speisialta agus cúntóir teanga amháin sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Mhic Dara.

Líon Scoláirí	Líon Múinteoirí	Cúntóir Teanga	Cúntóir Riachtanais Speisialta
248	14	1	3

Foinse: Scoilbhliain 2017/2018, Scoil Mhic Dara

Scoil Mhuire

Tá 86 scoláire ar rolla na scoile. Tá 6 múinteoirí ranga, beirt chúntóir riachtanais speisialta agus cúntóir teanga amháin sa scoil. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Mhuire.

Líon Scoláirí	Líon Múinteoirí	Cúntóir Teanga	Cúntóir Riachtanais Speisialta
86	6	1	2

Foinse: Scoilbhliain 2017/2018, Scoil Mhuire

Léiríonn torthaí Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG), ar cuireadh deireadh leis in 2011, dea-iompar Gaeilge na bpáistí san LPT sna deich mbliana sular cuireadh deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge. Mar sin féin, tá sé le tabhairt faoi deara go raibh laghdú beag ag teacht ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán sna blianta deireadh de SLG.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Scoilbhliain	Líon na dTeaghlach a scrúdaíodh	Líon a thuill an deontas iomlán	Céatadán
2000/01	223	209	94%
2001/02	217	205	94%
2002/03	225	215	96%
2003/04	226	216	96%
2004/05	219	210	96%
2005/06	220	209	95%
2006/07	209	195	93%
2007/08	197	191	97%
2008/09	202	190	94%
2009/10	195	176	90%
2010/11	187	165	88%

Foinse: An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

I Scoil Mhic Dara a rinneadh an seoladh oifigiúil ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (An Roinn Oideachais agus Scileanna) i mí Dheireadh Fómhair 2016. Ghlac an pobal leis gur aitheantas ar cé chomh folláin atá an Ghaeilge sa bpobal agus sa scoil gur roghnaíodh Scoil Mhic Dara don seoladh oifigiúil.

Tá fáilte curtha ag Scoil Mhic Dara agus ag Scoil Mhuire roimh an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022, polasaí a deir “*Faoi bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, tabharfar cuireadh do scoileanna atá lonnaithe sa Ghaeltacht iarratas a dhéanamh ar aitheantas mar scoileanna Gaeltachta. Chun aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta beidh ar scoileanna feidhmiú go hiomlán trí mheán na Gaeilge (seachas an curaclam don Bhéarla agus teangacha eile) mar atá leagtha amach i dTábla 1. Cuirfear ar chumas na scoileanna an t-aitheantas seo a bhaint amach trí phróiseas céimneach, incriminteach thar thréimhse cúig bhliana*”.

Tá léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag an dá bhunscoil san LPT. De bharr inniúlacht Ghaeilge na bpáistí i Scoil Mhic Dara agus i Scoil Mhuire agus de bharr polasaí tumoideachais a bheith sa dá scoil cheana féin, feictear don dá scoil nach mbeidh aon deacracht acu aitheantas mar scoileanna Gaeltachta a bhaint amach.

Faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta freisin *“beidh deis ag scoileanna Gaeltachta aitheanta freisin chun bheith ina Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge i gcomhar le cláir ghradaim reatha agus nua”*⁴. Tá fáilte curtha ag Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire roimh an deis le bheith ina Scoileanna Gaeltachta Barr Feabhais.

Mar léiríonn an t-eolas thuasluaite maidir le SLG, bhí laghdú ag teacht ar líon na dteaghlach a thuill an deontas iomlán faoi Scéim Labhairt na Gaeilge de réir mar a bhí an scéim ag teacht chun críche. Tá sé curtha in iúl ag na príomhoidí sa dá bhunscoil go bhfuil labhairt na Gaeilge i measc na bpáistí i gclós na scoile ina ábhar imní agus bheadh sé inmholta cleachtas bainistithe teanga a fheidhmiú i gclósanna na mbunscoileanna mar a leanas:

- Bheadh na naíonáin bheaga faoi stiúir múinteora nó cúntóra i bpáirt amháin den chlós agus ní bheadh cead ach Gaeilge amháin a labhairt sa gcuid sin den chlós. Threiseofaí ar úsáid na Gaeilge i measc na bpáistí.
- An bhliain dár gcionn, bheadh na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra i gclós amháin nó i bpáirt den chlós le chéile agus gan ach Gaeilge amháin á labhairt sa gclós sin.
- An tríú bliain, bheadh na naíonáin bheaga, na naíonáin mhóra agus rang a haon sa gclós “lán-Ghaeilge” seo.
- Bheadh an scéal amhlaidh le rang a dó.

Faoin tráth seo, bheadh nósmaireacht iompar teanga bunaithe i gclós na scoile agus ní bheadh ach Gaeilge amháin sa gclós. Dá gcuirfí an cleachtas bainistithe teanga sa gclós i bhfeidhm, bheadh an clós uilig ag labhairt Gaeilge in imeacht ceithre

bliana. Faoin tráth a mbeadh rang a sé ag dul ar aghaidh chuig Scoil Chuimsitheach Chiaráin, bheadh nósmaireacht láidir labhairt na Gaeilge acu sa gclós. Dá gcuirfí an polasaí seo i bhfeidhm i ngach bunscoil in abhantrach Scoil Chuimsitheach Chiaráin, bheadh éifeacht mhór aige ar iompar teanga na scoláirí faoin tráth a dtosódís ar meánscoil agus bheadh bonn láidir faoina n-iompar teanga ag an tráth sin. Bheadh tacaíocht bhreise ó thaobh maoirseacht sa gclós ag teastáil ó na scoileanna leis an bpolasaí clóis a chur i bhfeidhm. Idir Pholasaí Oideachais Gaeltachta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus cleachtas sonrach teanga sa gclós, chabhródh sé go mór lena chinntiú gurb í an Ghaeilge teanga oibre agus teanga shóisialaithe na scoile.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaí teagmháil le tuismitheoirí óga a mbeidh páistí leo ag freastal ar scoileanna san LPT agus pacáiste eolais a sheoladh chucu ag tabhairt eolais ar thábhacht na Gaeilge d’fhorbairt agus do dhul chun cinn an pháiste. D’fheadfaí forbairt a dhéanamh ar an bpacáiste eolais seo i gcomhréir leis an modh éifeachtach seachadta eolais maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoirí agus a bpáistí, atá molta níos luaithe sa gcáipéis seo.

Dúshlán

An dúshlán is mó atá ag bunscoileanna an cheantair i leith na teanga ná líon na bpáistí atá á dtógáil le Gaeilge sa mbaile mar aon le caighdeán labhartha Gaeilge na bpáistí. Mar atá luaite, tá sé aitheanta sa dá bhunscoil gur ábhar imní é labhairt na Gaeilge i gclós na scoile. Dúshlán eile é caighdeán na Gaeilge a labhraíonn na páistí eatarthu féin agus tá an fhadhb seo aitheanta againn freisin sa naíonra. Deir an dá bhunscoil gur córas éifeachtach é córas na gcúntóirí teanga sa dá bhunscoil ó thaobh saibhriú na Gaeilge i measc na bpáistí ach nach leor cúntóir amháin i ngach scoil mar atá faoi láthair. D’oirfeadh sé go mbeadh Scéim na gCúntóirí Teanga bunaithe ar chóras coibhneasa ionas nach mbeadh bunscoileanna móra thíos leis. Mar atá an scéim faoi láthair, cuirtear cúntóir teanga amháin ar fáil do bhunscoileanna gan aon tagairt do líon na bpáistí atá sa scoil.

⁴ Féach Tábla 1: Critéir d’aitheantas mar scoil Ghaeltachta, Polasaí don oideachas Gaeltachta 2017-2022

BEARTA DON BHUNOIDEACHAS

1.8 Ceapacháin			
Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Go gcinnteofaí gur múinteoirí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais nó ar a laghad go bhfuil fionscorth na Gaeilge acu a cheapfaí sa scoil ar mhaithe le hardchaighdeán Gaeilge a chinntiú. Go leasófaí an córas painéil múinteoirí ionas nach mbeadh brú ar scoileanna múinteoirí nach bhfuil Gaeilge líofa acu a fhostú.		
Aidhm	Go mbeadh Gaeilge den scoth ag gach múinteoir i ngach bunscoil		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Príomhoide Scoil Mhic Dara, Príomhoide Scoil Mhuire, Boird Bhainistíochta Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; Coistí Tuismitheoirí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Saolré	Bliain 1: Aontú plean comhtháite laistigh den dá scoil maidir le polasaí ceapacháin Bliain 1- 7: Feidhmiú an pholasaí ceapacháin: Athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Go mbeadh polasaí sonracha aontaithe ag Boird Bhainistíochta na mbunscoileanna maidir le ceapachán múinteoirí le Gaeilge ó dhúchas		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	An polasaí a chur i bhfeidhm gan cheist		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Is fiú tacaíocht a éileamh ón Aonad Oideachais Gaeltachta, An Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le ceapacháin múinteoirí. Is fiú freisin tacaíocht a lorg ón Roinn Oideachais agus Scileanna ionas nach mbeadh brú ar scoileanna Gaeltachta múinteoirí gan Gaeilge den scoth, atá ar an bpainéal, a fhostú i scoileanna Gaeltachta. An CPT a choinneáil ar an eolas faoi gach teagmháil leis na páirtithe éagsúla		

1.9 Bainistiú Teanga sa gClós

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Cleachtas bainistithe teanga i gclós na scoile a fheidhmiú ionas go mbeadh na páistí ar fad ag labhairt Gaeilge go nádúrtha sa gclós laistigh de sheal blianta. Féach an léargas air seo níos luaithé. Moltar go mbeadh cluichí clóis ullmhaithe roimh ré agus á múineadh do na páistí. Thiocfadh téarmaíocht Ghaeilge i gceist anseo ó thaobh imirt peile agus cluichí eile.		
Aidhm	Go mbeadh an Ghaeilge ina teanga chumarsáide go nádúrtha ag páistí an dá scoil		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide Scoil Mhic Dara/ Príomhoide Scoil Mhuire agus CCMD Páirtithe Leasmhara: Boird Bhainistíochta Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; Coistí Tuismitheoirí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; An Roinn Oideachais agus Scileanna; Muintearas		
Saolré	Bliain 1: Aontú plean comhtháite laistigh den dá scoil maidir le polasaí Gaeilge i gclós na scoile Bliain 2- 7: Feidhmiú plean comhtháite laistigh den dá scoil maidir le polasaí Gaeilge i gclós na scoile		
Costas measta iomlán:	€58,240		
Costas measta in aghaidh na bliana	€8320 Tá an costas seo bunaithe ar thuarastal cúntóra teanga	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Páistí bunscoile a bheith ag sóisialú go nádúrtha trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cleachtais sóisialú teanga i gclós na scoile a fheidhmiú ionas go mbeidh páistí ag labhairt Gaeilge go nádúrtha eatarthu féin		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cuir Cúntóir Teanga breise ar fáil sna scoileanna le cabhrú le múinteoirí an cleachtas nua a chur i bhfeidhm sa gclós. Spreagadh a thabhairt d'fhoirne na scoileanna a bheith dúthachtach sa gcleachtas nua. Athbhreithniú iomlán ar an gcleachtas ag deireadh bhliain 3		

1.10 Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Go gcomhlíonfaidh Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire na critéir a bhaineann le Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 le haitheantas mar Scoil Ghaeltachta a chinntiú. Go mbeadh na bunscoileanna ina Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Aidhm	Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire a bheith aitheanta mar scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide Scoil Mhic Dara/ Príomhoide Scoil Mhuire agus CCMD Páirtithe Leasmhara: Boird Bhainistíochta Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; Coistí Tuismitheoirí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Saolré	Bliain 1: Tús a chur le feidhmiú critéir na Roinne Oideachais agus Scileanna Bliain 2- 7: Athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Bunscoileanna an LPT a bheith aitheanta mar Scoileanna Gaeltachta de réir an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Páistí a bheith ag labhairt Gaeilge go nádúrtha ag baile agus i gclós na scoile Modh éifeachtach a bhunú agus a bhainistiú maidir le hiompar teanga ag baile idir an tuismitheoir agus an páiste		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Léiriú suime sa bpolasaí a léiriú láithreach Iarratas a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tuismitheoirí a chur ar an eolas agus a spreagadh. Páirt ghníomhach a ghlacadh sa bhFóram Oideachais.		

1.11 Seachadadh Teanga ag Baile

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Modh éifeachtach a fhorbairt maidir le hiompar teanga sa mbaile idir tuismitheoir agus páiste. Pacáistí eolais maidir le tábhacht na Gaeilge don pháiste a sheoladh chuig gach tuismitheoir sula dtosaíonn an páiste ar an mbunscoil mar atá molta i mBeart 1.7		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith ina teanga chumarsáide sa teaghlach		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD, Scoil Mhic Dara, Scoil Mhuire, Tuismitheoirí na Gaeltachta Páirtithe Leasmhara: Boird Bhainistíochta Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; Coistí Tuismitheoirí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; ÚnaG, An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Saolré	Bliain 1: Comhpháirtíocht a chothú le saineolaithe oideachais ar chleachtais iompar teanga Bliain 2: Modh seachadta/pacáiste eolais a fhorbairt Bliain 3: An modh oibre nua/pacáiste eolais a sheachadadh agus a roinnt le bunscoileanna eile Gaeltachta Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta ar an modh oibre/bpacáiste eolais		
Costas measta iomlán:	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.7		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.7	Foinsí Maoinithe	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.7
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gaeilge a bheith ag na páistí ag teacht chun na scoile Tuiscint a bheith ag tuismitheoirí óga ar thábhacht na Gaeilge dá bpáistí Páistí bunscoile a bheith ag labhairt na Gaeilge mar chéad teanga		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Modh éifeachtach a bhunú agus a bhainistiú maidir le hiompar teanga ag baile idir an tuismitheoir agus an páiste		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú a dhéanamh le ceanneagraíochtaí eile le dul i mbun taighde. Tabharfar cuireadh do cheanneagraíochtaí eile a bheith páirteach sa tionscnamh. Bunófar grúpa oibre le ballraíocht ó na páirtithe ar fad. Cuirfear taifead ar an dul chun cinn ar fáil do na ceanneagraíochtaí a bheidh páirteach sa togra agus d'ÚnaG. Beidh CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus an eaglais áitiúil lárnach i ndáileadh pacáistí eolais nuair a bheidh a leithéid ar fáil.		

1.12 Cúntóirí Teanga

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,8,9
Eolas breise	Go leasófaí an córas Cúntóirí Teanga le go mbeidh leas níos fearr ar an gcóras ag scoileanna móra. Moltar an córas atá ann maidir le riar na gcúntóirí teanga ar na scoileanna a chur ar bhonn coibhneasa agus in ionad cúntóir teanga amháin do gach scoil go mbeadh líon na gcúntóirí teanga bunaithe ar líon na bpáistí sa scoil. Moltar go gcuirfí cúrsaí oiliúna ar fáil do chúntóirí teanga go tráthrialta. Go ndéanfaí an scéim níos cinnte agus níos leanúnaí, réidh le tosú ag tús na scoilbhliana seachas scoileanna a bheith ag fanacht agus ag dréachtadh pleananna ag tús mhí Dheireadh Fómhair agus an scéim ag teacht chun críche i mí an Aibreáin mar atá. Níor mhiste go bhfostófaí múinteoirí cáilithe don obair thábhachtach seo mar a dhéantar faoin scéim d'imirce a mbíonn deacrachtaí acu leis an mBéarla.		
Aidhm	Cúntóirí Teanga a bheith ar fáil do Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire i gcoibhneas le líon na bpáistí sa scoil seachas cúntóir teanga amháin do gach scoil mar atá		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD, Muintearas Páirtithe Leasmhara: Príomhoidí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire, Boird Bhainistíochta Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; Coistí Tuismitheoirí Scoil Mhic Dara agus Scoil Mhuire; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Córas leasaithe Cúntóirí Teanga a aontú Bliain 1-7: Córas leasaithe Cúntóirí Teanga a fheidhmiú; Athbhreithniú bliantúil		
Costas measta iomlán:	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9	Foinsí Maoinithe	Tá an costas san áireamh i mBeart 1.9
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Tacú le saibhriú teanga páistí bunscoile		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Soláthar dóthanach cúntóirí teanga a bheith ar fáil do gach scoil		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tacaíocht a fháil ó Mhuintearas le cúntóirí breise a chur ar fáil. Tacú le Muintearas maoiniú breise a aimsiú. Comhoibriú le ceannagraíochtaí eile a bhfuil an mhian chéanna acu. Gníomhú i gcomhar leis an bhFóram Oideachais.		

MEÁNOIDEACHAS

Tá Scoil Chuimsitheach Chiaráin ag cur oideachas meánscoile ar fáil do phobal leathan i ndeisceart Ghaeltacht Chonamara ó 1966. Ní ar phobal na Ceathrún Rua amháin atá an scoil ag freastal. Síneann abhantrach na scoile ó Ros an Mhíl go ceantar na nOileán. Sa scoilbhliain 2016/2017 tá 320 scoláire ag freastal ar Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Tá 31 post múinteoireachta sa scoil.

Tá sár-chaighdeán oideachais ar fáil sa scoil agus tá torthaí acadúla na scoláirí ar chomhchéim nó níos airde ná mar atá i meánscoileanna ar fud na tíre. Tá Craobhacha na hÉireann sa díospóireacht, sa drámaíocht agus in imeachtaí spóirt bainte amach ag an scoil i gcaitheamh na mblianta. Scoil lán-Ghaeilge í Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

Mar chuid den taighde don phlean teanga seo eagraíodh grúpa fócais i measc scoláirí Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Eagraíodh an grúpa fócais i gcomhar le Príomhoide na scoile, Seán Mac Donncha, agus an múinteoir, Cormac Ó Comhraí. Ghníomhaigh Tomás Mac Con Iomaire mar chomhordaitheoir ar an ngrúpa fócais. Tháinig rang idirbhliana na scoile le chéile i mí Dheireadh Fómhair 2015 agus roghnaíodh ochtar don ghrúpa fócais. Bhí trí sheisiún ag Tomás Mac Con Iomaire, Seán Mac Donncha agus ag Cormac Ó Comhraí leis an ngrúpa. Ba é aidhm an ghrúpa fócais díriú ar iompar teanga na scoláirí:

- ag baile
- ar scoil agus ina
- saol sóisialta

Rinneadh ceistneoir⁵ a dhearadh agus scaip agus bhailigh an grúpa fócais an ceistneoir sin. Fuair scoláirí ó bhliain a haon go bliain a sé an ceistneoir. Ghlac 45% de scoláirí na scoile páirt sa suirbhé. Fuarthas 138 ceistneoir líonta ar ais - 81 ó chailíní agus 57 ó bhuachaillí. Léiríonn an suirbhé go bhfuil 70% de na scoláirí ag sóisialú le chéile go dátheangach ach níl ach 14% acu ag sóisialú go hiomlán trí Bhéarla agus 15% go hiomlán trí Ghaeilge.

Cén teanga a labhraíonn tú le do chairde?

Gaeilge amháin	15%
Gaeilge agus Béarla	70%
Béarla amháin	14%

Feiceann muid ón taighde a rinne an Grúpa Fócais sa scoil go bhfuil an dá theanga á gcleachtadh ag céatadán ard de na scoláirí.

Léiríonn an taighde go dtagann úsáid an dá theanga ón nósmaireacht bhaile agus pátrún sóisialaithe na scoláirí, agus dá réir, léiríonn sé an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a bheith mar a gcéad teanga ag na scoláirí sula dtagann siad chun na meánscoile.

Cé go dtugann an suirbhé le fios go bhfuil 78% de na daltaí compordach comhrá a bheith acu i nGaeilge faoi chúrsaí sóisialta agus go bhfuil 75% acu compordach ag plé cúrsaí an tsaoil trí Ghaeilge, mar sin féin tá 61% acu ag sóisialú go dátheangach i gclós na scoile agus níl ach 21% acu ag sóisialú trí Ghaeilge amháin i gclós na scoile.

An mbíonn deacracht agat leis na rudaí seo:

	Bíonn	Ní bhíonn
Comhrá i nGaeilge faoi chúrsaí sóisialta	22%	78%
Na focail chearta a aimsiú i nGaeilge	30%	68%
Cluichí a imirt trí Ghaeilge	20%	77%
Cúrsaí an tsaoil a phlé trí Ghaeilge	22%	75%
Cláracha raidió agus teilifíse a phlé trí Ghaeilge	22%	77%

Foinse: Suirbhé Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015

Le linn na hoibre leis an ngrúpa fócais, ní raibh aon fhreagra deimhneach ag na scoláirí ar an údar go bhfuil an oiread acu ag labhairt Béarla eatarthu féin seachas go dtagann sé go nádúrtha leo. Ní léir

⁵ Ceistneoir agus torthaí le fáil in Aguisín 3 agus 4



go bhfuil tuiscint acu féin cén chaoi a ndéanann siad an t-idirdhealú idir an dá theanga agus iad i mbun sóisialaithe. Thug siad le fios nach léir dóibh go ndéanann siad cinneadh iompú ó Ghaeilge go Béarla mar go dtagann sé go nádúrtha leo. Bíonn deacracht ag 30% acu na focail chearta a aimsiú i nGaeilge, ach thairis sin níl deacracht ag 75% de na scoláirí a bheith i mbun sóisialaithe i nGaeilge.

Thug na scoláirí le fios gur ábhar bróid dóibh a bheith ag Gaeilgeoireacht ar pháirc na himeartha nó ar an stáitse agus iad i gcoimhlint lasmuigh den Ghaeltacht.

An bhfuil tú bródúil as an nGaeilge?

Tá 93%

Níl 3%

Foinse: Suirbhé Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015

Tugann na figiúirí maidir le bród i leith na teanga le fios go bhfuil deis dul i bhfeidhm ar dhaoine óga ó thaobh úsáid na Gaeilge. Níor mhiste córas cinnreachta a bhunú sa scoil, i gcomhar leis na daltaí iad féin, le go mbeadh siad mar thaca dá chéile agus ag misniú a chéile ar mhaithe le níos mó Gaeilge a úsáid ina saol sóisialta agus príobháideach.

De réir an *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* “*tá sonrúcháin idirdhealaithe á bhforbairt don Ghaeilge sa tsraith shóisearach*”. Tá léiriú spéise sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Is scoil lán-Ghaeilge í Scoil Chuimsitheach Chiaráin.

Dúshlán

Is mór iad dúshlán aon mheánscoil sa tír - dúshlán oideachais, dúshlán shóisialta, iompar pearsanta na scoláirí - ach anseo san LPT seo tá dúshlán na teanga ann freisin. Ní i Scoil Chuimsitheach Chiaráin a thosaíonn an dúshlán sin. Mar atá léirithe againn go dtí seo, tá na dúshlán sin ag an naíonra agus ag na bunscoileanna agus ní foláir céimeanna straitéiseacha a ghlacadh le tabhairt fúthu. Sular féidir tabhairt fúthu, ní foláir aitheantas a thabhairt do dhúshlán iompar Gaeilge na ndaoine óga agus straitéis a chur i gcrích a thógfaidh san áireamh an córas oideachais ar fad ón naíonra ar aghaidh de réir na moltaí maidir le Fóram Oideachais. Dúshlán mór eile é sóisialú na ndaoine óga lasmuigh den chóras oideachais. Moltar go gcinnteodh an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeadh soláthar rialta múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge ar fáil do scoileanna Gaeltachta.

BEARTA DON MHEÁNOIDEACHAS

1.13 Soláthar Múinteoirí le hArdchaighdeán Gaeilge

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	I bhfianaise na ndeacrachtaí atá ag iarbhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge agus iarbhunscoileanna Gaeltachta múinteoirí a earcú, Scoil Chuimsitheach Chiaráin san áireamh, moltar go bhforbrófaí an Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) mar atá sonraithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta, ar mhaithe le go mbeadh soláthar céimithe ar fáil le socrúchán/poist a bhaint amach in iarbhunscoileanna Gaeltachta ex quota		
Aidhm	Soláthar múinteoirí le Gaeilge líofa a bheith ar fáil do Scoil Chuimsitheach Chiaráin agus do scoileanna eile Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD, An Roinn Oideachais agus Scileanna Páirtithe Leasmhara: Príomhoide/Bord Bainistíochta Scoil Chuimsitheach Chiaráin		
Saolré	Bliain 1: Aontú idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe oideachais tríú leibhéal Blain 2:-7: Soláthar múinteoirí cáilithe. Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Soláthar rialta múinteoirí le hardchaighdeán Gaeilge a bheith ar fáil		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Polasaí don Oideachas Gaeltachta a chur i bhfeidhm		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Éileamh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna an Clár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) a fhorbairt agus a fheidhmiú Gníomhú i gcomhar leis an bhFóram Oideachais		

1.14 Córas Cinnireachta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Córas cinnireachta a eagrú i measc na scoláirí le meas ar an nGaeilge a chruthú. Níor mhiste ról cinnireachta a thabhairt do scoláirí atá gníomhach in imeachtaí spóirt agus sóisialta. Tharlódh sé go mbeadh glacadh ag déagóirí le nósmaireacht a chruthóidís féin seachas nósmaireacht a bheadh á “brú” orthu ag múinteoirí. Ba chabhair é an soláthar múinteoirí faoin gClár Oiliúna Tosaigh Múinteoirí (OTM) atá sonraithe i mBeart 1.13 leis an gcóras cinnireachta seo a fheidhmiú. Moltar go mbeadh scoláirí idirbhliana le dea-Ghaeilge ag caitheamh tréimhsí taithí oibre mar “laochra Gaeilge” sna bunscoileanna. Dea-shampla a bheadh iontu do na páistí óga. Chothódh seo ceangal láidir teanga idir bunscoileanna agus SCC.		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide agus Bord Bainistíochta Scoil Chuimsitheach Chiaráin Páirtithe Leasmhara: CCMD, Coiste Tuismitheoirí SCC; Scoláirí na scoile		
Saolré	Bliain 1: Córas cinnireachta a aontú le foireann agus le scoláirí Bliain 2- 7: Feidhmiú córas cinnireachta; Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€3,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€500 i gcomhair duaiseanna	Foinsí Maoinithe	Comharchumann Mhic Dara
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córais a chur i bhfeidhm i SCC a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Caidreamh dearfach a chothú le scoláirí leis an gcóras a fheidhmiú Tacaíocht rialta ón Oifigeach Pleanála Teanga do Scoil Chuimsitheach Chiaráin Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

1.15 Post Freagartha

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Post freagartha foirne a chruthú arb é dualgas an phoist polasaí Gaeilge na scoile a dhaingniú agus a chur chun cinn ar bhonn leanúnach. Bheadh an “post” seo freagrach freisin as riaradh an chórais cinnireachta scoláirí		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide agus Bord Bainistíochta Scoil Chuimsitheach Chiaráin; CCMD Páirtithe Leasmhara: Foireann SCC; Coiste Tuismitheoirí SCC; An Roinn Oideachais agus Scileanna		
Saolré	Bliain 1: Post freagartha foirne a aontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna/Bord Bainistíochta; Bliain 2- 7: Feidhmiú post freagartha foirne; Athbhreithniú bliantúil		
Costas measta iomlán:	€37,750		
Costas measta in aghaidh na bliana	€5250. Bunaithe ar rátaí na Rinne Oideachais agus Scileanna	Foinsí Maoinithe	An Roinn Oideachais agus Scileanna
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córais a chur i bhfeidhm i SCC a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú a fháil le Bord Bainistíochta SCC agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

1.16 Laochra Teanga

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Scéim laochra teanga a chothú sa scoil ina n-eagrófaí cainteanna agus cur i láthair ó iar-scoláirí agus daoine eile sa bpobal a chuirfeadh in iúl an luach eacnamúil, cultúrtha agus féiniúlachta a bhaineann leis an teanga		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide agus Bord Bainistíochta Scoil Chuimsitheach Chiaráin, CCMD Páirtithe Leasmhara: Coiste Tuismitheoirí SCC; Iarscoláirí na scoile		
Saolré	Bliain 1-7: Cainteanna ó iar-scoláirí ar luach eacnamúil, cultúrtha agus féiniúlachta na Gaeilge		
Costas measta iomlán:	€7000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1000	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cuireadh d'iarscoláirí agus do dhaoine óga eile sa bpobal labhairt leis na scoláirí faoi thábhacht na teanga ó thaobh féinmhuinín agus dul chun cinn sa saol		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Oifigeach Pleanála Teanga i gcomhar le SCC le hiarscoláirí agus laochra teanga a aimsiú Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le príomhoide SCC agus leis an bpost freagartha go míosúil Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

1.17 Na Meáin Shóisialta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Seisiúin eolais rialta ar théarmaí meán sóisialta, téacsáil etc. i nGaeilge agus comórtais a eagrú idir na scoláirí ar mhaithe le taithí a thabhairt dóibh ar úsáid na meán sóisialta i nGaeilge agus a gcuid cruthaitheachta a thabhairt chun cinn trí mheán na Gaeilge. B'fhiú duaiseanna tarraingteacha, urraithe ag comhlachtaí áitiúla/teileachumarsáide, a chur ar fáil.		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith lárnach i saol acadúil agus sóisialta na scoláirí		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/ Scoil Chuimsitheach Chiaráin Páirtithe Leasmhara: Coiste Tuismitheoirí SCC; Post Freagartha Gaeilge i SCC; Scoláirí na scoile; Gnólachtaí áitiúla		
Saolré	Bliain 1: Seisiúin/ranganna ar úsáid na Gaeilge sna meáin shóisialta a phleanáil agus a aontú le scoláirí SCC Bliain 2- 7: Seisiúin/ranganna a eagrú agus a fheidhmiú; Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	An costas san áireamh i mBeart 1.14		
Costas measta in aghaidh na bliana	An costas san áireamh i mBeart 1.14	Foinsí Maoinithe	CCMD, Gnólachtaí áitiúla
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	An t-aos óg a spreagadh le Gaeilge a labhairt go nádúrtha ina saol scoile agus ina saol sóisialta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córais a chur i bhfeidhm i SCC a léireoidh meas agus cion ar an teanga		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ról lárnach ag an Oifigeach Pleanála Teanga i gcomhar le príomhoide SCC agus leis an bpost Freagartha i gcur chun cinn an togra seo. Is fiú teacht i dtír ar shaineolas iarscoláirí agus saineolaithe eile theicneolaíocht an eolais sa bpobal. Tuairiscí ar an dul chun cinn curtha ar fáil don Fhóram Oideachais.		

1.18 Aitheantas mar Scoil Ghaeltachta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,10
Eolas breise	Pleanáil a dhéanamh i Scoil Chuimsitheach Chiaráin a chinnteoidh aitheantas na scoile mar Scoil Ghaeltachta de réir an Pholasáí don Oideachas Gaeltachta		
Aidhm	Scoil Chuimsitheach Chiaráin a bheith aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar Scoil Ghaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Príomhoide/Bord Bainistíochta Scoil Chuimsitheach Chiaráin Páirtithe Leasmhara: CCMD, An Roinn Oideachais agus Scileanna; Coiste Tuismitheoirí SCC		
Saolré	Bliain 1: Cruinnithe le foireann na scoile maidir le haidhm na scoile a bheith ina Scoil Ghaeltachta; Cruinnithe le tuismitheoirí na scoile Bliain 2-7: Comhráite/cruinnithe/comhaontuithe leis an Roinn Oideachais agus Scileanna; Aitheantas a bhaint amach mar Scoil Ghaeltachta		
Costas measta iomlán:	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Aitheantas a lorg agus a chinntiú do SCC mar Scoil Ghaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Critéir na Roinne Oideachais agus Scileanna a chomhlíonadh		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Treoirilínte na Roinne Oideachais agus Scileanna a leanúint Iarratas a dhéanamh nuair a thagann an t-am cuí. Tuismitheoirí a chur ar an eolas agus a spreagadh. Páirt ghníomhach a ghlacadh sa bhFóram Oideachais.		

ACADAMH NA hOLLSCOLAÍOCHTA GAEILGE

Bunaíodh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi choimirce Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2004, chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe na gcúrsaí trí Ghaeilge, do ghníomhaíocht taighde agus do sheirbhísí eile. Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge clár chéime agus iarchéime ar fáil do mhic léinn ar mian leo cáilíocht chéime/iarchéime a bhaint amach sna réimsí seo a leanas;

- Cumarsáid - Craoltóireacht Raidió agus Teilifíse
- Léann an Aistriúcháin

- Ateangaireacht
- Pleanáil Teanga agus
- Teicneolaíocht Faisnéise

Tá suas le 20 ball foirne lánaimseartha - idir fhoireann teagaisc agus tacaíochta - fostaithe ag OÉ Gaillimh ar an gCeathrú Rua (2017). Fostaítear suas le 35 (2017) teagascóir páirtaimseartha ar an gCeathrú Rua le linn na bliana acadúla. I nGaeilge go hiomlán a reáchtáiltear gnóthaí Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Cúrsa (Leibhéal Soláthair)	Líon Mac Léinn 2016/2017
Cúrsaí Oideachais Phobail (Leibhéal 7)	18
Cúrsaí Céime (Leibhéal 8) BA (Cumarsáid)	31
Cúrsaí Iarchéime (Leibhéal 9) MA (Cumarsáid)	9
Mic Léinn ó Ollscoileanna eile, ina measc Ollscoil na hÉireann Baile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Coláiste na Tríonóide	120
Foghlaimoirí Idirnáisiúnta Gaeilge	55
Ábhar Oidí ar Thréimhsí Foghlama Gaeltachta (Coláistí Oideachais)	600
Tumchúrsaí, Sainchúrsaí agus Dianchúrsaí	89
Iomlán na Mac Léinn	922

Foinse: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge

Is ar an gCeathrú Rua a chuireann mórchuid de na mic léinn seo fúthu le linn a gcuid cúrsaí léinn. Cuireann an rannpháirtíocht seo go mór le dinimicí teanga an phobail agus tagann na mic léinn i dtír ar eispéireas sainiúil foghlama a bhuíochas de mhuintir na háite. Cuireann an ghníomhaíocht seo go suntasach le geilleagar an cheantair i dtéarmaí lóistín, cóiríochta, imeachtaí siamsaíochta agus caiteachais phearsanta sa gceantar. Cuireann na himeachtaí léinn agus caithimh aimsire a eagraítear do na mic léinn le gréasáin shóisialta an bhaile chomh maith.

Is áiseanna ilfheidhmí pobail iad áiseanna Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge de bharr na hinfeistíochta atá déanta ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta san ollscolaíocht

Ghaeilge. Baintear úsáid as áiseanna an Acadaimh d'imeachtaí a eagraíonn Cumann Béaloidis Chonamara mar shampla agus déanann pobal Chonamara Theas freastal rialta ar léachtaí agus imeachtaí oideachasúla eile san Ionad.

Aithnítear freisin go bhfuil sciar den phobal, más beag féin é, nach bhfuil Gaeilge ar a dtail acu. Cuireann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cúrsaí sealbhaithe teanga ar fáil d'fhoghlaimoirí ab initio agus foghlaimoirí idirnáisiúnta. Tá clár forbartha teagaisc ag leibhéil A2, B1 agus B2 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha atá feiliúnach dóibh siúd atá ag iarraidh an Ghaeilge a shealbhú. Cuirtear An Dioplóma sa Ghaeilge, cáilíocht ollscoile ag leibhéal 7 den Chomhchreat Náisiúnta Cáilíochtaí, ar fáil ag brath ar éileamh,

beart a chuidíonn leis an sealbhú teanga agus a threisiúnn an gréasán inniúlachta teanga san LPT.

Is in Ionad an Acadaimh a dhéantar an t-aon chlár oideachais pobail i gConamara Theas a reáchtáil i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Deis thábhachtach atá sa gclár léinn rochtana Ollscoile do phobal an cheantair san Ionad freisin a chuidíonn leo siúd ar mian leo filleadh ar an oideachas nó triail a bhaint as an oideachas tríú leibhéal ar bhealach struchtúrtha agus cuiditheach. Cuirtear na cláir seo ar fáil trí mheán na Gaeilge agus is mic léinn áitiúla iad rannpháirtithe na gclár.

Méadófar ar líon na mac léinn a bheidh ag freastal ar an Ionad le linn mhíonna an gheimhridh ón mbliain acadúil 2016-2017 ar aghaidh de bharr go mbeidh Seimeastar Gaeltachta á thairiscint ag OÉ Gaillimh san Ionad do mhic léinn na gclár seo a leanas:

BA sa Chumarsáid agus Gaeilge

BComm le Gaeilge

BA (Gaeilge)

Forbairt shuntasach don oideachas ollscoile trí Ghaeilge é seo agus táthar ag súil go mbeidh suas le 50 mac léinn ag caitheamh seimeastair iomláin

san Ionad dá bharr. Éileoidh an clár léinn a bheidh á leanúint ag na mic léinn seo go dtabharfaidís tús áite don sealbhú teanga. Beidh scéim socrúcháin oibre á feidhmiú mar chuid den chúrsa staidéir agus is í sprioc an tSeimeastair Ghaeltachta go gcuirfidh mic léinn OÉ Gaillimh barr feabhais ar a gcumas teanga trí theagasc struchtúrtha sa nGaeltacht ach trí bheith ag foghlaim i measc phobal na Ceathrún Rua chomh maith céanna. Meastar go mbeidh dea-thionchar ag an bhforbairt seo ar bhuanú agus seachadadh san LPT agus go gcuirfear le cáil an cheantair mar ionad barr feabhais don sealbhú teanga ar an tríú leibhéal go náisiúnta.

Dúshláin

Is iad na dúshláin a bhaineann leis an ollscolaíocht Ghaeilge i gceantar na Ceathrún Rua ná rannpháirtíocht shásúil sheasmhach a chinntiú ar chlár léinn ó cheann ceann na bliana; deimhin a dhéanamh de líon na dteaghlach a bhíonn sásta lóistín a chur ar fáil; feasacht chuí teanga ar fud sheirbhísí agus gnólachtaí an bhaile le go mbeadh eispéireas iomlán sealbhaithe teanga ar fáil do rannpháirtithe cúrsa; bainistíocht a dhéanamh ar iompar teanga rannpháirtithe cúrsa agus clár imeachtaí sóisialta a reáchtáil i gcomhar leis an bpobal a chuirfeadh le gréasáin úsáide teanga taobh amuigh den teaghlach agus den chóras oideachais don LPT trí chéile.

BEARTA DON OIDEACHAS TRIÚ LEIBHÉAL

1.19 Leanúint leis an Soláthar Reatha			
Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,9,10,14
Eolas breise	Go leanfaí leis an soláthar reatha a chuireann OÉ Gaillimh ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua agus go gcuirfí leis an soláthar sin		
Aidhm	Oideachas agus cáilíochtaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bheith ar fáil i dtimpeallacht Ghaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Páirtithe Leasmhara: An tÚdarás Um Ardoideachas; An Roinn Oideachais agus Scileanna; CCMD; RCOG; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1-7: Athbhreithniú bliantúil		
Costas measta iomlán:	Tá an costas san áireamh i mbuiséad bliantúil an Acadaimh		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas san áireamh i mbuiséad bliantúil an Acadaimh	Foinsí Maoinithe	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge; OÉG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Oideachas agus cáilíochtaí tríú leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge i dtimpeallacht Ghaeltachta; clár struchtúrtha sealbhaithe teanga a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil an Ghaeilge acu.		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cloí leis an soláthar reatha agus cur leis an soláthar sa todhchaí		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le Príomhfheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeltachta go rialta Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

1.20 Seimeastar Gaeltachta			
Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	6,9,10,14
Eolas breise	Seimeastar Gaeltachta do mhic léinn sna Dána OÉ Gaillimh a réachtáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua		
Aidhm	Oideachas agus cáilíochtaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bheith ar fáil i dtimpeallacht Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge/Ollscoil na hÉireann, Gaillimh Páirtithe Leasmhara: An tÚdarás Um Ardoideachas; An Roinn Oideachais agus Scileanna; CCMD; RCOG; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Seimeastar Gaeltachta do mhic léinn sna Dána a fhorbairt Bliain 2: Seimeastar Gaeltachta do mhic léinn sna Dána a thosú Bliain 1-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€543,116		
Costas measta in aghaidh na bliana	€77,588 Costas foirne	Foinsí Maoinithe	Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge; OÉG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Oideachas agus cáilíochtaí tríú leibhéal a chur ar fáil trí Ghaeilge i dtimpeallacht Gaeltachta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cloí leis an soláthar reatha agus cur leis an soláthar sa todhchaí		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tús na forbartha a aontú Tuairisc ar dhul chun cinn ag gach cruinniú den Fhóram Oideachais		

OIDEACHAS SPEISIALTA

Tá seirbhísí oideachais speisialta do dhaoine óga agus do dhaoine fásta le riachtanais speisialta ar fáil san LPT. Tá na seirbhísí seo lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrún Rua.

Tigh Nan Dooley

Cuireann Tigh Nan Dooley seirbhís oideachais ar fáil do dhaoine óga le riachtanais speisialta. Is faoi choimirce na Roinne Oideachais agus Scileanna a réachtáiltear Tigh Nan Dooley. Tá an t-ionad faoi phátrúnacht Éirim an Iarthair. Tá 11 fostaithe go lánaimseartha agus beirt go páirtaimseartha san ionad. Tá 15 duine óg ag freastal ar Tigh Nan Dooley (2017). Cuirtear seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil do na scoláirí

Bruach na Mara

Déanann seirbhísí Bhruach na Mara freastal ar dhaoine fásta le riachtanais speisialta ar fud Ghaeltacht Chonamara ó cheantar na bhForbacha chomh fada le Carna. Tá ceanncheathrú na seirbhíse ar an gCeathrú Rua. Tá na seirbhísí faoi stiúir Bhráithre na Carthanachta. Déantar freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta in ionaid na heagraíochta agus freisin ina dtithe cónaithe. Tá 83 fostaithe ag Bruach na Mara agus Cois Cuain agus tá 57 acu sin fostaithe in LPT na Ceathrún Rua (2017). Cuirtear seirbhís trí mheán na Gaeilge ar fáil do na rannpháirtithe.

BEARTA DON OIDEACHAS SPEISIALTA

1.21 Seirbhísí Teagaisc Gaeilge don Óige

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,7,8
Eolas breise	Seirbhísí iomlán trí Ghaeilge a bheith ar fáil Tigh Nan Dooley. Bunaíodh Tigh Nan Dooley ionas go mbeadh oideachas trí Ghaeilge ar fáil do dhaoine le riachtanais speisialta ar de bhunú na Gaeltachta iad. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh foireann iomlán na seirbhíse inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.		
Aidhm	Na seirbhísí oideachas speisialta atá ar fáil san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus foireann iomlán na seirbhísí a bheith inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Tigh Nan Dooley/CCMD Páirtithe Leasmhara: Éirim an Iarthar; An Roinn Oideachais agus Scileanna; Coiste Thuismitheoirí Tigh Nan Dooley		
Saolré	Bliain 1: Polasaí fadtéarmach earcaíochta agus polasaí sonracha Gaeilge a aontú Bliain 2-7: Na polasaithe a fheidhmiú; Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil do gach duine óg san LPT		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Polasaithe teanga a aontú agus a fheidhmiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Polasaí sonracha teanga a aontú le Tigh Nan Dooley Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le Bainisteoir Tigh Nan Dooley go rialta Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 2		

1.22 Seirbhísí Teagaisc Gaeilge do Dhaoine Fásta

Réimse:	1. An Córas Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	5,6,7,8
Eolas breise	Ar mhaithe le freastal ar dhaoine le riachtanais speisialta arb í an Ghaeilge a gcéad teanga ní foláir go mbeadh gach seirbhís i mBruach na Mara ar fáil i nGaeilge. Tá sé tábhachtach dá bhrí sin go mbeadh foireann iomlán na seirbhíse inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge.		
Aidhm	Na seirbhísí oideachas speisialta atá ar fáil san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus foireann iomlán na seirbhísí a bheith inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Bruach na Mara/CCMD Páirtithe Leasmhara: Bráithre na Carthanachta; Coiste Tacaíochta Bhruach na Mara		
Saolré	Bliain 1: Polasaí fadtéarmach earcaíochta agus polasaí sonracha Gaeilge a aontú Bliain 2-7: Na polasaithe a fheidhmiú; Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Oideachas trí Ghaeilge a bheith ar fáil do gach duine san LPT		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Polasaithe teanga a aontú agus a fheidhmiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Polasaí sonracha teanga a aontú le Bruach na Mara Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le Bainisteoir Bhruach na Mara go rialta Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 2		

2

Seirbhísí Cúram Leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

Bunaíodh an chéad seirbhís oideachais do pháistí réamhscoile Gaeltachta ar an gCeathrú Rua sa mbliain 1978. Tháinig forbairt agus fás ar Naíonra Mhic Dara agus sa mbliain 2012 osclaíodh Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua. Comhfhiontar idir ÚnaG agus CCMD a bhí sa togra seo. Chuir ÚnaG foirgneamh ar fáil i monarcha ar Eastát Tionscail na Ceathrún Rua nach raibh in úsáid mar mhonarchan a thuilleadh. Rinne ÚnaG athchóiriú ar an monarcha mar ionad réamhscolaíochta agus tacaíochta do pháistí óga. Bunaíodh comhlacht ar a bhfuil stiúrthóirí áitiúla, a bhformhór tuismitheoirí

a mbíonn páistí leo ag freastal ar áiseanna an Ionaid Cúram Leanaí. Tugann na stiúrthóirí tréimhse trí bliana mar stiúrthóirí. CNNG atá i mbun bainistíochta ar Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua le tacaíocht ó Choiste Tacaíochta áitiúil. Tá cáilíochtaí cuí go Leibhéal 6 FETAC-QQI ag foireann iomlán an naíonra. Tá bainisteoir lánaimseartha fostaithe ag CNNG ar an Ionad Cúram Leanaí. Cuirtear seirbhísí naíolainne, naíonra, seirbhís iar-naíonra agus seirbhís iarscoile ar fáil san ionad. Trí Ghaeilge go hiomlán a dhéantar obair an ionaid.

Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua 2015-2016

Ionad	Líon páistí	Páistí ar cainteoirí dúchais iad	Páistí le Gaeilge mhaith	Páistí le beagán Gaeilge	Páistí le tuiscint ar Ghaeilge	Béarla amháin	Teanga eile
Naíonra Mhic Dara 2015	28	43%	4%	0	25%	28%	0
Naíonra Mhic Dara 2016	38	76%	5%	11%	3%	5%	0
Naíolann 2015	37	38%	0	5%	46%	11%	0
Naíolann 2016	35	37%	3%	3%	54%	3%	0
Iarscoil 2015	14	79%	14%	7%	0	0	0
Iarscoil 2016	10	80%	10%	10%	0	0	0

Foinse: Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Na Dúshlán

Léiríonn an t-eolas ón Ionad Cúram Leanaí go bhfuil líon ard páistí arb í an Ghaeilge a dteanga teaghlaigh ag freastal ar Naíonra Mhic Dara, ar an naíolann agus ar an tseirbhís iarscoile. Dúshlán é a chinntiú go leanfaidh tuismitheoirí san LPT ag tógáil a glann le Gaeilge.

Cé go bhfuil cúrsaí in oiliúint stiúrthóirí naíonra á reáchtáil ag Muintearas, tá easpa stiúrthóirí cáilithe ar fud na Gaeltachta de bharr nach bhfuil na cúrsaí ná an oiliúint seo á reáchtáil ar bhonn rialta. De bharr fás agus forbairt CNNG agus méadú ar ionaid cúram leanaí agus ionaid tacaíochta teaghlaigh, tá

poist bhainistíochta i réimse an luathoideachais ag teacht chun cinn ach tá bainisteoirí oilte agus cáilithe sa réimse luathoideachais, agus/nó bainisteoirí le taithí, an-ghann ar an talamh. Tá cúrsaí tríú leibhéal sna réimsí seo ar fáil ach níl siad

ar fáil i nGaeilge. Tá iarracht ar bun ag CNNG go mbeadh cáilíochtaí tríú leibhéal sa luathoideachas ag foireann iomlán bainistíochta na seirbhíse, ach is trí Bhéarla amháin atá na cúrsaí ar fáil.

BEARTA DO NA SEIRBHÍSÍ CÚRAM LEANAÍ, RÉAMHSCOLAÍOCHTA AGUS TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH, LENA N-ÁIRÍTEAR SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA TEANGA

2.1 Iompar Teanga sa Teaghlach

Is ionann an beart seo agus **Bearta 1.7 agus 1.11**

2.2 Ranganna agus Ciorcal Comhrá			
Réimse:	2. Cúram Leanaí	Critéar Pleanála Teanga	7,8,9,11
Eolas breise	Go gcuirfí ranganna Gaeilge ar fáil do thuismitheoirí óga nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Bheadh béim ar chomhrá leis an bpáiste óg agus ar fhoclóireacht a bhaineann leis an bpáiste.		
Aidhm	Gaeilge a bheith ag na páistí ar theacht chun na naíolainne dóibh		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Cúrsa Gaeilge do thuismitheoirí óga a dhréachtú agus a phleanáil Bliain 2-7: Cúrsa a sheachadadh Bliain 3 -7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€14,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Labhairt na Gaeilge a chothú i measc tuismitheoirí óga		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Ranganna agus ciorcail comhrá do thuismitheoirí óga a eagrú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ranganna/ócáidí/ciorcail comhrá a shocrú a bheidh oiriúnach do dhaoine le leibhéal éagsúla iompar teanga Na ranganna/ócáidí/ciorcail comhrá a eagrú ag amanna agus in ionaid a oireann na rannpháirtithe		

3

Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile

Tá freastal maith ar an óige sa bpobal más spéis leo peil, rugbaí, sacar, rothaíocht, reathaíocht agus imeachtaí eile spóirt. Bíonn an t-ionad buail isteach, Crib na nÓg, oscailte do dhéagóirí dhá thráthnóna sa tseachtain. Faoi stiúir Mhuintearas a eagraítear Crib na nÓg agus tá beirt fostaithe go páirtaimseartha lena reáchtáil. Níl aon chlub óige ná cumann a dhéanann freastal ar pháistí ná déagóirí níos óige sa bpobal. Easnamh fíorshuntasach é seo. Bhíodh club óige sa bpobal ach tá sé tite as a chéile le roinnt blianta. Tá pobal mór daoine óga sa gceantar. Tá 27% de phobal an LPT faoi bhun 19 bliain d'aois de réir Dhaonáireamh na bliana 2016.

An Óige agus an Ghaeilge

Mar a tagraíodh de cheana féin faoin teideal Taighde, eagraíodh (le tacaíocht Scoil Chuimsitheach Chiaráin) grúpa fócais i measc scoláirí na hidirbhliana sa scoil le scrúdú a dhéanamh ar mheon na hóige i leith labhairt na Gaeilge. Aontaíodh córas leis an ngrúpa fócais le taighde a dhéanamh ar iompar teanga i measc a gcomhscoláirí. Ghlac 138 scoláire, 45% den líon iomlán scoláirí, páirt sa taighde - iad roinnte ó bhliain a haon go bliain a sé. Léiríonn an suirbhé go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 93% de scoláirí na scoile. Dúirt 5% de na scoláirí go raibh siad ar bheagán Gaeilge, ach bhain an figiúr seo le bliain a haon agus le bliain a dó amháin. Ó bhliain a dó ar aghaidh, thug gach scoláire le fios go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith acu.

Déan cur síos ar do chumas Gaeilge




Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Teanga Baile


Tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 93% d'óige an cheantair. Mar sin féin, tá sé soiléir ón taighde go gcleachtann céatadán ard úsáid an dá theanga, Gaeilge agus Béarla. 46% den óige a labhraíonn Gaeilge amháin lena dtuismitheoirí agus 15% acu a labhraíonn Gaeilge amháin lena gcairde. Tá 40% acu ag labhairt Gaeilge agus Béarla sa mbaile agus 70% acu ag labhairt Gaeilge agus Béarla lena gcairde.

Fós, feiceann muid gurb í an Ghaeilge an teanga is láidre i measc na hóige. 12% acu atá ag labhairt Béarla amháin le baill dá gclann, 13% acu atá ag labhairt Béarla amháin lena dtuismitheoirí agus 14% acu a labhraíonn Béarla amháin lena gcairde.



Teanga labhartha ag imeachtaí spóirt agus sóisialta lasmuigh den scoil

Tá sé soiléir go bhfuil difríocht mhór in iompar teanga na ndaoine óga le daoine fásta seachas eatarthu féin. Le linn imeachtaí spóirt agus sóisialta, tá an Ghaeilge agus an Béarla á gcleachtadh ag 61% den óige.



Cur in iúl agus mothúcháin

Léiríonn an ghné seo den taighde go bhfuil na daoine óga inniúil go maith ar a gcuid mothúchán a chur in iúl i nGaeilge.

Cur in iúl agus mothúcháin

An mbíonn deacracht agat...

Comhrá i nGaeilge faoi chúrsaí sóisialta



Na focail chearta a aimsiú i nGaeilge



Cluichí a imirt trí Ghaeilge



Cúrsaí an tsaoil a phlé trí Ghaeilge



Cláracha raidió agus teilifíse a phlé trí Ghaeilge



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Léirigh 75% de na scoláirí nach bhfuil deacracht acu iad féin a chur in iúl i nGaeilge.

Tuismitheoirí na Gaeltachta

Tá os cionn 450 teaghlach ó chuile cheard de Ghaeltacht Chonamara cláraithe leis an eagraíocht atá lonnaithe san ionad SPLANC i sráidbhaile na Ceathrún Rua, ionad atá ar cíós ó ÚnaG. Eagraítear imeachtaí do pháistí agus do ghasúir óga san ionad imeachtaí ar nós na healaíona béil, drámaíocht, léitheoireacht agus imeachtaí do thuismitheoirí óga agus a gcuid páistí.

Ghlac 748 gasúr páirt sa Scéim Léitheoireachta a reáchtáladh i rith 2016 agus roinneadh os cionn 2,000 leabhar orthu féin agus a gcuid scoileanna.

Tugadh cúnamh d'fhear na féasóige litreacha a sheoladh chuig 718 gasúr. Ba í seo an ceathrú bliain an scéim *Litr chuig Santaí* a bheith ar bun. D'fhreastail 157 gasúr ar ranganna san ionad SPLANC. Fuair 45 gasúr deis drámaí a chur ar stáitse ag Taispeántas Deireadh na Bliana i mí na Bealtaine. 14 naíonán ó aois 6 seachtaine go 6 mhí agus a gcuid máithreacha a tháinig chuig na ranganna suathaireachta agus 41 teaghlach a bhí ag freastal ar Ghligíní, an club spraoi do thuismitheoirí agus leanaí. Réitigh an eagraíocht 44 gasúr le bheith páirteach san Oireachtas agus thug 28 teaghlach aghaidh ar Oireachtas na Samhna. Fuair na gasúir uilig deis taispeántas a thabhairt dá muintir ag ócáid phoiblí sula ndeachaigh siad chun an Oireachtais. 12 teaghlach a ghlac páirt sa gclub leabhar, scéim phiólótach a reáchtáladh i

mí Feabhra agus d'fhreastail os cionn 125 gasúr ar champaí samhraidh agus Cásca na heagraíochta.

Cuireann RCOG deontas bliantúil ar fáil do Thuismitheoirí na Gaeltachta agus cuireann ÚnaG ionad ar fáil don eagraíocht.

Dúshláin

Níl aon lárionad sonrach sóisialta ag óige na Ceathrún Rua. Bhíodh club óige sa gceantar le blianta fada ach níl níos mó. Tá polasaí sonrach Gaeilge ag na scoileanna agus ag na cumainn spóirt ach tá sé rithábachtach go mbeadh an óige ag déanamh gach a ndéanann an óige agus gur i nGaeilge a bheadh sé sin ar siúl acu. Mura gcleachtann siad an teanga ina measc féin agus mura mbaineann siad sult agus spraoi as an saol i nGaeilge, is beag seans go dtabharfaidh siad an teanga leo ná go dtabharfaidh siad í don ghlúin a thiofadh ina ndiaidh. Ba chóir go mbeadh ról lárnach ag tuismitheoirí, Óige na Gaeltachta, Muintearas, Tuismitheoirí na Gaeltachta, CCMD agus ag na daoine óga féin i bhforbairt cumann óige lán-Ghaelach ina mbeadh raon leathan caithimh aimsire ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaí forbairt ar Halla Éinne i sráidbhaile na Ceathrún Rua agus é a chur in oiriúint mar chlub óige, ionad ina mbeadh ról lárnach ag an óige ina réachtáil le cabhair ó Óige na Gaeltachta.

Tá obair mhaith ar bun ag Tuismitheoirí na Gaeltachta san ionad SPLANC. Bheadh sé inmholta go mbeadh socrú leanúnach idir an

eagraíocht agus an RCOG agus ÚnaG maidir le maoiniú ionas go mbeadh an eagraíocht in ann pleananna fadtéarmacha a fhorbairt d'óige agus do thuismitheoirí óga an cheantair.

Go dtí le blianta beaga anuas, bhí an ealaín bhéil mar chuid lárnach de shaol sóisialta na Gaeltachta. Bhíodhas á cleachtadh le himeachtaí stáitse, drámaíocht agus agallaimh beirte. Tá an ealaín phobail seo a bhfuil an-tóir air i measc sean agus óg tite go mór ar gcúl sa gceantar Gaeltachta seo. Níor mhiste d'Ealaín na Gaeltachta agus do Thuismitheoirí na Gaeltachta tabhairt faoi bhonn a chur arís leis an ngné seo. Deis iontach atá sa stáitsíocht le cion agus le meas a chothú ar an nGaeilge.

Tá Páirc spraoi lámh le Páirc an Chathánaigh ar an gCeathrún Rua ina bhfuil sleamhnáin, luascáin agus áiseanna eile do pháistí óga ar fáil. Dá ndéanfaí áiseanna aclaíochta do dhaoine scothaosta a lonnú lámh leis an bpáirc spraoi, bheadh óg agus aosta in ann a bheith le chéile i dtimpeallacht spraoi agus caitheamh aimsire. Deis ar leith a bheadh ann do pháistí óga cur lena n-iompar teanga i dtimpeallacht thaitneamhach shábháilte.

BEARTA DO SHEIRBHÍSÍ DON AOS ÓG

3.1. Club Óige

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Go ndéanfaí athbhunú ar an gclub óige áitiúil. Níor mhiste go mbeadh seisiúin ar leith ann do dhéagóirí suas go dtí ceithre bliana déag d'aois agus seisiúin eile do dhaoine óga níos sine ná sin. Moltar go mbeadh Crib na nÓg oscailte níos minicí ná mar atá. Ní foláir go mbeadh polasaí sonracha Gaeilge ag na hionaid óige.		
Aidhm	Timpeallacht shóisialta lán-Ghaeilge a chothú d'óige an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Óige na Gaeltachta/Muintearas/Coiste an Halla Páirtithe Leasmhara: Tuismitheoirí		
Saolré	Bliain 1: Bunaigh coiste i gcomhar le tuismitheoirí Déan comhoibriú le Coiste Halla Éinne in athchóiriú an halla Bliain 2: Cuir bonn láidir faoin gclub óige Bliain 3-7: Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Baineann an costas le Beart 3.2		
Costas measta in aghaidh na bliana	Baineann an costas le Beart 3.2	Foinsí Maoinithe	Baineann an costas le Beart 3.2
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Timpeallacht Ghaelach a chruthú d'óige an LPT ina mbeidh áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta ar fáil dóibh trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Club óige a athbhunú agus Halla Éinne a athchóiriú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CCMD le tabhairt láithreach faoi athbhunú club óige Comhoibriú a chothú le hÓige na Gaeltachta Feachtas poiblíochta sna scoileanna áitiúla Cruinnithe rialta ag an Oifigeach Pleanála Teanga leis an gclub óige		

3.2 Athchóiriú ar Halla Éinne⁶

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Moltar go ndéanfaí athchóiriú ar Halla Éinne lena chur in oiriúint mar ionad sóisialta don óige		
Aidhm	Timpeallacht shóisialta lán-Ghaeilge a chothú d'óige an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Coiste Halla Éinne/CCMD Páirtithe Leasmhara: Tuismitheoirí/An Pobal		
Saolré	Bliain 1: Ullmhaigh pleananna Cinntigh maoiniú Bliain 2: Obair athchóirithe Bliain 3-7: Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€50,000 (€650,000)		
Costas measta in aghaidh na bliana	€50,000 Bliain 1	Foinsí Maoinithe	Pobal áitiúil; RCOG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Timpeallacht Ghaelach a chruthú d'óige an LPT ina mbeidh áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta ar fáil dóibh trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Halla Éinne a athchóiriú mar ionad sóisialta		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plean oibre a leagan amach agus cead pleanála a lorg don athchóiriú Foinsí airgid a aimsiú Cruinnithe/tuairiscí rialta ag an Oifigeach Pleanála Teanga		

⁶ Tá Coiste Halla Éinne i mbun pleananna forbartha don halla. Tá costas measta €400,000 le hathchóiriú a dhéanamh ar an halla agus costas measta €650,000 le hathchóiriú agus leathnú a dhéanamh ar an halla. Ag an bpointe seo tá €50,000 de mheastachán curtha ar obair innealtóireachta agus pleanála ar mhaithe le pleananna a ullmhú don fhorbairt.

3.3 Tuismitheoirí na Gaeltachta

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Moltar go gcuirfí plean maoinithe i bhfeidhm do Thuismitheoirí na Gaeltachta ar bhonn fadtéarmach.		
Aidhm	Bonn láidir fadtéarmach a chur faoin eagraíocht ionas gur féidir leanúint leis na seirbhísí do pháistí agus do thuismitheoirí an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Tuismitheoirí na Gaeltachta Páirtithe Leasmhara: CCMD, Tuismitheoirí an LPT, RCOG		
Saolré	Bliain 1: Ullmhaigh plean fadtéarmach agus cinntigh maoiniú Bliain 2-7: Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€1,478,120		
Costas measta in aghaidh na bliana	€211,160	Foinsí Maoinithe	RCOG, ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Áiseanna sóisialaithe trí Ghaeilge a chruthú do pháistí agus do thuismitheoirí an LPT		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Maoiniú fadtéarmach don eagraíocht a chinntiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Maoiniú a aontú le ÚnaG agus RCOG Plean fadtéarmach don eagraíocht a aontú Cruinnithe rialta ag an Oifigeach Pleanála Teanga le Tuismitheoirí na Gaeltachta Tuairiscí rialta ón Oifigeach Pleanála Teanga don choiste monatóireachta		

3.4 Na hEalaíona Béil

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Scéim a thionscnamh le bonn a chur in athuair faoi na healaíona béil		
Aidhm	Saibhreas cainte a chinntiú ar bhealach siamsúil chomh maith leis an gceardaíocht a bhaineann leis na healaíona béil ar nós agallaimh beirte agus lúibíní a choinneáil beo		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Tuismitheoirí na Gaeltachta/Ealaín na Gaeltachta/Comharchumann Mhic Dara Páirtithe Leasmhara: An Gaelacadamh, Cumann Drámaíochta Mhic Easmainn, Club Óige		
Saolré	Bliain 1: Ullmhaigh plean agus cinntigh maoiniú Bliain 2: : Tuismitheoirí na Gaeltachta/Ealaín na Gaeltachta/Comharchumann Mhic Dara le plean a chur i bhfeidhm Bliain 2-7: Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€10,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1000 go bliantúil i gcomhair ranganna €500 go bliantúil i gcomhair duaiseanna	Foinsí Maoinithe	Ealaín na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Saibhreas cainte a chinntiú i measc na hóige agus féinmhuinín a chothú san óige agus ina gcumas Gaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Scéim a bhunú agus a mhaoiniú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Oifigeach Pleanála Teanga le plean oibre a aontú le hEalaín na Gaeltachta agus le Tuismitheoirí na Gaeltachta Sraith imeachtaí, ranganna agus cur i láthair a eagrú Tacaíocht a chinntiú ón nglúin a bhfuil an saineolas seo acu Cruinnithe rialta ag an Oifigeach Pleanála Teanga le hEalaín na Gaeltachta Tuairiscí rialta ón Oifigeach Pleanála Teanga don choiste monatóireachta		

3.5 Páirc Spraoi

Réimse:	3. Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile	Critéar Pleanála Teanga	8,9,10
Eolas breise	Cur le háiseanna aclaíochta don aosach sa bpáirc spraoi ionas go mbeidh deis ag páistí agus ag tuismitheoirí óga caidreamh trí Ghaeilge a bheith acu le daoine fásta		
Aidhm	Saibhreas cainte a chinntiú trí mhodh an spraoi		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Coiste na Páirce Spraoi Páirtithe Leasmhara: Tuismitheoirí na Gaeltachta		
Saolré	Bliain 1: Ullmhaigh plean agus cinntigh maoiniú Bliain 2: CCMD agus Coiste na Páirce Spraoi le plean a chur i bhfeidhm Bliain 2-7: Déan athbhreithniú rialta ar chaidreamh idir sean agus óg		
Costas measta iomlán:	€12,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€12,000	Foinsí Maoinithe	RCOG/Síntiús áitiúil
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Saibhreas cainte a chinntiú i measc na hóige agus féinmhuinín a chothú san óige agus ina gcumas Gaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Plean agus maoiniú a chinntiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú le Coiste na Páirce Spraoi an fhorbairt a bhrú chun cinn Feachtas bailithe airgid a thionscnamh Staidéar leanúnach ar éifeacht na n-aosach ar Ghaeilge na hóige agus tuairiscí chuig an CPT		

Deiseanna Foghlama

Lasmuigh den Chóras Oideachais

In LPT na Ceathrún Rua tá dhá eagraíocht a chuireann seirbhísí foghlama ar fáil lasmuigh den chóras oideachais - Breacadh atá lonnaithe i gCasla agus Ionad Foghlama an Iarthair atá lonnaithe i gCasla. Tá Teagmháil na nÓg lonnaithe i dTír an Fhia agus déanann sé freastal ar an LPT agus tá Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála VTOS lonnaithe i Ros Muc agus déanann sé freastal ar an LPT freisin. Tá scéim ag ÚnaG a chuireann scoláireachtaí ar fáil do phrintísigh na Gaeltachta.

Breacadh

Cuireann Breacadh seirbhísí tacaíochta teanga agus foghlama ar fáil don tseirbhís aosoideachais. Cuirtear seo ar fáil i bhfoirm scríofa agus chlosamhairc. Ní chuireann Breacadh seirbhísí ar fáil go díreach don phobal ach tacaíonn siad le leithéidí Teagmháil na nÓg agus Ionad Foghlama an Iarthair. Tá ábhar scríofa agus closamhairc foilsithe ag Breacadh a chuirtear ar fáil do lucht teagaisc, oiliúna agus do scoileanna.

Tá Breacadh lonnaithe i gCasla. Tá sé faoi bhainistíocht Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Tá coiste comhairleach náisiúnta ag Breacadh agus ionadaíocht air ó na ceantair Ghaeltachta. Déanann Breacadh a gcuid oibre go hiomlán trí mheán na Gaeilge.

Ionad Foghlama an Iarthair

Seirbhís de chuid Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin é Ionad Foghlama an Iarthair a chuireann seirbhísí tacaíochta liteartha ar fáil do dhaoine fásta, ina measc seirbhísí foghlama léitheoireachta agus scríbhneoireachta. Trí Ghaeilge a ghníomhaíonn an t-ionad.

Teagmháil na nÓg

Tagann Teagmháil na nÓg faoi scáth Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin. Tá Teagmháil na nÓg lonnaithe i dTír an Fhia agus cuireann sé seirbhísí oideachais agus foghlama ar fáil do dhaoine óga san aoisghrúpa 15-21 bliain. Déanann sé freastal ar LPT na Ceathrún Rua. Tá spás ag Teagmháil na nÓg do fiche duine le freastal ar a gcuid cúrsaí. Ullmhaítear daoine óga le glacadh le printíseachta agus le freastal ar chúrsaí iar-ardteiste. Bíonn cáilíochtaí QQI Leibhéal 4 ag foghlaimeoirí ar chríochnú a gcuid oiliúna le Teagmháil na nÓg.

Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála VTOS

Tá an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála VTOS lonnaithe i Ros Muc. Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin atá i bhfeighil na scéime faoina gcuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga dífhostaithe a gcuid oideachais a thabhairt suas go leibhéal na hArdteistiméireachta. Tá spás ag an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála do fiche duine le freastal ar a gcuid cúrsaí. Déanann sé freastal ar LPT na Ceathrún Rua. Eagraítear cúrsaí ECDL agus cúrsaí riarachán gnó go Leibhéal 5 QQI. Maireann na cúrsaí dhá bhliain. Eagraítear cúrsaí páirtaimseartha eile san ionad freisin.

ÚnaG

Eagraíonn Rannóg Oiliúna agus Oideachais ÚnaG scéim scoláireachtaí phrintíseachta do dhaoine ón nGaeltacht. Go hiondúil fógraítear na scoláireachtaí faoi dhó sa mbliain. Faoi scoláireacht an Údaráis, tugtar cabhair airgid don phrintíseach agus don chomhlacht/chonraitheoir lena bhfuil sé/sí fostaithe ag céimeanna éagsúla le linn na printíseachta. Bíonn an printíseach fostaithe ag comhlacht/conraitheoir aitheanta le linn thréimhse na printíseachta. Faoi láthair tá suas le 65 printíseach páirteach sa scéim seo. Chuir c.15 printíseach tús lena gcúrsa in 2017. Bhíodh an líon printíseach i bhfad níos airde nó gur tharla an cúlú eacnamaíochta.

Dúshlán

Tá easpa mhór saineolaithe oilte atá inniúil ar a gcuid saineolais a roinnt trí mheán na Gaeilge ar fáil do na seirbhísí aosoideachais. Bíonn deacracht ag Breacadh daoine a aimsiú le hábhar a chur i gcrích sna canúintí éagsúla. An dúshlán mór atá ag Teagmháil na nÓg ná teagascóirí cáilithe a aimsiú atá inniúil a gcuid teagaisc a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tá cúrsaí fostaíochta ar na fadhbanna móra atá ag an Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmthraenála agus ag scéim scoláireachta do phrintísigh ÚnaG.

BEARTA DO DHEISEANNA FOGHLAMA LASMUIGH DEN CHÓRAS OIDEACHAIS

4.1 Painéal Saineolaithe agus Teagascóirí Gaeilge agus Canúna

Réimse:	4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	3,11
Eolas breise	Bheadh sé inmholta painéal saneolaithe agus teagascóirí ar an aosoideachas, atá inniúil ar a gcuid saneolais a roinnt trí Ghaeilge, sna canúintí éagsúla, a chur le chéile. Dhéanadh an painéal seo freastal ar riachtanais aosoideachais, ní hamháin in LPT na Ceathrún Rua ach ar fud na Gaeltachta ar fad		
Aidhm	Seirbhísí iomlán don aosoideachas a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin/CCMD Páirtithe Leasmhara: Breacadh; Ionad Foghlama an Iarthair		
Saolré	Bliain1: Straitéis a aontú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin Bliain 2: Painéal oiliúnóirí agus teagascóirí le Gaeilge a chur le chéile Tús le feidhmiú na straitéise Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí oiliúna agus teagasc don aosoideachas a bheith go hiomlán trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Straitéis a aontú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Comhoibriú le Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin maidir le painéal saneolaithe agus teagascóirí a chur le chéile agus córas comhairliúcháin a chur i bhfearas a bheadh oiriúnach do na hionaid aosoideachais atá faoina gcúram Cruinnithe rialta ag an CPT leis an mBord Oideachais agus Oiliúna/Breacadh/Ionad Foghlama Chasla Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

4.2 Scéim Scoláireachtaí Printíseachta agus Cúrsaí Oiliúna

Réimse:	4. Deiseanna Foghlama Lasmuigh den Chóras Oideachais	Critéar Pleanála Teanga	3,11
Eolas breise	Moltar go leanfaí leis an scéim scoláireachtaí do phrintísigh ón nGaeltacht agus go mbeadh iarracht ar leith fostaíocht a chruthú go háitiúil		
Aidhm	Soláthar ceardaithe lánoilte agus daoine oilte don mhargadh saothair a bheith ar fáil sa nGaeltacht		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: ÚnaG/CCMD Páirtithe Leasmhara: SOLAS		
Saolré	Bliain1-7 Leanúint den scéim scoláireachtaí mar atá agus fostaíocht a chruthú dóibh siúd a bhfuil cúrsaí oiliúna críochnaithe acu Bliain 1-7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1		
Costas measta in aghaidh na bliana	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1	Foinsí Maoinithe	Tá an costas clúdaithe i mBeart 1.1
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Soláthar ceardaithe le Gaeilge a bheith ar fáil agus fostaíocht a chruthú dóibh		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Leanúint leis na scéimeanna scoláireachtaí do phrintísigh agus na cúrsaí oiliúna eile		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CCMD le heolas a scaipeadh maidir leis na scoláireachtaí ar mhaithe le breis daoine óga a bheith páirteach sa scéim Cruinnithe rialta ag an CPT le ÚnaG		

5

An Earnáil Ghnó

Sráidbhaile seirbhísí é sráidbhaile na Ceathrún Rua. Tá fáil ar sheirbhísí oideachais ón réamhscolaíocht go dtí an ollscolaíocht san LPT. Tá raon leathan seirbhísí oideachais do dhaoine le riachtanais speisialta ar fáil. San LPT atá ceanncheathrú RTÉ Raidió na Gaeltachta agus Oireachtas na Gaeilge. Tá Ionad Ollscoile de chuid OÉ Gaillimh lonnaithe ar an sráidbhaile agus ceanncheathrú Chomhar Naíonraí na Gaeltachta. Tá an comhlacht aistriúcháin Europus lonnaithe ar an gCeathrún Rua. Tá ionad cónaithe don aosach, ionad sláinte, seirbhísí dochtúra, cógaslanna, leabharlann, siopaí, halla poiblí, ionad pobail, Tuismitheoirí na Gaeltachta, tithe ósta, oifigí poist, teach cúirte, bialanna agus óstán san LPT. Ní baile tionsclaíoch é an Cheathrún Rua mar a thuigtear “tionsclaíoch” dúinn. Tá eastát tionsclaíoch ar an mbaile ó thús na 1970idí ach is ríibheag fostaíocht atá ar an eastát ag an bpointe seo. Ní raibh seo amhlaidh tráth. Thiar sna 1970idí agus sna 1980idí ba í an Cheathrún Rua lárionad tionsclaíoch dheisceart Chonamara. Bhí mórthionscail gnóthaí plaisteacha ar an eastát ach de réir a chéile chuaigh sé i léig. Ba amhlaidh an scéal do thionscal an éadaigh, tógáil tithe réamhdhéanta agus feistiú cáblaí leictreonacha.

Tá CCMD lonnaithe i gceann de na hiarmhonarchana ar an eastát agus ionad breá pobail, An Crompán, réitithe amach ansin. Déanann sé freastal ar an bpobal ón taobh sóisialta agus ar cheann de choláistí samhraidh an cheantair. Tá iarmhonarcha eile feistithe mar Ionad Cúram Leanaí nua-aimseartha ina bhfuil naíolann, naíonra agus ionad iarscoile.

Ar an gcolbha eile den LPT tá eastát tionsclaíochta i gCasla agus is ar an eastát seo atá formhór na fostaíochta tionsclaíochta sa gceantar. I gCasla freisin tá RTÉ Raidió na Gaeltachta, Oireachtas na Gaeilge, Trí Spórt, Club Dornálaíochta Chonamara,

mar aon le siopaí, teach ósta, oifig poist agus teach cúirte. Eastáit tionsclaíochta de chuid ÚnaG iad an dá eastát seo.

Tá réimse leathan (breis agus tríocha) siopaí, óstaí, garáistí, seirbhísí gruagaireachta agus áilleachta, bialanna beaga, tithe lóistín agus tuilleadh ar fáil sa gceantar agus a bhformhór mór ag déanamh a ngnóthaí trí mheán na Gaeilge.

Mar atá tugtha le fios níos luaithe, ní dhearna aon lucht gnó freastal ar chruinniú poiblí maidir leis an bplean teanga don LPT. Tá seo intuigthe ar bhealach sa méid gur *gnóthaí Gaeilge* formhór na ngnóthaí san LPT agus nach bhfuil aon cheist ach gur Gaeilge agus Gaeilge amháin príomhtheanga na ngnóthaí sin. Tá fianaise de seo níos faide ar aghaidh.

Ach mar sin féin, ar mhaithe le dea-chleachtas, eagraíodh cruinnithe le príomhfhostóirí na ngnóthaí sin a bhfuil an pobal ag déileáil leo ó lá go lá .i. siopadóirí, óstóirí agus seirbhísí eile. Tugadh eolas dóibh ar an bpleanáil teanga agus, cé nach nglacann a bhformhór go bhfuil freagracht orthu i leith chothú na teanga, tuigeann siad tábhacht na teanga don LPT.

Turasóireachta chultúrtha


Ba cheantar láidir turasóireachta an Cheathrún Rua suas go dtí tríocha bliain ó shin. Thagadh fámairí, lucht na Gaeilge as Baile Átha Cliath agus grúpaí ceoltóirí chun na Ceathrún Rua chuile shamhradh. Thagadh iascairí slaithe go Casla don iascaireacht bradán agus liathán ar Abhainn Chasla. Tógadh óstán ar an mbaile agus bhí cuid mhaith tithe áitiúla ag cur seirbhís lóistín ar fáil. Cé go mbíodh coláiste samhraidh ag múineadh Gaeilge ar an mbaile an tráth sin, ba dhaoine “ón taobh

amuigh” i bhí i bhfeighil an choláiste. Tá forbairt ollmhór tagtha ar thionscal na gcoláistí Gaeilge ar an gCeathrú Rua le tríocha bliain anuas. Tá dhá choláiste Gaeilge, Coláiste Chiaráin agus Coláiste Cholumba, ar an mbaile agus iad faoi úinéireacht agus riarachán áitiúil. Reáchtálann Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cúrsaí Gaeilge freisin do dhaoine fásta agus d’fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta agus bíonn líon mór mac léinn ar ábhar oidí iad ag freastal ar thumchúrsaí teanga ar an mbaile. Tugann na coláistí seo isteach go leor airgid sa bpobal. Níl obair na gcoláistí teoranta níos mó do thréimhse an tsamhraidh. Bíonn cúrsaí ar bun tráthanna eile den bhliain, go háirithe faoi Cháisc agus faoi Shamhain. Cuirtear saothrú ar fáil do mhná tí a choinníonn scoláirí ina dtithe cónaithe. Tá breis agus 70 teaghlach a chuireann lóistín ar fáil cláraithe leis an RCOG. Cuirtear saothrú ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaoine óga agus tá saothrú mór ag siopaí an cheantair ar na coláistí. Tá saothrú freisin ag óstaí agus tithe lóistín le linn na gcúrsaí d’ábhar oidí agus nuair a thagann tuismitheoirí ar cuairt ag a gcuid gasúr. Is fiú suas le €3 mhilliún go bliantúil tionscal na gcoláistí Gaeilge don cheantar. Tá sealbhú na Gaeilge criticiúil don bhisiúlacht teanga go fadtréimhseach san LPT.

Gnó Gaeilge

Ceantar seirbhíse seachas ceantar tionsclaíoch é an Cheathrú Rua. Tá formhór d’ioncam an phobail bunaithe thart ar thionscal na Gaeilge agus thart ar sheirbhísí a eascraíonn as an tionscal sin, mar aon le gnáthsheirbhísí eile a éilíonn pobal ar bith. De réir an *tSuirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015* deir an pobal go bhfuil siad in ann formhór a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge sa gceantar.

Cén % de do ghnó laethúil atá tú in ann a dhéanamh trí Ghaeilge ar an gCeathrú Rua



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015


Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh an pobal in ann a gcuid gnó uilig a dhéanamh trí Ghaeilge, tá se tábhachtach freisin go bhfeicfí go poiblí go bhfuil gach seirbhís sa bpobal ar fáil i nGaeilge. Tá muid ag tagairt anseo do chúrsaí gnó a mbaineann an pobal úsáid astu go laethúil - siopaí, óstaí, bialanna, garáistí, gruagairí agus gnólachtaí dá leithéid. Tá roinnt mhaith de na gnólachtaí sa bpobal ag brath, go díreach nó go hindíreach, ar thionscal na Gaeilge. Tá sé tábhachtach mar sin go dtabharfaí aitheantas ar leith don teanga agus go mbeadh sé le feiceáil go poiblí gur féidir leat do ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge i ngach gnó sa bpobal.

Sa gcás seo tá ceist na cumraíochta an-tábhachtach. Ba chóir go mbeadh sé intuigthe gurb í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus teanga oibre chuile ghnó sa gceantar. Teastaíonn polasaí láidir maidir le láithreach, feiceálacht agus úsáid na Gaeilge i ngach gnó le go mbeifí cinnte gurb í an Ghaeilge teanga oibre na foirne agus go háirithe an teanga chumarsáide leis an bpobal. Tá fógraíocht i nGaeilge thar a bheith tábhachtach. Tá an cineál ceoil a

bhíonn á sheinm thar a bheith tábhachtach. Má shiúlann tú isteach in ionad gnó agus ceol Gaelach nó Raidió na Gaeltachta le cloisteáil glacann tú leis láithreach gur ionad “Gaelach” an t-ionad áirithe sin. Más ceol i mBéarla nó stáisiún raidió i mBéarla atá le cloisteáil tugann sé tuiscint eile. Níl iontu sin ach nithe beaga ach tugann siad a dteachtaireacht féin. Bheadh sé inmholtá go mbeadh Gaeilge ag an té atá ag déileáil go díreach leis an bpobal, agus fonn air nó uirthi í a labhairt. Níor mhiste go n-eagrófaí feachtas fógraíochta poiblí ag moladh don phobal a gcuid airgid a chaitheamh go háitiúil. **“Déan do ghnó go háitiúil agus cinntigh go mairfidh an Ghaeilge”**. Chabhródh an fhógraíocht sin le tuiscint lucht gnó a dhaingniú ar thábhacht na Gaeilge don eacnamaíocht áitiúil.

Taispeánann taighde a rinneadh mar chuid den phlean teanga seo gur fiú suim ollmhór airgid, €27.8 milliún, an Ghaeilge do LPT na Ceathrún Rua in aghaidh na bliana. Tá an t-eolas seo bunaithe ar chaiteachas an Rialtais a bhaineann le seirbhísí Státurraithe san LPT. Is mór an t-ábhar machnaimh é don phobal.

Mol an óige agus tiocfaidh sí



Bíodh an
Ghaeilge
chun cinn sna
scoileanna agus
i gclós na scoile.

Aighneacht ón bPobal

Caiteachas ón Státchiste ar an nGaeilge⁷

⁷ Cuireadh caiteachas eagrais agus gnólachtaí a bhfuil cosúlacht eatarthu i dteannta a chéile ar mhaithe leis na cúig chatagóir a roghnú. I gcás gach catagóire roghnaíodh iolraitheoirí oiriúnacha bunaithe ar na táblaí ionchuir/aschuir a mbaineann an Phríomh-Oifig Staidrimh leas astu.

Meastachán ar chaiteachas bliantúil an Rialtais a bhaineann le seirbhísí Státturaithe in LPT na Ceathrún Rua

Eagraíocht	Caiteachas Measta	Luach breise	Iomlán
Oideachas San áireamh anseo tá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, CNNG, Coláistí Gaeilge, Seirbhísí do dhaoine le riachtanais speisialta, Seirbhísí Oideachais don Aosach	€6.9milliún	€5.9 milliún	€12.8
Na Meáin Chlosamhairc San áireamh anseo tá RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar aon le seirbhísí eile i réimse an tionscail chlosamhairc	€6.5milliún	€4.8 milliún	€11.3
Tionscadail Shóisialta agus Teangabhunaithe San áireamh anseo tá Oireachtas na Gaeilge, an leabharlann, Oifig na Comhairle Contae, féilte agus imeachtaí pobail, liúntais Ghaeltachta	€900,000	€675,000	€1.6
An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta San áireamh anseo tá an tacaíocht a thugtar do na coláistí samhraidh/mná tí, deontais chaipitil, Scéim na gCúntóirí Teanga, campaí samhraidh, scéimeanna spóirt agus sóisialta	€842,000	€590,000	€1.4
ÚnaG Seo caiteachas ÚnaG san LPT do 2014. Níl caiteachas ar scéimeanna fostaíochta pobail, scéimeanna oiliúna ná maoiniú oideachais san áireamh	€505,000	€273,000	€778k
Iomlán	€15.6 milliún	€12.2 milliún	€27.8 milliún

Foinse: Na heagrais agus gnólachtaí thuasluaite agus gnólachtaí áitiúla (2015).

Na Dúshlán

Le linn an taighde le lucht gnó an LPT, bhí gach gnó ar son úsáid na Gaeilge ach bhí siopadóirí, óstóirí etc. den tuairim nach leosan an teanga a choinneáil beo. Tá gnó le reáchtáil ag lucht gnó, tá fostaíocht le cruthú, tá fiacha le glanadh agus tá brabach le déanamh. B'in an tuairim ba láidre a bhí ag a bhformhór. Ní hé nach bhfuil siad ar son na teanga, ach thug siad an tuairim nach bhfuil dualgas orthu i leith na teanga. Mar sin féin is léir go dtuigeann a bhformhór tábhacht na teanga do chúrsaí gnó san LPT. Tá seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil i ngach gnó sa gceantar ach níor mhiste a chinntiú go mbeadh an méid sin soiléir don phobal agus gurb í an Ghaeilge an chéad teanga a labhrófaí leis an gcustaiméir.

BEARTA DON EARNÁIL GHNÓ

5.1 Lucht Gnó agus an Ghaeilge

Réimse:	1. An Earnáil Ghnó	Critéar Pleanála Teanga	13,14
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go gcuirfí ar a súile don lucht gnó, go háirithe iad siúd atá ag déileáil leis an bpobal ar bhonn rialta, go bhfuil an Ghaeilge ríthábhachtach don LPT mar fhoinsé ioncaim.		
Aidhm	Tuisint a thabhairt do lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge mar dheis saothraithe		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Gnólachtaí an LPT, RCOG, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Feachtas eolais agus bolscaireachta a aontú le lucht gnó Bliain 2–7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 5.3		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 5.3	Foinsí Maoinithe	Costas san áireamh i mBeart 5.3
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Tuisint a chothú i measc lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge mar dheis saothraithe agus fostaíochta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Feachtas eolais agus bolscaireachta i gcomhar le lucht gnó		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Scéim feasacháin agus tacaíochta a chur le chéile le tábhacht na teanga, go háirithe mar dheis ioncaim, a chur ar a súile do lucht gnó. Fógraí agus eolas i nGaeilge a chur ar fáil sna hionaid ghnó Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le lucht gnó go rialta Aiseolas do lucht gnó ar a bhfuil ag tarlú		

5.2 Polasaí Sonrach Gaeilge

Réimse:	1. An Earnáil Ghnó	Critéar Pleanála Teanga	13,14
Eolas breise	Cé go bhfuil sé indéanta do ghnó laethúil a dhéanamh gan stró i ngach gnó san LPT, moltar go gcabhrófaí le gach gnó polasaí sonrach Gaeilge a fhorbairt agus gur daoine le Gaeilge a bheadh fostaithe, go háirithe iad siúd a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal.		
Aidhm	Go mbeadh seirbhís iomlán trí Ghaeilge ar fáil agus go mbeadh an tseirbhís sin feiceálach		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Gnólachtaí an LPT Páirtithe Leasmhara: RCOG, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Cruinnithe le gnóthaí - ar dtús go haonarach agus níos deireanaí mar ghrúpa Bliain 2: Polasaí sonrach a aontú le lucht gnó Bliain 3: An polasaí a fheidhmiú i ngach gnó Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 5.3		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 5.3	Foinsí Maoinithe	Costas san áireamh i mBeart 5.3
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Tuiscint a chothú i measc lucht gnó ar thábhacht na Gaeilge mar dheis saothraithe agus fostaíochta		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Cruinnithe aonair agus grúpaí lucht gnó		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Samplaí a aimsiú de pholasaí Gaeilge a oibríonn i ngnólachtaí eile agus a chur in oiriúint do gach gnó go sonrach Tacaíocht phraiticiúil a thabhairt do ghnóthaí i bhforbairt polasaí teanga Athbhreithniú iomlán ar na moltaí ag deireadh bhliain 3		

5.3 Fógraíocht

Réimse:	1. An Earnáil Ghnó	Critéar Pleanála Teanga	13,14
Eolas breise	Moltar go mbeadh fógraíocht láidir thaitneamhach i ngach gnó a úsáideann an pobal, ag tabhairt le fios go bhfuil fáilte roimh Ghaeilge. Moltar feachtas fógraíochta poiblí a thabharfadh le fios gur ionann tacú leis an nGaeilge agus tacú le fostaíocht agus breis teacht isteach san LPT. Moltar fógraíocht a chur in airde in áiteanna poiblí a léiríonn gur ionann tacú leis an teanga agus tacú le fostaíocht san LPT. Moltar freisin fógraí beaga do ghluaisteáin		
Aidhm	An Ghaeilge a cheangal le saothrú agus le fostaíocht		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Gnólachtaí an LPT Páirtithe Leasmhara: RCOG, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Sraith fógraí a dhearadh i gcomhar le gnóthaí Bliain 2: Fógraí a dháileadh agus a chur in airde Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€15,000 (€5k bliain 1, €5k bliain 3 agus €5k bliain 5))		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,450	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Go dtuigfí gur féidir do ghnó a dhéanamh go hiomlán trí Ghaeilge san LPT agus go bhfuiltear ag cur le saothrú agus le fostaíocht dhá bharr		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Feachtas a eagrú agus a aontú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Sraith fógraí a dhearadh agus a chur in airde i ngnólachtaí agus in áiteanna poiblí Díriú sa bhfógraíocht phoiblí ar céard is fiú an Ghaeilge d'eacnamaíocht an LPT Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le lucht gnó go rialta Athbhreithniú iomlán ar an bhfeachtas ag deireadh bhliain 3		

5.4 Comórtas Eadarghnóthaí

Réimse:	1. An Earnáil Ghnó	Critéar Pleanála Teanga	13,14
Eolas breise	Moltar go n-eagrófaí comórtas bliantúil bunaithe ar úsáid na Gaeilge i ngnóthaí agus seirbhísí áitiúla agus go dtabharfaí poiblíocht do na buaiteoirí. Bheadh an comórtas bunaithe ar labhairt na Gaeilge i measc na foirne, fógraíocht agus gnéithe eile a chuirfeadh úsáid na teanga chun cinn sa ngnó. B'fhiú urraíocht a fháil ó sholáthróirí agus ollchomhlachtaí		
Aidhm	An Ghaeilge a cheangal le gairmiúlacht		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Gnólachtaí an LPT Páirtithe Leasmhara: RCOG, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Comórtais agus ranna éagsúla a aontú le seirbhísí gnó. Urraíocht a chinntiú. Bliain 2: Tús le comórtais Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas san áireamh i mBeart 5.3		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas san áireamh i mBeart 5.3	Foinsí Maoinithe	Costas san áireamh i mBeart 5.3
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Bród a chruthú i measc lucht gnó, go háirithe lucht seirbhísí, as úsáid na teanga go laethúil		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Aontú ar ranna éagsúla comórtas agus urraíocht a aimsiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An comórtas le heagrú le linn aimsir na Féile Pádraig ó tharla imeachtaí poiblí a bheith sa bpobal ag an am Athbhreithniú iomlán ar an bhfeachtas ag deireadh bhliain 3		

6

Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumann

IS É COMHARCHUMANN MHIC DARA AN PHRÍOMHEAGRAÍOCHT PHOBAIL AR AN GCEATHRÚ RUA.

Comharchumann pobail é CCMD a bunaíodh in 2010. Cláraíodh CCMD ar an 29 Deireadh Fómhair 2010. Tionóladh an chéad cruinniú speisialta den chomharchumann nua in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i mí an Mhárta 2011. Tá breis agus trí scór scairshealbhóirí sa gComharchumann agus tá bainisteoir lánaimseartha fostaithe ann. Cosúil le comharchumann Ghaeltachta eile, cuireann ÚnaG deontas reachtála bliantúil ar fáil. Tá ceanncheathrú an chomharchumann sa bhfoirgneamh ar a dtugtar An Cromptán, foirgneamh a ndearna an comharchumann forbairt air le tacaíocht ón RCOG agus ÚnaG. Tá halla mór pobail san ionad atá ar fáil i gcomhair imeachtaí pobail agus sóisialta. Tá seomraí ranga agus seomraí cruinnithe ann agus tá cíos fadtéarmach ag ceann de choláistí Gaeilge an cheantair, Coláiste Chiaráin, ar na seomraí ranga. Tá seirbhísí na Scéime Fostaíochta Sóisialta agus seirbhísí airgeadais na heagraíochta MABS le fáil sa gCromptán mar aon le seirbhísí eile ó am go chéile. Is í an Ghaeilge teanga oibre an Chomharchumann agus tá polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm i leith imeachtaí sa gCromptán.

Tá an comharchumann ag gníomhú mar Choiste Forbartha Pobail freisin agus bíonn ar an gcoiste a chinntiú go bhfuiltear ag gníomhú thar ceann an phobail ar fad chomh maith le bheith ag gníomhú thar ceann na scairshealbhóirí.

Coiste 2015/2016

Cathaoirleach: Colm Mac Donncha
Rúnaí: Máirtín Breathnach
Cisteoir: Éamonn Ó Domhnaill
Oifigeach Caidreamh Poiblí: Kevin Ó Flatharta

Coisteoirí: Áine Ní Dhomhnaill, Maebh Ní Chualáin, Rónán Ó Coisdeabhla
Bainisteoir: Seán Ó Domhnaill

Dúshlán

Mar eagraíocht phobail, tá éirithe thar cionn le CCMD. Tá an comharchumann ar bhonn sláintiúil gnó agus tá ioncam aige a chinntíonn buaine don eagraíocht. Tagann an t-ioncam sin ón deontas reachtála bliantúil a chuireann ÚnaG ar fáil agus freisin ó chonradh cíosa atá ag an gcomharchumann le Coláiste Chiaráin - ceann de na coláistí Gaeilge atá san LPT. Íocann gach dream a bhaineann úsáid as áiseanna an Chromptáin as na seirbhísí sin. An laige is mó a bhaineann le CCMD mar chomharchumann pobail ná a laghad scairshealbhóirí atá aige. Breis agus trí scóir scairshealbhóirí atá ag an gcomharchumann agus, ar mhaithe le rannpháirtíocht an phobail sa gcomharchumann, níor mhiste iarracht a dhéanamh an líon scairshealbhóirí a mhéadú. Ní chuireann an easpa scairshealbhóirí as d'obair an chomharchumann, ach le breis ballraíochta ag an bpobal sa gcomharchumann, bheadh deis ag an gcomharchumann a bheith níos gníomhaí i bhforbairtí eile sa bpobal, go háirithe sa ngné sin a bhaineann le hobair coiste forbartha.

Mar a léiríonn staidrimh daonáireamh agus an suirbhé teaghlaigh a rinneadh ar an gCeathrú Rua mar chuid den phlean teanga seo, is pobal láidir Gaeltachta atá san LPT áirithe seo. Is é an Cheathrú Rua príomhbhaile neamhoifigiúil Chonamara Theas, agus tá sé mar sprioc ag CCMD go leanfadh an LPT ina cheantar láidir Gaeltachta de bharr a bhfuil de sheirbhísí, áiseanna agus fostaíocht ann.

BEARTA D'EAGRAÍOCHTAÍ POBAIL AGUS COMHARCHUMAINN

6.1 Méadú ballraíochta

Réimse:	6. Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn	Critéar Pleanála Teanga	1,15,19
Eolas breise	Moltar go n-eagródh CCMD feachtas le ballraíocht a mhéadú sa gcomharchumann ionas go mbeadh bonn pobail níos leithne faoin gcomharchumann agus go mbeadh an comharchumann níos gníomhaí i bhforbairt pobail agus i gcur chun cinn na Gaeilge san LPT. Moltar sprioc de 30% ardú ar an mballraíocht.		
Aidhm	Rannpháirtíocht níos mó ón bpobal a bheith i ngníomhaíocht an chomharchumainn		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: ÚnaG, RCOG		
Saolré	Bliain 1: Bunaigh feachtas nua ballraíochta Bliain 2-7: Déan athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€200		
Costas measta in aghaidh na bliana	€100 costas fógraíochta Bliain 1 agus 2	Foinsí Maoinithe	CCMD
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Rannpháirtíocht níos mó ón bpobal i bhforbairt agus i gcur chun cinn an LPT go háirithe ó thaobh na teanga		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Breis ballraíochta sa gcomharchumann agus pobal níos gníomhaí		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Sprioc ballraíochta bliantúil a aontú Athbhreithniú rialta ag coiste an chomharchumainn ar dhul chun cinn		

7

Na meáin chumarsáide

Tá ceangal láidir idir an Cheathrú Rua agus na meáin chumarsáide Gaeilge. Tá ceanncheathrú RTÉ Raidió na Gaeltachta lonnaithe san LPT ó bunaíodh an tseirbhís Domhnach Cásca 1972. Sa mbliain 1970, bhí an stáisiún bradach raidió Saor Raidió Chonamara ag craoladh ón gCeathrú Rua tar éis dó a bheith ag craoladh tamall roimhe sin i Ros Muc. As an gcraoladh sin, agus an feachtas a bhain leis, a tháinig Raidió na Gaeltachta. I sráidbhaile na Ceathrún Rua a bhí an nuachtán Foinse lonnaithe fad a bhí sé ar an saol ó 1996 go 2009. I sráidbhaile na Ceathrún Rua atá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge lonnaithe, acadamh a chuireann teagasc agus cáilíochtaí sa gcumarsáid ar fáil trí mheán na Gaeilge.

Dúshlán

De bharr deiseanna fostaíochta i gceirdeanna na hiriseoireachta agus na craoltóireachta a bheith ar leic an dorais, in RTÉ Raidió na Gaeltachta agus TG4 nach bhfuil ach tamall gairid soir an bóthar, agus de bharr deiseanna oiliúna sa gcumarsáid agus deiseanna fostaíochta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, tá saothrú sna gairmeacha seo á gcleachtadh ag roinnt mhaith daoine a bhfuil cónaí orthu san LPT.

Ní shin le rá go bhfuil freastal sonrach á dhéanamh ag aon cheann de na meáin ar an gceantar ach mar a léirítear ón taighde atá déanta mar chuid den phlean seo, tá caiteachas €11.3 sa mbliain san LPT de bharr thionscal na meán closamhairc. Go deimhin, is ar an tionscal seo is mó atá saothrú san LPT.

An dúshlán atá ag gach meán Gaeilge ná lucht éisteachta agus lucht féachana a chothú i measc daoine óga. Tá meáin go leor ag daoine óga seachas bealaí traidisiúnta an raidió agus na teilifíse. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go mbeadh teacht acu ar na meáin thraidisiúnta agus go n-aireoidís go bhfuil na meáin sin ag freastal orthu. Chuige sin, ní foláir go dtabharfaí rannpháirtíocht do dhaoine óga sna meáin chlóite, raidió agus teilifíse. Tá sé tábhachtach do na meáin féin mar gurb iad daoine óga an lae inniu léitheoirí, éisteoirí agus lucht féachana an lae amárach. Tá sé tábhachtach a chur ina luí ar na meáin go gcaithfear infheistíocht a dhéanamh sna daoine óga agus iad a mhealladh trí rannpháirtíocht a thabhairt dóibh agus iad óg. Tá fostaíocht ar fáil i ngach ceantar Gaeltachta sna meáin Ghaeilge agus tá sé tábhachtach go mbeadh glúin nua ar fáil, le scoth na Gaeilge, le freastal ar an bhfostaíocht sin.

BEARTA DO NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

7.1 Craoladh Raidió

Réimse:	1. Na Meáin Chumarsáide	Critéar Pleanála Teanga	16
Eolas breise	Moltar go n-eagrófaí sraith cláracha idir meánscoileanna Gaeltachta, ar bhonn náisiúnta, le craoladh ar RTÉ Raidió na Gaeltachta. Thabharfaí cuireadh do gach meánscoil Ghaeltachta a bheith páirteach. Bheadh rogha ábhar ag scoileanna agus dhéanfaí moltóireacht bunaithe ar ábhar an chlár, feabhas léiriúcháin agus caighdeán Gaeilge. Bheadh babhtáí réigiúnacha agus babhtáí náisiúnta mar chuid den chraoladh. Reáchtálfaí na cláracha ar bhonn sraithe ionas go mbeadh níos mó ná deis amháin ag gach scoil a bheith páirteach sa tsraith. D'fhéadfaí an tsraith cláracha a reáchtáil faoi choimirce na Scéime Léiriúcháin Neamhspleách atá i bhfeidhm ag RTÉ Raidió na Gaeltachta. Chuirfeadh RTÉ Raidió na Gaeltachta cabhair léiriúcháin ar fáil. Bhronnfaí duaiseanna ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta. Ní bhaineann an moladh seo le Plean Teanga na Ceathrún Rua amháin. Bheadh LPTanna eile ar fud na Gaeltachta páirteach ann.		
Aidhm	Taithí ar úsáid na Gaeilge go poiblí a chothú agus mórtas a chothú sa teanga trí dhuaisanna réigiúnacha agus náisiúnta a bhaint amach		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: RTÉ Raidió na Gaeltachta/CCMD Páirtithe Leasmhara: Meánscoileanna Gaeltachta; Údarás Craolacháin na hÉireann		
Saolré	Bliain 1: Forbairt ar phlean fadtéarmach do na craoltaí Foinse airgeadais a chinntiú Bliain 2: Tús leis an tsraith Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€14,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000	Foinsí Maoinithe	RTÉ Raidió na Gaeltachta/ Údarás Craolacháin na hÉireann
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Daoine óga a ullmhú le bheith gairmiúil ina gcur i láthair trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Comhoibriú idir RTÉ Raidió na Gaeltachta agus meánscoileanna Gaeltachta		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An scéim seo a aontú le RnaG mar chuid d'iarracht RnaG ról freagrach a bheith aige sa bpleanáil teanga		

7.2 Comórtas Tallainne Teilifíse

Réimse:	1. Na Meáin Chumarsáide	Critéar Pleanála Teanga	16
Eolas breise	Moltar go n-eagródh TG4 comórtas tallainne do dhaoine óga i ngach meánscoil Ghaeltachta. Dhíreofaí ar ábhar láithreoirí agus tuairisceoirí. Chuirfí gearrchúrsa traenála i ngnóthaí teilifíse ar fáil do dhaoine a mheasfaí a bheadh oiriúnach don chraoltóireacht teilifíse. Tharraingeodh an cúrsa seo aird dhaoine óga ar thábhacht na Gaeilge labhartha agus na deiseanna a bhaineann le fostaíocht trí Ghaeilge sna meáin chraolta. Ní bhaineann an moladh seo le Plean Teanga na Ceathrún Rua amháin. Bheadh LPTanna eile ar fud na Gaeltachta páirteach ann		
Aidhm	Aird dhaoine óga a dhíriú ar thábhacht na Gaeilge sa saol poiblí agus sna meáin chraolta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: TG4/ CCMD Páirtithe Leasmhara: Meánscoileanna Gaeltachta; Údarás Craolacháin na hÉireann		
Saolré	Bliain 1: Forbairt ar phlean don chomórtas tallainne Feachtas poiblíochta Bliain 2: Tús leis an gcomórtas Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€14,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000	Foinsí Maoinithe	TG4/Údarás Craolacháin na hÉireann
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Daoine óga a ullmhú le bheith gairmiúil ina gcur i láthair trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Comhoibriú idir TG4 agus meánscoileanna Gaeltachta		
	An scéim seo a aontú le TG4 mar chuid d'iarracht TG4 ról freagrach a bheith aige sa bpleanáil teanga		

7.3 Na Meáin Chlóite/ agus Ar líne

Réimse:	1. Na Meáin Chumarsáide	Critéar Pleanála Teanga	16
Eolas breise	Moltar go n-eagródh an nuachtán tuairisc.ie colún rialta do dhaoine óga ina spreagfaí daoine óga le hailt tuairimíochta nó léirmheastóireachta a scríobh. Mar ábhar spreagtha do dhaoine óga, bheadh duaiseanna ar fáil i réimsí éagsúla den iriseoireacht. Ní bhaineann an moladh seo le Plean Teanga na Ceathrún Rua amháin. Bheadh LPTanna eile ar fud na Gaeltachta páirteach ann.		
Aidhm	Taithí ar úsáid na Gaeilge go poiblí a chothú agus mórtas a chothú sa teanga		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: tuairisc.ie/ CCMD Páirtithe Leasmhara: Meánscoileanna Gaeltachta; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Forbairt ar phlean fadtéarmach Bliain 2: Tús leis an bhfoilsíú Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€7,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000	Foinsí Maoinithe	Tuairisc.ie
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Daoine óga a ullmhú le bheith gairmiúil ina gcuid i láthair trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Comhoibriú idir tuairisc.ie agus meánscoileanna Gaeltachta		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	An scéim seo a aontú le tuairisc.ie mar chuid d'iarracht tuairisc.ie ról freagrach a bheith aige sa bpleanáil teanga		

8

Seirbhísí Poiblí

Tá raon leathan seirbhísí poiblí ar fáil in LPT na Ceathrún Rua. Cuireann ranna rialtais, eagrais Státurraithe, Comhairle Contae na Gaillimhe agus ÚnaG raon leathan seirbhísí ar fáil - seirbhísí a mbaineann dreamanna taobh amuigh den LPT úsáid astu chomh maith le pobal an LPT féin. De bharr chomh lárnach is atá an Cheathrú Rua i ndeisceart Chonamara, tháinig fás faoin líon seirbhísí poiblí a chuirtear ar fáil i rith na mblianta. Go traidisiúnta bhí na seirbhísí ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Tá formhór mór na seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge i gcónaí, ach tá fianaise ann go bhfuil ar a laghad ceann amháin de na seirbhísí seo, an tseirbhís chúirte, ag iompú ar an mBéarla le tamall anuas. Tá éifeacht ag an méid seo ar iompar teanga i gceantair eile lasmuigh den LPT de bharr go ndéanann an chúirt áitiúil freastal ar dheisceart Chonamara ar fad. Tá brú freisin ar an nGarda Síochána, ar na seirbhísí sláinte agus leighis ó thaobh na teanga. Tá lucht leighis nach bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu ag freastal ar an bpobal áitiúil.

An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta

Ó bunaíodh Roinn na Gaeltachta sa mbliain 1956, tá lorg láidir fágtha ag obair na Roinne ar shaol agus ar dhreach na Gaeltachta. Faoi scéim dheontas tithíochta na Roinne cuireadh feabhas as cuimse ar chaighdeán tithíochta na Gaeltachta agus, dá réir, ar shaol maireachtála an phobail. Ba mhór an t-ábhar misnigh Scéim Labhairt na Gaeilge leis an teanga a choinneáil beo agus, go dtí an lá atá inniu ann, tá Scéim na bhFoghlaimoirí Gaeilge nó scéim na gcoláistí samhraidh ar cheann de na scéimeanna is tairbhí maidir le tacaíocht don teanga laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Cuireann an RCOG maoiniú ar fáil le háiseanna spóirt, sóisialta agus pobail. Le cúlú na heacnamaíochta, tá cúlú tagtha ar chaiteachas na Roinne. Ní tráth é seo le maidí a ligean le sruth. Tá infheistíocht na Roinne níos

tábhachtaí ná riamh de bharr an bhrú shíoraí atá ar an nGaeilge. De réir na **Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030** “*Leanfar le treisiú na hoibre atá ar bun ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus ag na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí a thagann faoina scáth chun an Ghaeilge a chur chun cinn go náisiúnta agus chun í a chaomhnú agus a threisiú sa Ghaeltacht*”.

Údarás na Gaeltachta

Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghluin eile, an bunchuspóir atá le polasaí ÚnaG. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d’imeachtaí pobail, cultúrtha agus teagabhunaithe.

Foinse: Údarás na Gaeltachta

Bhí ról láidir ag ÚnaG, agus ag Gaeltarra Éireann roimhe, sa bhforbairt a tháinig ar an gCeathrú Rua ó na 1970idí ar aghaidh. Bunaíodh an t-eastát tionsclaíochta ar an gCeathrú Rua i dtús na 1970idí agus chuir sé fostaíocht ar fáil do na céadta, fostaíocht a raibh géarghá léi ag tráth a raibh an imirce trom as an gceantar. Rinneadh forbairt ar eastát tionsclaíochta eile i gCasla níos deireanaí agus is ar an eastát seo is mó atá brabach reatha le feiceáil ar infheistíocht ÚnaG.

Ach ní fostaíocht amháin a chuir Gaeltarra Éireann agus ÚnaG ar fáil. Cuireadh oiliúint agus traenáil ar ghlúin daoine a thug oiliúint dóibh mar oibrithe tionsclaíocha seachas oibrithe talmhaíochta agus tuaithe mar a bhí suas go dtí na 1970idí. D’athraigh “réabhlóid thionsclaíoch” Gaeltarra Éireann pobail tuaithe na Gaeltachta ina bpobail thionsclaíocha. De bharr an mheatha a tháinig ar an bhfeirmeoireacht agus ar an iascach agus an t-athrú a tháinig ar an


bhfostaíocht de bharr feabhas ar chúrsaí oideachais agus infheistíocht Ghaeltarra Éireann/ÚnaG agus an Státchóras, is éard atá agat anois sa gceantar Gaeltachta seo ná pobail “uirbeacha” atá lonnaithe i gceantair tuaithe. Is ionann ar bhealaí go leor a nósanna maireachtála agus nósanna maireachtála an bhaile mhóir agus na cathrach. Tá siad ann fós atá ag plé leis an talamh agus leis an bhfarraige, ach is beag acu gur féidir leo slí mhaireachtála a bhaint as gan bealaí ioncaim eile a tharraingt chucu féin.

Tá éifeacht ollmhór ag an tslí mhaireachtála nua ar iompar teanga. Tá daoine go minic ag obair i dtimpeallacht nach í an Ghaeilge an teanga oibre, go háirithe iad siúd a théann go cathair na Gaillimhe ar thóir fostaíochta. Ach freisin, de bharr an athrú saoil, an t-athrú sin ón talamh agus ón bhfarraige, tá líon mór leaganacha cainte, nósanna agus imeachtaí laethúla a thugann saibhreas don teanga bheo, imithe as an gcaint. Deir Proinnnsias Breathnach san iris *Comhar* i 1984 “*Ní raibh aon pháirt ag an tionsclaíocht sa traidisiún chultúrtha inar fhás an Ghaeilge: dá bhrí sin, ní foláir nó go dtagann an tionsclaíocht salach ar an gcultúr a thugann bonn agus cóthéacs don Ghaeilge*” (An Pobal Áitiúil, an Stát agus Forbairt na Gaeltachta: Comhar 1984). In LPT na Ceathrún Rua, tá roinnt mhaith fostaíochta ar fáil de bharr seirbhísí fostaíochta a bheith ar leic an dorais acu – RTÉ Raidió na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus seirbhísí eile, agus fiú TG4 a bheith gar do láthair. Is mór an lear airgid a thugann coláistí samhraidh, dírithe go príomha ar Ghaeilge a theagasc do dhéagóirí ó cheann ceann na tíre, isteach sa bpobal freisin. Cruthaíonn an teacht isteach ón bhfostaíocht seo poist eile i siopaí, garáistí, bialanna, óstaí agus tithe lóistín.

In 2013 d’fhógair ÚnaG gurb í an Cheathrún Rua lárionad tionscail na Gaeilge i nGaeltacht Chonamara.


Tá 334 (2016) duine fostaíthe i gcliantchomhlachtaí ÚnaG san LPT. I réimse na seirbhísí atá 87% fostaíthe.

Líon iomlán na bhfostaithe i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i 2016 de réir stádas poist



Foinse: Údarás na Gaeltachta

Fostaíocht i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta in LPT na Ceathrún Rua



Foinse: Údarás na Gaeltachta

Seirbhísí Sláinte agus Leighis

Is ceantar é an Cheathrún Rua a bhfuil fáil ar réimse leathan seirbhísí sláinte agus leighis ann. Tá ceathrar dochtúirí teaghlaigh ag cur a gcuid seirbhísí ar fáil do phobal an LPT. Tá cónaí ar bheirt den cheathrar dochtúirí san LPT, ach déanann an ceathrar freastal rialta ar othair sa gceantar. Ní cainteoirí dúchais ceachtar de na dochtúirí, ach tá beirt de na dochtúirí inniúil ar sheirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil. Is cainteoir dúchais í banaltra sláinte poiblí an cheantair a dhéanann a cuid oibre go hiomlán trí Ghaeilge.

Tá Áras Mhic Dara, ionad cónaithe do sheanáirí, lonnaithe sa sráidbhaile. Tá spás do 47 duine san Áras. Daoine áitiúla ó fud fad Chonamara is mó atá ina gcónaí ann. Áis luachmhar é an tÁras seo do phobal Chonamara Theas atá ag dul in aois. Tá daoine in ann deireadh a gcuid laethanta a chaitheamh ina bpobal féin agus ina dteanga féin. Is trí Ghaeilge a reáchtáiltear Áras Mhic Dara ó lá go lá.

- Tá dhá chógaslann lonnaithe san LPT agus seirbhís trí Ghaeilge le fáil iontu.
- Tá seirbhís otharchairr lonnaithe ar an gCeathrú Rua.

Cúrsaí Eaglasta


InGaeilge amháin a reáchtáiltear cúrsaí na heaglaise Caitlicí ar an gCeathrú Rua. Níl aon seirbhís eaglasta rialta eile ar tairiscint sa bpobal. Ofráiltear Aifreann Gaeilge go laethúil i dTeach Pobail Mhic Dara. Is trí Ghaeilge, seachas i gcásanna

eisceachtúla, a reáchtáiltear seirbhísí Aifrinn, baiste, pósta, sochraidí agus seirbhísí eile eaglasta. Cuirtear seirbhísí eaglasta ar fáil i nGaeilge freisin do na seanóirí in Áras Mhic Dara.

Is trí Ghaeilge a dhéanann Coiste Tréadach na hEaglaise a chuid oibre sa bparóiste.

Léiríonn an *Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015* go gcreideann breis agus 93% den phobal go bhfuil seirbhís shásúil trí Ghaeilge le fáil sa séipéal áitiúil.

An bhfuil na himeachtaí agus seirbhísí seo ar fáil trí Ghaeilge amháin nó trí Ghaeilge den chuid is mó



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

AN GARDA SÍOCHÁNA

Tá stáisiún Gardaí ar an gCeathrú Rua agus bhí stáisiún de chuid an Royal Irish Constabulary (RIC) ansin nó gur bunaíodh An Garda Síochána. Faoi láthair, tá sáirsint agus ceathrar Gardaí lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Tá na Gardaí ar fad sa stáisiún inniúil ar a gcuid oibre a dhéanamh trí Ghaeilge. Is Gaeilgeoirí ó dhúchas beirt den fhoireann.

Cé gur ar an gCeathrú Rua atá an stáisiún clúdaíonn na Gardaí áitiúla cuid mhaith de cheantar Chonamara Theas agus bíonn siad ar dualgas go tráthrialta i gcomharsanacht chathair na Gaillimhe. I mBóthar na Trá atá an cheanncheathrú ceantair a bhfuil stáisiún Gardaí na Ceathrún Rua freagrach dó. Níl aon cheanncheathrú Ghaeltachta ag an nGarda Síochána sa nGaeltacht is mó sa tír.

AN tSEIRBHÍS CHÚIRTEANNA

Tionóltar seisiún míosúil cúirte i gCúirt Dhoire an Fhéich, cúirt atá lonnaithe in LPT na Ceathrún Rua. Deimhníonn an tSeirbhís Chúirteanna, atá

freagrach as cúirteanna na tíre, go bhfuil seirbhís iomlán trí Ghaeilge ar fáil i gCúirt Dhoire an Fhéich. Tá breitheamh le Gaeilge agus seirbhís chléireachais cúirte ar fáil i nGaeilge sa gcúirt. An Garda Síochána a dhéanann an t-ionchúiseamh sa gcúirt – i bhfocail eile Ceannfort nó Cigire de chuid an Gharda Síochána a chuireann na cásanna os comhair na cúirte. Bhíodh an t-ionchúiseamh ar fad i nGaeilge tráth, ach níl sin fíor níos mó, rud a fhágann go reáchtáiltear formhór na gcásanna cúirte i gCúirt Dhoire an Fhéich i mBéarla. Oifigigh nó baill an Gharda Síochána a dhéanann a gcuid oibre trí Bhéarla sa gcúirt is cúis le laghdú ar úsáid na Gaeilge i gCúirt Dhoire an Fhéich.

Bhí cáil eile ar Chúirt Dhoire an Fhéich mar go raibh sí ar an mbeagán cúirteanna lán-Ghaeilge a bhí sa tír. Faraor níl sin fíor faoi láthair.

Cuireann an tSeirbhís Chúirteanna, atá freagrach as reáchtáil na cúirte, a cuid seirbhísí ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Tá Gaeilge ag an mbreitheamh agus ag an gcléireach cúirte.

Tá dlíodóirí le Gaeilge ag freastal ar chliaint a bhíonn os comhair na cúirte, cliaint arb í an Ghaeilge a gcéad teanga.

Tugtar fianaise don chúirt i nGaeilge.

An Garda Síochána, Ceannfort nó Cigire go hiondúil, a bhíonn mar chúisitheoir sa gcúirt agus faoi láthair is i mBéarla den chuid is mó, nó i mBéarla amháin níos minice ná a mhalairt, a dhéantar obair an chúisitheora i gCúirt Dhoire an Fhéich. Deir an Garda Síochána nach dtugann an Cigire ná an Ceannfort na cásanna i gCúirt Doire an Fhéich i nGaeilge, ach amháin nuair atá sé riachtanach nó má tá sé á éileamh ag an duine atá os comhair na cúirte. De bharr go roghnaíonn an Garda Síochána an t-ionchúiseamh a dhéanamh trí Bhéarla, tá teanga na cúirte athraithe ó Ghaeilge go Béarla le tamall de bhlianta anuas. Cé go dtugann baill den Gharda Síochána a gcuid fianaise i nGaeilge go tráthrialta, is i mBéarla a reáchtáiltear cuid mhaith d'obair na cúirte de bharr an t-ionchúiseamh a bheith á dhéanamh i mBéarla.

COMHAIRLE CONTAE NA GAILLIMHE

Tá sé mar chuid den straitéis i bPlean Ceantair Áitiúil Chomhairle Contae na Gaillimhe an Cheathrú Rua a chur chun cinn mar phríomh-shráidbhaile don Ghaeltacht. Is é Polasaí na Comhairle Contae an Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus cuidiú le hÚnaG a bPlean Forbartha a chur i bhfeidhm. Féach Beart 9.1 faoi Phleanáil agus Forbairt Fhisiciúil.

Dúshlán

Pobal beo Gaeltachta é an Cheathrú Rua a bhfuil an teanga láidir ann. Cuireann **An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** LPT na Ceathrún Rua i gCatagóir A *“a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis agus 67% dá ndaonra iomlán (3 bliana +) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge”*. Tugtar le fios sa staidéar céanna go bhfuil 88% de phobal an LPT ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Tá an staidéar seo bunaithe ar Dhaonáireamh 2002.

De réir Dhaonáireamh 2016, tá 85% de phobal an LPT ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (lasmuigh

agus lastigh den chóras oideachais). De réir an **tSuirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015**, labhraíonn 89% de phobal an LPT Gaeilge go laethúil. Seo meánfhigiúr idir líon na dtuismitheoirí agus na gclann a labhraíonn Gaeilge go laethúil. Tugann sé seo le fios go bhfuil LPT na Ceathrún Rua ar cheann de na pobail is bisiúla sa tír ó thaobh na Gaeilge agus iompar teanga.

Baile seirbhíse é sráidbhaile na Ceathrún Rua atá lonnaithe i gceartlár an LPT. Mar atá léirithe cheana tá soláthar leathan seirbhísí ar an mbaile agus ar fud an LPT agus formhór na seirbhísí sin ar fáil trí Ghaeilge. An dúshlán atá ag an LPT anois ná go mairfeadh an pobal agus a bhfuil ann ina phobal láidir Gaeltachta mar atá. Más leis sin tarlú, ní foláir go ndéanfaidh gach aonad den Státchóras cinnte de go beadh gach seirbhís atá á cur ar fáil acu, ar fáil i nGaeilge. Tá sé feicthe go bhfuil cúlú ó thaobh seirbhísí trí Ghaeilge tagtha ar an tseirbhís chúirte agus nach bhfuil Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte os cionn a mbuille ó thaobh freastal i nGaeilge ar phobal láidir Gaeltachta.

Ar chúrsaí oideachais, cúrsaí Gaeilge agus ar scéimeanna sóisialta is mó atá caiteachas an RCOG in LPT na Ceathrún Rua. Tá tacaíocht shuntasach tugtha ag an RCOG le blianta beaga anuas d'fhorbairt an Ionaíod Cúram Leanaí ar an gCeathrú Rua agus d'fhorbairt ionad CCMD, An Cromptán. Tacaíonn an RCOG le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge freisin.

Teastóidh maoiniú fiúntach chun Plean Teanga na Ceathrún Rua a chur i bhfeidhm.

Chuir an RCOG deireadh le Scéim Labhairt na Gaeilge in 2011. I mbliain dheireanach an SLG 2010/2011, bhain 88% de scoláirí óga na Ceathrún Rua an deontas iomlán amach. Ní hamháin gur ábhar misnigh a bhí sa scéim le go labhródh tuismitheoirí Gaeilge lena gclann, ach ba shlat tomhais a bhí inti lena chruthú cé a bhí i dteideal deontais tithíochta agus freisin deontais na gcoláistí samhraidh.

Is é *“caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghliúin eile”* an bunchuspóir

atá le polasaí ÚnaG. Tá sé suntasach i gcásanna ar leith go bhfuil infheistíocht fostaíochta ÚnaG i bpobail ina bhfuil an Ghaeilge láidir i nGaeltacht na Gaillimhe, níos ísle ná i bpobail eile nach bhfuil an teanga chomh láidir iontu. Tá breis agus dhá oiread daoine fostaithe i dtionscail a fhaigheann tacaíocht ó ÚnaG in oirthear chathair na Gaillimhe agus ar an Eachréidh is atá fostaithe i dtionscail a fhaigheann tacaíocht ó ÚnaG in LPT na Ceathrún Rua.

Níl aon dea-cháil ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge i gceantair Ghaeltachta. Is i mBéarla amháin atá roinnt de na seirbhísí dochtúireachta teaghlaigh ar fáil agus is i mBéarla amháin atá formhór na seirbhísí sláinte seachtracha, is é sin, na seirbhísí nach bhfuil lonnaithe sa bpobal ach a chuirtear ar fáil sa bpobal go tráthrialta.

Agus an plean seo á scríobh, tá atheagar á chur ar chúrsaí póilíneachta i gcathair agus i gContae na Gaillimhe, agus tá ceanncheathrú nua don Gharda Síochána á tógáil i gcathair na Gaillimhe. Ní fios go fóill an mbeidh tionchar ag an bhforbairt

ollmhór ar stáisiúin eile sa gcontae ó thaobh líon na stáisiún Gardaí nó líon na nGardaí a bheidh ar dualgas sna stáisiúin tuaithe. Ní fios go fóill céard a tharlóidh don cheanncheathrú ceantair i mBóthar na Trá ná céard a tharlóidh do na stáisiúin tuaithe, an Cheathrú Rua ina measc.

Ceist nach bhfuil smacht áitiúil uirthi ná eisiúint toghairmeacha cúirte, ach bíonn tionchar aige ar obair an Gharda Síochána i ngach pobal Gaeltachta, an Cheathrú Rua ina measc. Faoi láthair, is i mBéarla amháin a eisítear toghairm cúirte i ngach áit sa tír – Gaeltacht agus Galltacht. Cé go ndeir an Garda Síochána gur féidir toghairm cúirte a eisiúint i nGaeilge má éilítear a leithéid, is i mBéarla amháin a eisítear na toghairmeacha de ghnáth. Tuigtear nach bhfuil rogha ag an nGarda a dteastaíonn uaidh nó uaithi toghairm a eisiúint ach sin a dhéanamh i mBéarla. Níl leagan Gaeilge den toghairm ar fáil ar chóras ríomhaireachta an Gharda Síochána.

BEARTA DO SHEIRBHÍSÍ POIBLÍ

8.1 Scéim Labhairt na Gaeilge

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15,18
Eolas breise	Moltar go dtabharfaí ar ais Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG) do pháistí bunscoile. Moltar go ndéanfaidh cigirí na Roinne scrúdú béil ar na páistí ar scoil. Chuirfí deontas bliantúil €500 ar fáil do theaghlach na bpáistí a n-éireodh leo sa scrúdú béil a chuirfeadh oifigeach ón RCOG orthu. Mura n-éireodh leis an bpáiste pas a fháil sa scrúdú béil, ní bheadh an deontas ar fáil ná ní bheadh an teaghlach sin i dteideal scoláirí a choinneáil ina dtithe faoi scéim na gcoláistí samhraidh ná i dteideal scéimeanna deontais eile na Roinne. Ní bheadh an costas chomh hard ach oiread ach an scéim a theorannú do na bunscoileanna. Tá costas na scéime bunaithe ar 300 páiste san LPT in aghaidh na bliana. Tá an figiúr seo bunaithe ar líon na bpáistí san LPT idir 4-12 bliain i nDaonáireamh 2011. Moltar go gcuirfí an scéim i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta		
Aidhm	Tacú le teaghlaigh an Ghaeilge labhairt lena gclann agus spreagadh a thabhairt dóibh chuige sin. Borradh a chur faoi iompar teanga.		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: An RCOG Páirtithe Leasmhara: CCMD, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Athghairm ar SLG Aontú ar mhaoiniú Córaís a aontú maidir le cur i bhfeidhm na scéime Bliain 2-7: Feidhmiú na scéime Bliain 2-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€1,050,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€150,000	Foinsí Maoinithe	RCOG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	SLG a athghairm agus a chur i bhfeidhm mar atá molta sa bplean seo		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Córas scrúdaithe a chur i bhfeidhm agus maoiniú a sholáthar		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ar bhonn polaitiúil a dhéanfar an cinneadh seo. Stocaireacht le déanamh ag pobail Ghaeltachta lena chur i gcrích Cruinnithe ag an gCoiste Monatóireachta leis an RCOG go rialta Athbhreithniú iomlán ar an bplean ag deireadh bhliain 3		

8.2 Príomhbhaile Gaeltachta agus Lárionad Seirbhísí

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Sa mbliain 2013 d'fhógair ÚnaG An Cheathrú Rua mar an lárionad do thionscal na Gaeilge i gConamara. Ba chóir tógáil air seo agus An Cheathrú Rua a ainmniú mar an príomhbhaile Gaeltachta i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá an baile ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Tá níos mó seirbhísí ar fáil i sráidbhaile na Ceathrún Rua agus san LPT trí chéile ná mar atá ar fáil in aon phobal eile i nGaeltacht Chonamara. San LPT tá bunscoileanna, meánscoil, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, lárionad RTÉ Raidió na Gaeltachta, Oifig Chomhairle Contae na Gaillimhe, leabharlann, príomhoifigí Oireachtas na Gaeilge, CNNG, Tuismitheoirí na Gaeltachta, áiseanna siopadóireachta agus miondíola, dhá eastát tionscail, áiseanna caitheamh aimsire agus sóisialta. Le comhoibriú le Comhairle Contae na Gaillimhe, chruthófaí baile nua “Gaelach” i nGaeltacht Chonamara a bheadh mar phríomhbhaile Gaeltachta i gConamara. Tá an moladh seo ag teacht le Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe. Moltar go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus an Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara agus go mbeadh sráidbhaile na Ceathrún Rua mar an príomh-sráidbhaile i nGaeltacht Chonamara agus mar lárionad seirbhísí don Ghaeltacht.		
Aidhm	Baile amháin i nGaeltacht na Gaillimhe a bheith ainmnithe mar phríomhbhaile na Gaeltachta agus na seirbhísí lárnacha a bheith ar fáil ann go hiomlán trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD, ÚnaG agus Co. Co. na Gaillimhe Páirtithe Leasmhara: RCOG		
Saolré	Bliain 1: An Cheathrú Rua a fhógairt mar phríomhbhaile Ghaeltacht Chonamara Bliain 2: Plean sonracha a ullmhú don bhaile Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€10,000 le plan a ullmhú		
Costas measta in aghaidh na bliana	€10,000	Foinsí Maoinithe	Co. Co. na Gaillimhe, ÚnaG
Dúshláin fhéideartha agus réitigh	Sráidbhaile Gaeltachta ina bhfuil an Ghaeilge láidir a fhorbairt mar phríomhbhaile Ghaeltacht na Gaillimhe		
Cén chaoi a sárófar na dúshláin?	Cinneadh a ghlacadh agus plan a ullmhú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	CCMD le maoiniú a lorg ó ÚnaG le plan a ullmhú a leagfadh síos bealaí leis an mbeart seo a chur i gcrích		

8.3 Ionad An Teanga Bheo

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar dlús a chur le planáil d'ionad 'An Teanga Bheo' a lonnú in LPT na Ceathrún Rua. Chuirfeadh a leithéid d'ionad le dlús criticiúil seirbhísí teanga eile fearacht RTÉ Raidió na Gaeltachta, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, CNNG, coláistí Gaeilge, Europus, an leabharlann, Tuismitheoirí na Gaeltachta agus na seirbhísí eile sa gceantar. Bheadh deiseanna in Ionad 'An Teanga Bheo' le hidirghníomhú a dhéanamh leis an teanga, an cultúr agus saol beo an cheantair trí mheán na Gaeilge. Thabharfadh an t-ionad seo stádas tábhachtach don Ghaeilge agus don chultúr Gaelach atá beo láidir sa gceantar agus chruthódh sé meas ar an teanga, gan trácht ar na deiseanna a chruthódh sé ó thaobh na turasóireachta agus na fostaíochta. Bheadh an t-ionad mar pháirt den leabharlann agus bheadh na seirbhísí idirghníomhacha ar fáil san ionad/ leabharlann.		
Aidhm	Stádas láidir a thabhairt don teanga mar theanga beo agus mar áis thurasóireachta chultúrtha agus mar dheis fostaíochta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhuinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Co. Co. na Gaillimhe; ÚnaG; RCOG; Fáilte an Iarthair		
Saolré	Bliain 1: Sraith cruinnithe poiblí a eagrú leis an togra a phlé Bliain 2: Plean a ullmhú i gcomhar le ÚnaG, Co. Co. na Gaillimhe, RCOG, Fáilte an Iarthair, Bliain 3: Plean a aontú Bliain 3–7: Plean a chur i gcrích		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 8.2		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 8.2	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 8.2
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Ionad feiceálach don teanga Ghaeilge a lonnú i gceantar láidir Gaeltachta a thabharfadh stádas cultúrtha agus eacnamaíoch don teanga		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Plean a ullmhú, cinneadh a ghlacadh agus maoiniú a chur ar fáil		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Tús a chur le plé agus díospóireacht a léireoidh don phobal tábhacht na teanga ó thaobh an chultúir agus na heacnamaíochta		

8.4 Tascfhórsa Fostaíochta

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar tascfhórsa a bhunú laistigh d'ÚnaG ar mhaithe le plan forbartha tionsclaíoch a leagan amach don LPT. Bheadh sé de sprioc ag an tascfhórsa 300 post breise a chruthú san LPT laistigh de chúig bliana. Bheadh ionadaíocht pobail ag an tascfhórsa		
Aidhm	300 post breise a chruthú sa gceantar laistigh de chúig bliana		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: ÚnaG Páirtithe Leasmhara: RCOG, CCMD		
Saolré	Bliain 1: Tascfhórsa a bhunú Plean fostaíochta a fhógairt Bliain 2: Plean fostaíochta a chur i gcrích Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€0 Tiocfaidh pé costas ó bhuiséad ÚnaG mar a tharlaíonn nuair a dhéantar a leithéid de thascfhórsa a bhunú i gceantair eile		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Lárionad fostaíochta a dhéanamh den Cheathrú Rua le freastal ar cheantar Gaeltachta dheisceart Chonamara		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Tascfhórsa a bhunú agus moltaí an tascfhórsa a chur i gcrích		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	ÚnaG le tascfhórsa a bhunú mar atá déanta i nGaoth Dobhair agus i gceantair eile Ghaeltachta		

8.5 Feidhmeannacht na Seirbhís Sláinte (FSS)

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach dul i bhfeidhm ar an FSS ar mhaithe le go dtuigfeadh an t-eagras sin a thábhachtaí atá sé go gcuirfí seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do phobal an cheantair. Is fiú iarracht aontaithe, le LPTanna eile san iarthar, a dhéanamh le dul i bhfeidhm ar an FSS.		
Aidhm	Gach seirbhís sláinte san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: FSS; RCOG; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Plean a aontú leis an FSS maidir le freastal trí Ghaeilge Bliain 2-4: An plean a fheidhmiú Bliain 2-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€700 costas taistil chuig cruinnithe		
Costas measta in aghaidh na bliana	€100	Foinsí Maoinithe	CCMD
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gach seirbhís sláinte poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Athrú meoin a chur i bhfeidhm san FSS agus plean gnímh a fheidhmiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	A ndualgas reachtúil a chur ina luí ar an FSS Cruinnithe rialta ag an CPT le FSS		

8.6 Áras Mhic Dara/Ionad Sláinte Poiblí

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go mbeadh polasaí láidir Gaeilge in Áras Mhic Dara, san ionad sláinte agus sna seirbhísí sláinte eile atá ar fáil sa bpobal. Tá dlúthbhaint aige seo le polasaithe an FSS. Ní foláir polasaí láidir fostaíochta trí Ghaeilge a chur i bhfeidhm. Bunaíodh Áras Mhic Dara le freastal ar phobal na Gaeltachta atá ag dul in aois agus tá sé tábhachtach go gcloífí leis an sprioc sin.		
Aidhm	Gach seirbhís sláinte san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/FSS Páirtithe Leasmhara: CPT, RCOG, ÚnaG		
Saolré	Bliain 1: Polasaí Gaeilge a aontú leis an FSS Bliain 2-4: An plean a fheidhmiú Bliain 2-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 8.5		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 8.5	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe i mBeart 8.5
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gach seirbhís sláinte poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Athrú meoin a chur i bhfeidhm san FSS agus plean gnímh a fheidhmiú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	A ndualgas reachtúil a chur ina luí ar an FSS Cruinnithe rialta ag an CPT le FSS		

8.7 Scéim Scoláireachta do Lucht Leighis

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé thar a bheith deacair i láthair na huaire dochtúirí teaghlaigh a fháil le lonnú i gceantair tuaithe gan trácht ar dhochtúirí a bheadh inniúil a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge. Moltar go gcuirfeadh ÚnaG dlús le scéim scoláireachta do mhic léinn leighis le Gaeilge, scéim faoina mbeadh ar na mic léinn sin agus iad cáilithe mar dhochtúirí teaghlaigh, tréimhse aontaithe blianta a chaitheamh ar dualgas i gceantair Ghaeltachta mar chúiteamh ar an gcúnamh airgid a chuirfeadh na scoláireachtaí ar fáil. Moltar scéim scoláireachtaí altrachta, leis na coinníollacha céanna, a reáchtáil d'altraí pobail. Tá scéim scoláireachtaí ag an Údarás cheana féin agus d'fheadfaí an córas scoláireachtaí sin a chur in oiriúint don scéim seo. Cuireann OÉ Gaillimh modúl ar fáil do mhic léinn Leighis agus Altrachta san Ollscoil mar chuid dá gcúrsa céime. D'fhreastail seisear ábhar dochtúirí ar chúrsa deireadh seachtaine ar an gCeathrú Rua in 2015. Bheadh gach pobal Gaeltachta i dteideal brabach a fháil ar an scéim seo.		
Aidhm	Dochtúirí agus altraí le Gaeilge a bheith ar fáil le freastal ar phobal na Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/ÚnaG Páirtithe Leasmhara: FSS; Ollscoil na hÉireann, Gaillimh		
Saolré	Bliain 1: Scéim a phleanáil agus a fhoilsiú Bliain 2-7: An scéim a fheidhmiú Bliain 2-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€120,000. Chuirfí dhá scoláireacht do mhic léinn leighis arbh fhiú €5000 an ceann iad ar fáil go bliantúil. Chuirfí dhá scoláireacht do mhic léinn altrachta arbh fhiú €5000 an ceann iad ar fáil go bliantúil.		
Costas measta in aghaidh na bliana	€20,000	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gach seirbhís sláinte poiblí a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Scéim scoláireachta ar mhaithe le oiliúint i nGaeilge a chur ar fáil do lucht leighis agus altraí		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	D'aontófaí scéim le ÚnaG faoin scéim scoláireachta atá i bhfeidhm ag an Údarás Cruinnithe rialta ag an CPT le ÚnaG agus OÉG Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

8.8 Cúrsaí Eaglasta

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar go n-aontófaí polasaí sonracha teanga le hArdeaspag agus Ard-Deoise Thuama lena chinntiú go mbeadh freastal trí Ghaeilge ar fáil ag pobal an LPT i gcónaí. Is ceart go gcoinneofaí an status quo maidir le freastal na hEaglaise Caitlicí ar phobal an LPT		
Aidhm	Seirbhís iomlán eaglasta trí Ghaeilge a bheith ar fáil ag pobal an LPT		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: Ardeaspag agus Ard-Deoise Thuama; Sagart Paróiste na Ceathrún Rua; Pobal an LPT		
Saolré	Bliain 1: Aontú gur sagairt le Gaeilge a dhéanfaidh freastal ar an LPT Bliain 1–7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€350 Costas páipéarachais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€50	Foinsí Maoinithe	CCMD
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Gach seirbhís eaglasta a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Aontú le hArdeaspag agus Ard-Deoise Thuama		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Aontú ar straitéis fadtéarmach leis an Ard-Deoise Cruinnithe rialta ag an CPT leis an sagart paróiste		

8.9 Ceanncheathrú Ghaeltachta an Gharda Síochána

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar ceanncheathrú Ghaeltachta an Gharda Síochána a lonnú ar an gCeathrú Rua i ngeall ar a lárnaí is atá an ceantar, ceanncheathrú a dhéanfadh freastal ar na stáisiúin Ghaeltachta ón Spidéal go Carna go hÁrainn le foireann a bheadh inniúil a ngnó iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge.		
Aidhm	Gardaí le Gaeilge a bheith lonnaithe i ngach stáisiún Gaeltachta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/An Garda Síochána Páirtithe Leasmhara: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Choimisinéara Teanga		
Saolré	Bliain 1: Moltaí agus plé maidir le ceanncheathrú nua Ghaeltachta Bliain 2: Aontú ar cheanncheathrú nua Bliain 3: Ceanncheathrú nua a réiteach agus struchtúr nua a chur i bhfeidhm		
Costas measta iomlán:	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Foinsí Maoinithe	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán an Gharda Síochána a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Ceanncheathrú Ghaeltachta a bhunú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plé a thosú leis an nGarda Síochána maidir le plan sonrach Gaeltachta a chur i bhfeidhm don Gharda Síochána i nGaeltacht na Gaillimhe Cruinnithe ag an CPT leis an Roinn/An Garda Síochána		

8.10 Toghairmeacha Cúirte ón nGarda Síochána

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	I mBéarla amháin a eisíonn an Garda Síochána toghairmeacha, fiú i gceantair Ghaeltachta. Is beag a thógfadh sé bunleagan Gaeilge den toghairm a bheith ar fáil ar chóras ríomhaireachta an Gharda Síochána ach an toil a bheith ansin chuige. Moltar go mbeadh toghairmeacha cúirte ar fáil i nGaeilge ar chóras ríomhaireachta an Gharda Síochána		
Aidhm	Seirbhís iomlán trí Ghaeilge a bheith ar fáil ón nGarda Síochána		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/An Garda Síochána Páirtithe Leasmhara: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Choimisinéara Teanga		
Saolré	Bliain 1: Cinneadh a ghlacadh maidir le heisiúint toghairmeacha i nGaeilge Bliain 2: Cinneadh a chur i bhfeidhm Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Foinsí Maoinithe	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán an Gharda Síochána a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Toghairmeacha trí Ghaeilge a bheith ar fáil ar chóras ríomhaireachta an Gharda Síochána		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Dualgas reachtúil an Gharda Síochána a chinntiú Cruinnithe ag an CPT leis an Roinn/An Garda Síochána Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

8.11 Polasaí Earcaíochta an Gharda Síochána

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm an polasaí baill den Gharda Síochána le Gaeilge a lonnú i gceantair Ghaeltachta. Moltar go mbeadh polasaí earcaíochta ag an nGarda Síochána le Gardaí de bhunadh na Gaeltachta a earcú ar mhaithe lena lonnú i gceantair Ghaeltachta. Moltar gur Gardaí de bhunadh na Gaeltachta a lonnófaí i gceantair Ghaeltachta		
Aidhm	Seirbhís iomlán trí Ghaeilge a bheith ar fáil ón nGarda Síochána		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD /An Garda Síochána Páirtithe Leasmhara: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Choimisinéara Teanga		
Saolré	Bliain 1: Cinneadh a ghlacadh maidir le hearcaíocht agus lonnú Gardaí Bliain 2: Cinneadh a chur i bhfeidhm Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Foinsí Maoinithe	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán an Gharda Síochána a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Gardaí le Gaeilge a bheith lonnaithe sa nGaeltacht		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Caidreamh ag an CPT leis an Roinn/an nGarda Síochána Cruinnithe rialta ag an gCoiste Monatóireachta leis an Roinn/an nGarda Síochána Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

8.12 Cúirt Dhoire an Fhéich

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Moltar go gcinnteodh an Garda Síochána gur i nGaeilge a dhéanfaí an t-ionchúiseamh sa gcúirt i nDoire an Fhéich seachas i gcásanna eisceachtúla. Moltar go mbeadh Cúirt Dhoire an Fhéich ina cúirt lán-Ghaeilge mar a bhíodh		
Aidhm	An t-ionchúiseamh trí Ghaeilge a bheith ar fáil ón nGarda Síochána		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD /An Garda Síochána Páirtithe Leasmhara: An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Oifig an Choimisinéara Teanga		
Saolré	Bliain 1: Cinneadh a ghlacadh maidir le hionchúiseamh trí Ghaeilge Cinneadh a chur i bhfeidhm Bliain 2-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais		
Costas measta in aghaidh na bliana	€0 Baineann seo go hiomlán le caiteachas na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais	Foinsí Maoinithe	An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán na cúirte a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Gardaí le Gaeilge a bheith i mbun ionchúisimh sa gcúirt		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Ní foláir a chur ina luí ar an nGarda Síochána gurb é nósmaireacht teanga an Gharda Síochána atá ag iompú na cúirte ar an mBéarla agus nach foláir don Gharda Síochána é seo a chur ina cheart le go mbeadh an chúirt ina cúirt lán-Ghaeilge Cruinnithe ag an CPT leis an nGarda Síochána Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 2		

8.13 Comhairle Contae na Gaillimhe

Réimse:	8. Seirbhísí Poiblí	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Cuireann Comhairle Contae na Gaillimhe seirbhís leabharlainne, seirbhís innealtóireachta, seirbhís dóiteáin agus seirbhís oifig mótarchánach ar fáil san LPT. Tá na seirbhísí ar fad lonnaithe i sráidbhaile na Ceathrún Rua. Tá na seirbhísí ar fad á réachtáil trí Ghaeilge. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe le moladh as an aitheantas a thugtar don Ghaeilge ina gcuid seirbhísí san LPT. Moltar go ndéanfaí athbhreithniú rialta ar an bpolasaí seo lena chinntiú go leanfar den pholasaí suntasach teanga atá ag an gComhairle Contae san LPT.		
Aidhm	Seirbhísí iomlán na Comhairle Contae san LPT a bheith ar fáil trí Ghaeilge mar atá		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Comhairle Contae na Gaillimhe Páirtithe Leasmhara: ÚnaG		
Saolré	Bliain 1-7: Leanúint leis an bpolasaí reatha Bliain 1-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€700		
Costas measta in aghaidh na bliana	€100 Costas cruinnithe	Foinsí Maoinithe	CCMD
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Seirbhísí iomlán na Comhairle Contae a bheith ar fáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Leanúint den pholasaí reatha		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cruinnithe rialta ag an CPT leis an gComhairle Contae lena chinntiú go leanfar den dea-chleachtas Athbhreithniú bliantúil		

9

Pleanáil agus Forbairt Fhisiciúil

Is í Comhairle Contae na Gaillimhe atá freagrach as cúrsaí pleanála fisiciúla in LPT na Ceathrún Rua. Tá sé mar aidhm straitéiseach sa bPlean Forbartha Contae *“An Ghaeltacht a chur chun cinn mar phobal a labhraíonn Gaeilge, an tábhacht atá leis an nGaeilge go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta a aithint agus nuair is féidir, féachaint leis na pobail Ghaeltachta atá fanta a neartú, a chothabháil agus a chosaint”*. Deirtear sa bplean go dtugann an Comhairle Contae tacaíocht d’ÚnaG atá ag comhlíonadh a róil mar Ghníomhaireacht Forbartha an réigiúin seo.

Tá imlíniú déanta ag an gComhairle Contae i bPlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018 ar pholasaithe agus ar chuspóirí a dhéanann cosaint agus a spreagann oidhreacht shóisialta, chultúir agus teanga na Gaeltachta agus ag an am céanna a bhaineann leas as cumas eacnamaíochta agus forbartha na Gaeltachta ar bhealach cothrom agus inbhuanaitheach thar shaolré an phlean. Léirítear sa bplean go bhfuiltear chun *“tacú le agus feidhmiú a dhéanamh ar mholtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (nó aon leagan a thagann ina áit nó atá nuashonraithe)”*.

Beidh sé ina chuspóir ag an gComhairle oidhreacht teanga agus chultúir na Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail.

Mar chuid de Phlean Forbartha an Chontae, tá Plean Ceantair Áitiúil ullmhaithe don Cheathrún Rua (mar bhaile ina bhfuil daonra os cionn 1,500 duine). Chuathas i gcomhairle leis an bpobal agus le hÚnaG in ullmhú an phlean do shráidbhaile na Ceathrún Rua. *“Réitíodh an plean sráidbhaile seo don Cheathrún Rua mar chuid de Phlean Áitiúil na Gaeltachta faoi Alt 18 den Acht Pleanála agus Forbartha 2000 (arna leasú). Glacadh leis gur theastaigh Plean a bheadh*

dírthe go sonrach ar an sráidbhaile mar gur ionad straitéiseach é i gcroílár Ghaeltacht Chonamara agus seirbhísí ann ar nós oideachas for-rochtana ó Ollscoil na hÉireann Gaillimh, Eastát Tionsclaíoch de chuid ÚnaG, bunscoil agus meánscoil, óstán agus teach altranaís..... Mar sin is é Plean Shráidbhaile na Ceathrún Rua an ionstraim reachtúil a bheidh mar stiúir agus mar threoir ar an bhforbairt sa sráidbhaile ar feadh tréimhse an Phlean”.

- Tá sé mar chuid den straitéis sa bPlean Ceantair Áitiúil an Cheathrún Rua a chur chun cinn mar phríomh-shráidbhaile do Ghaeltacht
- Tá sé mar aidhm ag an Údarás Pleanála cosaint a thabhairt do stádas na Ceathrún Rua mar Shráidbhaile Gaeltachta agus cur i gcoinne aon fhorbairt a dhéanadh díobháil do theanga nó do chultúr an phobail.
- Tá sé mar pholasáí pleanála go n-éileofar Ráiteas Srianata Teanga i gcás aon fhorbairt a cheapann sé a dhéanadh díobháil don Ghaeilge más é Polasaí an Údaráis Phleanála:
- An Cheathrún Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara Thiar.
- Cuidiú le hÚnaG a bPlean Forbartha a chur i bhfeidhm.
- Comhoibriú le Fáilte an Iarthair agus le hÚnaG chun táirgí dúchasacha a fhorbairt do thurasóirí, ar nós cultúr eitneach, rothaíocht agus siúlóidí.

Dúshlán

Tá sé tábhachtach go mbeadh sráidbhaile láidir Gaeltachta amháin ar a laghad i nGaeltacht Chonamara ina mbeadh seirbhísí oideachais, rialtais áitiúil, siopadóireachta agus sóisialta ar fáil trí Ghaeilge. Ó tharla cuid mhaith de na seirbhísí seo a bheith ar fáil cheana féin san LPT,

tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm polasaí na Comhairle Contae agus *“An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad seirbhísí do Ghaeltacht Chonamara Thiar”*. Tá sé tábhachtach freisin go

gcuirfí i bhfeidhm polasaí ÚnaG mar a d’fhógair an Príomhfheidhmeannach in 2013 agus *“An Cheathrú Rua a fhorbairt mar lárionad thionscail na Gaeilge i nGaeltacht na Gaillimhe”*.

BEARTA DON PHLEANÁIL AGUS DON FHORBAIRT FHISICIÚIL

9.1 Polasaí Pleanála

Réimse:	8. Pleanáil agus Forbairt Fhísiciúil	Critéar Pleanála Teanga	3,13,15
Eolas breise	Tá sé tábhachtach go gcuirfí i bhfeidhm an polasaí teanga maidir le Ráiteas Srianata Teanga a éileamh i gcás aon fhorbairt a cheapann sé a dhéanadh díobháil don Ghaeilge mar theanga phobail, go gcloífí leis an bpolasaí maidir le comharthaíocht i nGaeilge san LPT agus go mbeadh seirbhísí pleanála ar fáil trí Ghaeilge in Oifig na Comhairle Contae ar an gCeathrú Rua.		
Aidhm	Polasaí Gaeltachta na Comhairle Contae a chur i bhfeidhm		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD/Co. Co. na Gaillimhe Páirtithe Leasmhara: ÚnaG		
Saolré	Bliain1: Plean gnímh a aontú leis an CPT Bliain 2: Plean a chur i gcrích Bliain 3–7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	Costas clúdaithe i mBeart 8.13		
Costas measta in aghaidh na bliana	Costas clúdaithe i mBeart 8.13	Foinsí Maoinithe	Costas clúdaithe I mBeart 8.13
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Feidhm a bheith le polasaí Gaeltachta Chomhairle Contae na Gaillimhe		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Feidhm a bheith le polasaí Gaeltachta Chomhairle Contae na Gaillimhe		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Coinneoidh CCMD súil ghéar ar gach forbairt fhísiciúil san LPT agus cuirfear ina luí ar Cho. Co. na Gaillimhe Ráiteas Srianata Teanga a éileamh i gcás gach forbartha Cruinnithe rialta ag an CPT le Comhairle Contae na Gaillimhe Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 3		

Tá moltaí maidir leis an gCeathrú Rua a bheith ina phríomhbhaile Gaeltachta agus ina lárionad seirbhísí le fáil i mBeart 8.3

10

Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

Níl aon easpa imeachtaí spóirt ná caitheamh aimsire ar an gCeathrú Rua. Tá cumann peile CLG, cumann rugbaí, cumann sacair, cumann dornálaíochta agus imeachtaí eile spóirt - cispheil, iomramh, seoltóireacht, reathaíocht, aclaíocht, rothaíocht, snámh agus siúlóidí ina measc - á gcleachtadh sa bpobal.

Tá áiseanna breá spóirt agus caitheamh aimsire sa bpobal. Tá páirc imeartha pobail agus páirc uile-aimsire ar fáil dóibh siúd a imríonn spórt faoin aer. Tá áiseanna spóirt faoi dhíon a oireann don iliomad imeacht spóirt ar fáil sa gCrompán (CCMD) agus i Halla Éinne. Tá páirc imeartha agus halla ag Scoil Mhic Dara. Tá páirc imeartha agus halla ag Scoil Chuimsitheach Chiaráin. Tá páirc spraoi ar fáil do pháistí óga an cheantair. Eagraíonn Tuismitheoirí na Gaeltachta imeachtaí i nGaeilge do pháistí san ionad SPLANC atá ag an eagraíocht i lár an tsráidbhaile. Tá ceanncheathrú chumann trí-atlain Chonamara agus Árann, Trí- Spórt, agus Club Dornálaíochta Chonamara lonnaithe i gCasla. Tá tíreolaíocht an cheantair thar a bheith oiriúnach don iliomad spórt faoin aer i.e. seoltóireacht, iomramh, curachóireacht, reathaíocht, rothaíocht, siúlóidí etc. Tá cuanta, céibheanna agus tránna foscúla ann d'imeachtaí farraige. Mar phobal, níl mórán easpa ó thaobh spóirt agus caitheamh aimsire.

Tá polasaí sonracha Gaeilge ag na príomhchumainn sa gceantar. Cinntíonn Cumann Peile na Ceathrú Rua, Cumann Rugbaí na Gaeltachta, Cumann Sacair Mhac Dara agus Club Dornálaíochta Chonamara gur trí Ghaeilge amháin a réachtáiltear na cumainn agus go bhfuil traenáilaithe agus cóitseálaithe le Gaeilge ar fáil do chuile aoisghrúpa. Feidhmíonn go leor cumann eile sa gceantar trí Ghaeilge cé nach bhfuil polasaí sonracha acu. Fianaise áirithe ar bhisiúlacht teanga an méid seo féin. Baineann seo go mór mór le spórt dúchasach

na seoltóireachta agus an iomraimh. Tá seo amhlaidh freisin i gcumainn nach bhfuil chomh líonmhar i dtéarmaí ballraíochta leis na cumainn peile agus rugbaí.

Seachas an baile agus cúrsaí oideachais, is beag eile a théann i bhfeidhm ar iompar teanga i measc na hóige ná cúrsaí spóirt agus cúrsaí sóisialta. Caitheann an óige formhór an ama ina measc féin. Cruthaíonn siad a gcomhlúadar féin. I ngan fhios dóibh féin, cothaíonn siad a gcinnirí féin nó ar a laghad ar bith, tugann siad an cead a bheith treoraithe. Formhór an ama, is chun a leasa a oibríonn sé seo, ach feiceann muid an dochar a dhéantar nuair a thugtar an chinnireacht mhícheart. Féach an éifeacht a bhí ag óráidí caithréimeacha Joe Connolly agus Pháidí Uí Shé i nGaeilge ar an bpobal ar fad. Samhlaíodh an Ghaeilge le Craobh na hÉireann, le barr maitheasa i ngort na hiomána agus na peile, le gradam agus le mórtas. Ar an ábhar céanna, tá deis iontach ag cumainn spóirt agus acu siúd a thugann ceannasaíocht sna cúrsaí sin bród agus mórtas a chothú i measc na hóige ina dteanga dhúchais. Go deimhin, i gceantar láidir Gaeltachta mar an Ceathrú Rua, ghlacfaidís leis go bhfuil sé d'iallach orthu an bród agus an meas sin ina dteanga dhúchais a spreagadh sna daoine óga a thagann faoina dtionchar.

De réir an t*Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015* deir breis agus 80% den phobal go bhfuil imeachtaí spóirt, sóisialta agus caitheamh aimsire ar fáil trí Ghaeilge ar an gCeathrú Rua.

Cén % de do shaol sóisialta atá tú in ann a chaitheamh trí Ghaeilge ar an gCeathrú Rua



92 Níos mó ná 80%

8 Níos lú ná 80%

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Dúshlán

Cé go bhfuil polasaí láidir teanga ag na cumainn spóirt san LPT, deir lucht eagraithe spóirt go bhfuil an Béarla ag brú isteach go láidir i measc na hóige. Tuigeann na cumainn a bhfuil foirne óga acu, an cumann peile, an cumann sacair agus an cumann rugbaí go háirithe, an brú atá ag teacht ar an teanga agus tá polasaí láidir Gaeilge i bhfeidhm ag na cumainn sin. Cé go dtuigtear do na baill go bhfuil an polasaí teanga i bhfeidhm, caitheann oifigigh na gcumann cuid mhaith dá gcuid ama ag cur an pholasaí sin i bhfeidhm i measc foirne faoi aois.

BEARTA DO SHEIRBHÍSÍ SÓISIALTA AGUS CAITHEAMH AIMSIRE

10.1 Polasaí Gaeilge

Réimse:	10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	Critéar Pleanála Teanga	10,11,12
Eolas breise	Is mór é éifeacht chinnirí na gcumann éagsúil ar nósmaireacht sóisialaithe teanga an aosa óig. Ní foláir polasaí sonracha Gaeilge a bheith ag cumainn an cheantair ag ní foláir a chinntiú gur i nGaeilge amháin a reáchtáiltear gach gné d'obair na gcumann agus gur daoine le Gaeilge, agus a bhfuil meas acu ar an nGaeilge, a bheadh i bhfeighil grúpaí agus foirne. Tá an méid seo amhlaidh sa bpobal seo faoi láthair ach caithfear déanamh cinnte de gur mar sin a bheas.		
Aidhm	An Ghaeilge a bheith mar phríomhtheanga chumarsáide i ngach imeacht spóirt agus sóisialta		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Cumann Peile na Ceathrún Rua Cumann Rugbaí na Gaeltachta Cumann Sacair Mhac Dara Club Dornálaíochta Chonamara Páirtithe Leasmhara: Cumainn spóirt agus sóisialta uilig an LPT; Bord Cho. na Gaillimhe CLG; IRFU; FAI; IABA		
Saolré	Bliain 1: Polasaí sonracha teanga scríofa a aontú le gach cumann spóirt agus sóisialta Bliain 2: Ócáidí a eagrú maidir le cur chun cinn na Gaeilge i gcomhar leis na cumainn Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€2,100		
Costas measta in aghaidh na bliana	€300 Páipéarachas agus fógraíocht	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Imeachtaí sóisialta agus caitheamh aimsire uilig san LPT a bheith á reáchtáil trí Ghaeilge		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Polasaí sonracha scríofa teanga a aontú leis na cumainn		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Cé go bhfuil polasaí láidir Gaeilge ag cumainn an LPT, ní foláir teagmháil rialta a bheith leis na cumainn lena chinntiú gur amhlaidh a bheidh sa todhchaí. Is cóir don Oifigeach Pleanála Teanga freastal ar chruinnithe cinnbhliana na gcumann le tábhacht na Gaeilge a shoiléiriú. Oifigeach Pleanála Teanga a chinntiú go bhfuil polasaithe atá aontaithe á gcur i bhfeidhm.		

10.2 An Ealaín Bhéil

Réimse:	10. Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire	Critéar Pleanála Teanga	10,11,12
Eolas breise	Go dtí le blianta beaga anuas, bhí an ealaín bhéil mar chuid lárnach de shaol sóisialta na Gaeltachta. Bhíothas á cleachtadh i gcomhar le himeachtaí stáitse, drámaíocht, lúibíní agus agallaimh beirte. Tá an ealaín phobail seo a raibh an-tóir air i measc sean agus óg tite go mór ar gcúl sa gceantar Gaeltachta seo. Níor mhiste d'Ealaín na Gaeltachta, i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta, atá gníomhach san obair seo tabhairt faoi bhonn a chur arís faoin ngné seo dár n-oidhreacht. Deis iontach atá sa stáitsíocht le cion agus le meas a chothú ar an nGaeilge agus le saibhreas Gaeilge agus urlabhraíochta a chothú		
Aidhm	Saibhreas Gaeilge a chothú ar bhealach taitneamhach agus cultúrtha		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: Ealaín na Gaeltachta/Tuismitheoirí na Gaeltachta Páirtithe Leasmhara: An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta		
Saolré	Bliain 1: An cumann drámaíochta áitiúil a chur ar bhonn láidir Bliain 2: Féile drámaíochta agus ealaín bhéil eile a réachtáil Cúrsaí sna healaíona béil a réachtáil Bliain 3-7: Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€10,500		
Costas measta in aghaidh na bliana	€1,000 do chúrsa bliantúil €500 do dhuaisianna	Foinsí Maoinithe	Ealaín na Gaeltachta
Dúshlán fhéideartha agus réitigh	Saibhreas cainte agus urlabhraíocht Ghaeilge den scoth a chur ar fáil ar bhealach taitneamhach agus cultúrtha don phobal		
Cén chaoi a sárófar na dúshlán?	Bunús láidir a chur faoin gcumann drámaíochta áitiúil, cúrsaí sna healaíona béil agus féilte rialta a eagrú		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Plean gnímh a aontú le Ealaín na Gaeltachta agus Tuismitheoirí na Gaeltachta Cruinnithe ag an Oifigeach Pleanála Teanga le haisteoirí áitiúla ar mhaithe le bonn láidir a chur faoin gcumann drámaíochta in athuair Athbhreithniú iomlán ag deireadh bhliain 2		

*Eochair feasa
foghlaim.*



11

Staid na Gaeilge sa Limistéar

Tá an Ghaeilge sláintiúil agus láidir in LPT na Ceathrún Rua.

Tá fianaise againn go labhraíonn suas le naonúr as gach deichniúr de phobal an LPT Gaeilge go laethúil. Sin de réir suirbhé a rinneadh ar staid na Gaeilge san LPT in 2015. Deir Daonáireamh na bliana 2016 linn go labhraíonn 85% Gaeilge go laethúil san LPT. Taispeánann an **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015** gurb í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh ag 79% den phobal ar an meán. Cuireann **An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht** LPT na Ceathrún Rua i gCatagóir

A *“a chuimsíonn na toghranna a bhfuil breis agus 67% dá ndaonra iomlán (3 bliana +) ina gcainteoirí laethúla Gaeilge”*. Tugtar le fios sa staidéar céanna go bhfuil 88% de phobal an LPT ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Tá an staidéar seo bunaithe ar Dhaonáireamh na bliana 2002.

De réir Dhaonáireamh na bliana 2016, tá 85% de phobal an LPT ina gcainteoirí laethúla Gaeilge, lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais. Sna figiúirí daonáirimh atá luaite le 2002, 2006, 2011 agus 2016, táthar ag tagairt do chainteoirí laethúla 3 bliana d’aois agus os a chionn. Maidir leis an bhfigiúr do 2015 tugtar faoi deara gur meánfhiúir don teaghlach iomlán atá i gceist.

Cainteoirí Laethúla Gaeilge 3 bliana+ lasmuigh agus laistigh den chóras oideachais 2002 go 2016

2002(1)	2006(2)	2011(2)	2015(3)	2016(2)
88%	83.4%	85.1%	89%	84.7%

Foinsí:

(1) Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht

(2) Daonáireamh 2006, 2011, 2016

(3) Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

I mí Iúil 2015, mar chuid den Phlean Teanga áirithe seo, rinne CCMD **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015**. Dáileadh cóip den suirbhé ar gach teach san LPT ina raibh cónaí. Dáileadh 742 cóip den suirbhé agus fuarthas 433 cóip den suirbhé ar ais.

Líon cóipeanna den suirbhé a dáileadh	Líon cóipeanna den suirbhé a bailíodh	Céatadán a bailíodh
742	433	58%

De réir gach fianaise, tá an Ghaeilge ina teanga bheo i bpobal na Ceathrún Rua. De réir an **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015**, labhraíonn 89% de phobal an LPT Gaeilge go laethúil. Seo meánfhiúir idir líon na dtuismitheoirí agus na gclann a labhraíonn Gaeilge go laethúil. Tá gach duine sa teaghlach tugtha san áireamh.

An labhraíonn tú Gaeilge go laethúil

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Taispeánann an **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015** gurb í an Ghaeilge príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh ag 79% ar an meán den phobal.

Céard í príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh Gaeilge


Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Ag tógáil tuismitheoirí agus a gclann san áireamh, tá meán de 86% den phobal ina gcainteoirí líofa nó ina gcainteoirí dúchais.

Déan cur síos ar chumas an líon tí mar chainteoirí Gaeilge
Cainteoir líofa/dúchais

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Taispeánann an taighde atá déanta sa **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015** go labhraíonn 90% ar an meán den phobal Gaeilge go laethúil. Creideann 99% den phobal go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach mar theanga an phobail.

An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Taispeánann an suirbhé teaghlaigh freisin go gcreideann 97% den phobal ar an meán go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach mar áis oideachais agus go bhfuil sé tábhachtach í a thabhairt don chéad ghlúin eile. Creideann 88% den phobal gur fiú airgead an Ghaeilge.


Taispeánann an suirbhé chomh maith go bhfuil an teanga á hiompar ó ghlúin go glúin agus gur óna dtuismitheoirí atá 87% de na daoine óga ag sealbhú na teanga.

Má tá Gaeilge agat cá bhfuair tú do chuid Gaeilge
Ó m'athair agus mo mháthair

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015


Taispeánann an obair a rinne an grúpa fócais i measc scoláirí óga Scoil Chuimsitheach Chiaráin ina measc féin go bhfuil 40% de na daoine óga ag labhairt Gaeilge agus Béarla lena dtuismitheoirí agus go bhfuil suas le 70% acu ag labhairt Gaeilge agus Béarla eatarthu féin.

Cén teanga a labhraíonn tú sa mbaile



Foinse: Suirbhé Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015

Cén teanga a labhraíonn tú ag imeachtaí spóirt agus sóisialta lasmuigh den scoil



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Mar sin féin, is ábhar dóchais é nach bhfuil an ghlúin óg iompaithe ar an mBéarla agus go bhfuil an líon acu nach labhraíonn ach Béarla amháin eatarthu féin chomh híseal le 14%.

Dúshlán

Taispeánann an **Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015** mar chuid den phlean seo gur cainteoirí dúchais Gaeilge 85% de theaghlaigh agus go labhraíonn 91% acu Gaeilge go laethúil. Mar sin féin taispeánann an taighde a rinneadh i measc **Grúpa Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015** nach bhfuil an scéal chomh folláin ó thaobh na teanga nuair atá an dream óg i mbun sóisialaithe. Tá 61% de na scoláirí ag sóisialú le chéile go dátheangach lasmuigh den scoil agus níl ach 20% acu ag sóisialú go hiomlán trí Ghaeilge.

BEARTA MAIDIR LE STAID NA GAEILGE SA LIMISTÉAR

Tá bearta go leor maidir leis an bpleanáil teanga san LPT sonraithe tríd an bplean teanga seo. Ní foláir an pobal a chur ar an eolas faoi staid agus faoi thábhacht na teanga agus a chur ina luí orthu go bhfuil ról lárnach agus ríthábhachtach acusan i gcinntiú go mairfidh an LPT ina cheantar láidir Gaeltachta. Ní foláir go dtuigfeadh an pobal gur iadsan a chinntigh go bhfuil suas le 90% den phobal

ag labhairt Gaeilge go laethúil, gur iadsan atá ag labhairt na teanga agus gur iadsan a chinnteoidh go dtabharfar an teanga don chéad ghlúin eile. Ní foláir freisin a thaispeáint don phobal go mbeidh tacaíocht ar fáil le todhchaí na teanga a choinneáil slán agus nach bhfágfar an pobal leo féin san obair seo.

11.1 Feachtas Feasachta

Réimse:	11. Staid na Gaeilge sa Limistéar	Critéar Pleanála Teanga	2,3,14,15
Eolas breise	Moltar feachtas feasachta agus eolais a chur ar bun sa bpobal le léiriú don phobal an tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamaíochta atá leis an teanga. Déanfar é seo trí fhógraíocht phoiblí ag léiriú don phobal gur fiú €27.8 milliún in aghaidh na bliana an Ghaeilge don LPT; trí eolas a scaipeadh ar gach teaghlach ag léiriú an teacht isteach a thugann an Ghaeilge i réimsí éagsúla sa bpobal agus mar a ghnóthaíonn an pobal dhá bharr agus trí pháirtíocht i gcláracha nuachta agus eolais ar TG4, RTÉ Raidió na Gaeltachta agus seirbhísí craoltóireachta eile agus trí úsáid a bhaint as na meáin shóisialta leis an teachtaireacht a scaipeadh. Ba chóir manaí a chur le chéile ag léiriú tábhacht na teanga go háitiúil agus go náisiúnta. Crochfar fógraí móra le manaí éagsúla ag léiriú tábhacht na teanga in ionaid fheiceálacha phoiblí - páirceanna peile, páirc spraoi, halla pobail, agus scoileanna. Bheadh sé tábhachtach go mbeadh “éadain aitheanta” áitiúla a bhfuil meas an phobail orthu ar na fógraí		
Aidhm	Tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamaíochta na Gaeilge a phoiblíú sa bpobal		
Úinéireacht agus Páirtithe leasmhara	Príomhúinéir: CCMD Páirtithe Leasmhara: RCOG; ÚnaG		
Saolré	Bliain 1-7: Fógraí móra le manaí éagsúla ag léiriú tábhacht na teanga a chur in airde sa bpobal in ionaid fheiceálacha phoiblí - páirceanna peile, páirceanna spraoi, halla pobail, scoileanna. Bileoga eolais ar thábhacht na Gaeilge a scaipeadh ar gach teaghlach san LPT Poiblíocht don Ghaeilge san LPT a lorg ar na meáin Bliain 3-7 Athbhreithniú rialta		
Costas measta iomlán:	€14,000		
Costas measta in aghaidh na bliana	€2,000	Foinsí Maoinithe	ÚnaG
Dúshláin fhéideartha agus réitigh	An pobal a chur ar an eolas maidir le tábhacht náisiúnta, cultúrtha agus eacnamúil na teanga		
Cén chaoi a sárófar na dúshláin?	An plean feasachta agus eolais a chur i bhfeidhm		
Monatóireacht ar chur i bhfeidhm an bhirt:	Feachtas fógraí poiblí a bheith feiceálach ar fud an LPT ag léiriú tábhacht na teanga Tuairiscí rialta ón Oifigeach Pleanála Teanga don CPT Monatóireacht rialta ar an bplean Athbhreithniú tar éis bliain 2		

*Maireann croí
éadrom i bhfad.*



Neart imeachtaí
trí Ghaeilge do
dhéagóirí.

Aighneacht ón bPobal

Moltaí nach mbaineann go sonrach le Plean Teanga don Cheathrú Rua

Comhchoiste Pleanála Teanga

Moltar go mbunófaí Comhchoiste Pleanála Teanga ar a mbeidh ballraíocht ó choistí pleanála teanga ó LPTanna éagsúla. Chabhródh seo le caidreamh rialta a chothú idir na LPTanna éagsúla, le tuairimí a mhalartú, comhthaighde agus stocaireacht a dhéanamh agus stáitse aontaithe náisiúnta a thabhairt don phleanáil teanga. Moltar go gcuirfí maoiniú dóthanach ar fáil don Chomhchoiste Pleanála Teanga lena chuid oibre a chur i gcrích.

Pobail a bhfuil an Ghaeilge láidir iontu

Moltar go mbeadh cur chuige ar leith ag ÚnaG le hinfheistíocht bhreise a dhéanamh i bpobail láidre Ghaeltachta. Tá sé le sonrú i dtuarascálacha ÚnaG go bhfuil leibhéal infheistíochta fostaíochta ÚnaG i bpobail ina bhfuil an Ghaeilge láidir i nGaeltacht na Gaillimhe níos ísle ná i bpobail eile nach bhfuil an teanga chomh láidir iontu.

Tacaíocht, Maoiniú agus Spreagadh

Ní chinnteoidh Pleananna Teanga leo féin todhchaí na Gaeilge ná todhchaí na Gaeltachta. Ní foláir tacaíocht, maoiniú agus cinnireacht a thabhairt do na pobail Ghaeltachta, go háirithe na pobail sin ina bhfuil an teanga láidir. Tá sé tábhachtach go mbeadh ról lárnach ag na pobail Ghaeltachta i gcomhar le ÚnaG agus RCOG i bhforbairt pobail, thionsclaíoch agus teanga agus go mbeadh tacaíocht, maoiniú agus spreagadh ar fáil ag an pobal le bheith ceannasach ina bhforbairt féin.

Costas Iomlán na mBeart

TÁBLA A: COSTAS NA MBEART

[Costais atá sonrach don Cheanneagraíocht]

Riaradh agus Bainistiú

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastail (1)	€65,000	€65,000	€65,000	€75,000	€75,000	€75,000	€75,000
Taisteal& Cothabháil	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000
Cíos Oifige	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000
Reáchtáil Oifige (2)	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000
Iomlán	€98,000	€98,000	€98,000	€108,000	€108,000	€108,000	€108,000

1. €35k-£40kdon Oifigeach Pleanála Sinsearach; €30k-£35k don Oifigeach Pleanála Cúnta
2. Trealamh, Leictreachas, Fón, Stáiseanóireacht

An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fóram Oideachais	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500
Saibhriú Teanga	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500
Taighde maidir le cáilíochtaí		€30,000	€25,000				
Taighde seachadta teanga ag baile	€5,000	€5,000					
Cúntóir Teanga sa gClós	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320
Córas cinnireachta	€500	€500	€500	€500	€500	€500	€500
Post Freagartha SCC	€5,250	€5,250	€5,250	€5,500	€5,500	€5,500	€5,500
Laochra Teanga	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Iomlán	€27,070	€57,070	€47,070	€22,320	€22,320	€22,320	€22,320

Seirbhísí Cúram Leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Ranganna	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Iomlán	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000

Seirbhísí don aos óg agus d'aoisghrúpaí eile

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Na hEalaíona Béil	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500
Páirc Spraoi	€12,000						
Iomlán	€1,500	€13,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500

An Earnáil Ghnó

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fógraíocht	€5,000		€5,000		€5,000		
Iomlán	€5,000		€5,000		€5,000		

Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fógraíocht/Ballraíocht	€100	€100					
Iomlán	€100	€100					

Seirbhísí Poiblí

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Ullmhú plean don Cheathrú Rua	€10,000						
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	€100	€100	€100	€100	€100	€100	€100
Cúrsaí Eaglasta	€50	€50	€50	€50	€50	€50	€50
Co. Co. na Gaillimhe	€100	€100	€100	€100	€100	€100	€100
Iomlán	€250	€10,250	€250	€250	€250	€250	€250

Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Polasaí Gaeilge do na cumainn	€300	€300	€300	€300	€300	€300	€300
An Ealaín Bhéil	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500
Iomlán	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800

Staid na Gaeilge sa Limistéar

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Feachtas Feasachta	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Iomlán	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000

Móriomlán Bliantúil

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
	€137,720	€184,720	€157,620	€137,870	€142,870	€137,870	€137,870

Costas don tréimhse 7 mbliana: €1,036,540

Meánchostas bliana: €148,077

TÁBLA B: COSTAS MÓRIOMLÁN NA MBEART

[Costais atá Sonrach don Ceanneagraíocht AGUS Costais Eile nach dTagann faoi Smacht na Ceanneagraíochta]

Riaradh agus Bainistiú

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Tuarastail (1)	€65,000	€65,000	€65,000	€75,000	€75,000	€75,000	€75,000
Taisteal& Cothabháil	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000	€3,000
Cíos Oifige	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000	€10,000
Reáchtáil Oifige (2)	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000	€20,000
Iomlán	€98,000	€98,000	€98,000	€108,000	€108,000	€108,000	€108,000

- 1, €35k-£40kdon Oifigeach Pleanála Sinsearach; €30k-£35k don Oifigeach Pleanála Cúnta
2. Trealamh, Leictreachas, Fón, Stáiseanáireacht

An Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fóram Oideachais	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500	€2,500
Saibhriú Teanga	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500	€4,500
Taighde maidir le cáilíochtaí		€30,000	€25,000				
Taighde seachadta teanga ag baile	€5,000	€5,000					
Cúntóir Teanga sa gClós	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320	€8,320
Córas cinnireachta	€500	€500	€500	€500	€500	€500	€500
Post Freagartha SCC	€5,250	€5,250	€5,250	€5,500	€5,500	€5,500	€5,500
Laochra Teanga	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge	€77,588	€77,588	€77,588	€77,588	€77,588	€77,588	€77,588
Iomlán	€104,658	€134,658	€124,658	€99,908	€99,908	€99,908	€99,908

Seirbhísí Cúraim Leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Ranganna	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Iomlán	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000

Seirbhísí don aos óg agus d’aoisghrúpaí eile

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Athchóiriú Halla Éinne (3)	€50,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000	€100,000
Tuismitheoirí na Gaeltachta	€211,160	€211,160	€211,160	€211,160	€211,160	€211,160	€211,160
Na hEalaíona Béil	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500	€1,500
Páirc Spraoi	€12,000						
Iomlán	€262,660	€324,660	€312,660	€312,660	€312,660	€312,660	€312,660

3. Tá seo bunaithe ar an meastachán is airde €650k

An Earnáil Ghnó

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fógraíocht	€5,000		€5,000		€5,000		
Iomlán	€5,000		€5,000		€5,000		

Eagraíochtaí Pobail agus Comharchumainn

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Fógraíocht/Ballraíocht	€100	€100					
Iomlán	€100	€100					

Na Meáin Chumarsáide

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Cláir Raidió	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Clár Tallainne Teilifíse	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Meáin chlóite/Ar líne	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000	€1,000
Iomlán	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000	€5,000

Seirbhísí Poiblí

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Scéim Labhairt na Gaeilge	€150,000	€150,000	€150,000	€150,000	€150,000	€150,000	€150,000
Ullmhú plean don Cheathrú Rua	€10,000						
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	€100	€100	€100	€100	€100	€100	€100
Scéim scoláireachta do lucht leighis	€20,000						
Cúrsaí Eaglasta	€50	€50	€50	€50	€50	€50	€50
Co. Co. na Gaillimhe	€100	€100	€100	€100	€100	€100	€100
Iomlán	€150,250	€180,250	€170,250	€170,250	€170,250	€170,250	€170,250

Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Polasaí Gaeilge do na cumainn	€300	€300	€300	€300	€300	€300	€300
An Ealaín Bhéil	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500	€,1500
Iomlán	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800	€1,800

Staid na Gaeilge sa Limistéar

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
Feachtas Feasachta	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000
Iomlán	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000	€2,000

Móriomlán Bliantúil

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3	Bliain 4	Bliain 5	Bliain 6	Bliain 7
	€631,468	€748,468	€721,368	€701,618	€706,618	€701,618	€701,618

Costas don tréimhse 7 mbliana: **€4,912,776**

Meanchostas bliana: **€701,825**

AGUISÍN 1
Ceistneoir: Suirbhé Teaghlaigh
faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

COMHARCHUMANN MHC DARA
SUIRBHÉ TEAGHLAIGH FAOI STAID NA GAEILGE AR AN gCEATHRÚ RUA 2015
TÁ AN T-EOLAS AR FAD SA SUIRBHÉ SEO FAOI RÚN

BAILE FEARAINN_____

Tá an suirbhé seo á scaipeadh ar gach teaghlach i Limistéar Pleanála Teanga na Ceathrún Rua
Baileofar an suirbhé uait as seo go ceann coicíse

1. Déan cur síos ar chumas Gaelige an teaghlaigh			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Gaelige liota nó dhúchais			
Gaelige mhairbh			
Beagán Gaelige			
Gan aon Ghaelige			

2. An labhraíonn tú Gaelige			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Go laethúil			
Go seachtainiúil			
Níos lú ná sin			
Go laethúil laistigh den dhóras oideachais			
Go laethúil lasmuigh den dhóras oideachais			
Ní labhraim Gaelige			

3. Céard í príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Gaelige			
Béarla			
Gaelige agus Béarla			
Eile			

4. Cén teanga lenar tógadh na baill éagsúla den teaghlach			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Gaelige amháin			
Gaelige den chuid is mó			
Meascán Gaelige agus Béarla			
Béarla den chuid is mó			
Meascán Béarla agus Gaelige			
Teanga eile			

5. Déan cur síos ar chumas an líon tí mar chainteoirí Gaelige			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Cainteoir liota/dúchais			
Cainteoir maith Gaelige			
Cainteoir ar bheagán Gaelige			
Níl Gaelige agam			

6. Má tá Gaelige agat cá bhfuair tú do chuid Gaelige			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Ó máthair agus mo mháthair			
Ó máthair amháin			
Ó mo mháthair amháin			
Ó mo sheanathair			
Ó mo sheanmháthair			
Ó dhaoine eile sa bpobal			
Ón scoil			

7. Déan comparáid idir do chumas comhrá i nGaelige agus i mBéarla			
Cuir X sa mbosca cui	Athair	Máthair	Clann
Tá mé ábalta comhrá maith a bheith agam i nGaelige agus i mBéarla			
Is fearm an comhrá a bheadh agam i nGaelige ná i mBéarla			
Is fearm an comhrá a bheadh agam i mBéarla ná i nGaelige			

8. Cén teanga a labhraíonn na daoine seo sa teaghlach lena chéile							
Cuir X sa mbosca cuí	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Gaeilge agus Béarla ach níos mó Gaeilge	Béarla amháin	Béarla den chuid is mó	Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla	Teanga eile
Athair agus Máthair							
Athair le gasúr							
Máthair le gasúr							
Gasúr lena chéile							

9. Cén teanga a labhraíonn tú sna háiteanna agus ag na himeachtaí seo							
Athair							
Cuir X sa mbosca cuí	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Gaeilge agus Béarla ach níos mó Gaeilge	Béarla amháin	Béarla den chuid is mó	Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla	Teanga eile
Le do chairde							
Ag an obair							
Ag imeachtaí spóirt agus sóisialta							
I dtithe cairde & comharsan							
I measc an phobail							

10. Cén teanga a labhraíonn tú sna háiteanna agus ag na himeachtaí seo							
Máthair							
Cuir X sa mbosca cuí	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Gaeilge agus Béarla ach níos mó Gaeilge	Béarla amháin	Béarla den chuid is mó	Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla	Teanga eile
Le do chairde							
Ag an obair							
Ag imeachtaí spóirt agus sóisialta							
I dtithe cairde & comharsan							
I measc an phobail							

11. An bhfuil na himeachtaí agus seirbhísí seo ar fáil trí Ghaeilge sa bpobal							
Cuir X sa mbosca cuí	Gaeilge amháin	Gaeilge den chuid is mó	Gaeilge agus Béarla ach níos mó Gaeilge	Béarla amháin	Béarla den chuid is mó	Béarla agus Gaeilge ach níos mó Béarla	Teanga eile
Imeachtaí spóirt							
Imeachtaí sóisialta i.e., ranganna, cluanna, caitheamh aimsire							
Seirbhís sláinte							
Siopaí agus óstai							
Ionad oibre							
An sáipéal							
Luathoidéachas							
Bunscoil							
Meánscoil							
Cluanna éige							

Tuilleadh reistearna ar chúl an leathanaigh

Cuir X sa mbosca cúl	Athair	Máthair	Clann
Gaeilge amháin			
Gaeilge den chuid is mó			
Gaeilge agus Béarla			
Béarla amháin			
Béarla agus Gaeilge			
Béarla den chuid is mó			

Cuiri X sa imboscui	100%	90%	80%	70%	60%	50%	Niciu la 50%
---------------------	------	-----	-----	-----	-----	-----	--------------

Cuie X sa imbosca cui	100%	90%	80%	70%	60%	50%	Niciu la 50%
-----------------------	------	-----	-----	-----	-----	-----	--------------

Cuir X sa mbosca cúl	Tá	Níl	Is cuma
Mar theanga an phobail			
Mar áis oideachais			
Don chéad ghliún eile			
Is fiú aitheall í			

Cuile X sa mbosca cuil	Ba mhaith	Níor mhaith	Is cuma

Cuie X sa mbosca cui	Sea	Ni hea	Is cuma
----------------------	-----	--------	---------

This image shows a single sheet of white paper with horizontal blue or grey ruling lines. The lines are evenly spaced and run across the width of the page. There is no handwriting or other markings on the paper.

120

AGUISÍN 2

Torthaí: Suirbhé Teaghlaigh faoi
Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Dáileadh 742 cóip den suirbhé agus fuarthas 433 cóip den suirbhé ar ais.

Líon cóipeanna den suirbhé a dáileadh	Líon cóipeanna den suirbhé a bailíodh	Céatadán a bailíodh
742	433	58%

Rinneadh scagadh ar thorthaí an tsuirbhé seo leis an gcóras scagtha staidrimh do na heolaíochtaí sóisialta SPSS. Táthar thar a bheith buíoch den saineolas a roinn Éamonn Dineen orainn sa obair seo.

Déan cur síos ar chumas Gaeilge an teaghlaigh

Léiríonn an taighde go bhfuil cumas an teanga a labhairt ard i measc tuismitheoirí agus a dteaghlaigh

Cumas Gaeilge



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

An labhraíonn tú Gaeilge

Tá beagnach 90% den phobal ar an meán ag labhairt Gaeilge go laethúil. Glactar leis nuair a deir an chlann go bhfuil 91% acu ag labhairt Ghaeilge go dtugann seo san áireamh go bhfuil clann atá fós sa gcóras oideachais ag labhairt Gaeilge ar scoil chomh maith le bheith ag labhairt Gaeilge ag baile

An labhraíonn tú Gaeilge go laethúil



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Príomhtheanga chumarsáide

Ó tharla an dá cheist faoi príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh agus cumas Gaeilge an líon tí a bheith chomh cosúil le chéile, tá trastáblú déanta ar thorthaí an dá cheist. Taispeánann sé líon ard de theaghlaigh arb í an Ghaeilge a bpríomhtheanga teaghlaigh.

Príomhtheanga chumarsáide an teaghlaigh Cumas mar chainteoirí Gaeilge

Trastáblú



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Má tá Gaeilge agat cá bhfuair tú do chuid Gaeilge

Tá tábhacht mhór leis an teaghlach maidir le hiompar teanga san LPT. Óna dtuismitheoirí a fuair aithreacha agus máithreacha an teanga agus tá an teanga á fáil ag 87% dá gclann sin óna dtuismitheoirí féin.

Má tá Gaeilge agat cá bhfuair tú do chuid Gaeilge

Ó m'athair agus mo mháthair a fuair mé mo chuid Gaeilge



Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

Teanga caidrimh an teaghlaigh

Cé go léiríonn torthaí an tsuirbhé go bhfuil an teanga láidir i measc gach aoisghrúpa san LPT, feiceann muid freisin ón suirbhé nach bhfuil an teanga chomh láidir céanna sa gcaidreamh idir bhaill an teaghlaigh. Feictear dúinn gur aithreacha is mó a labhraíonn Gaeilge amháin lena gclann -71% acu. Feiceann muid freisin go labhraíonn 64% de thuismitheoirí Gaeilge amháin lena chéile ach tá 73% acu ag labhairt Gaeilge le chéile den chuid is mó. 56% den chlann a labhraíonn Gaeilge amháin le chéile.

Teanga caidrimh an teaghlaigh

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015


An Ghaeilge mar theanga chaidrimh taobh amuigh den teaghlach

Gaeilge is mó a labhraíonn daoine fásta lena gcairde agus leis an bpobal go ginearálta. Tá breis agus 83% de na fir ag labhairt Gaeilge den chuid is mó eatarthu féin amuigh sa bpobal agus tá breis agus 75% de na mná amhlaidh.

Gaeilge den chuid is mó	Le do chairde	I measc an phobail
Athair	83%	84%
Máthair	75%	77%

Seirbhísí agus Imeachtaí trí Ghaeilge sa bpobal

Thug an pobal le fios go bhfuiltear sásta go bhfuil na seirbhísí oideachais san LPT ar fáil i nGaeilge den chuid is mó. Tá formhór mór an phobail sásta go bhfuil seirbhísí sa séipéal ar fáil i nGaeilge agus triúr as gach ceathrar sásta go bhfuil Gaeilge den chuid is mó ina n-ionad oibre.

Seirbhísí sa bpobal

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015


An Ghaeilge sa saol gnó agus sóisialta

Deir 82% den phobal go bhfuil siad in ann 90% dá ngnó a dhéanamh go laethúil trí Ghaeilge den chuid is mó agus deir 80% den phobal go bhfuil siad in ann 90% dá saol sóisialta a chaitheamh trí Ghaeilge den chuid is mó. Shamhlófá go bhfuil an toradh seo sásúil sa méid is go bhfuil sé beagnach dodhéanta in aon áit sa tír an saol laethúil a chaitheamh gan Béarla a úsáid.

Gnó laethúil trí Ghaeilge den chuid is mó	82%
Saol Sóisialta laethúil trí Ghaeilge den chuid is mó	80%

An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach

Tuigeann an pobal go bhfuil an teanga tábhachtach. Níl sé soiléir mar sin féin an dtuigeann an pobal ar fad céard is fiú tábhacht na teanga ó thaobh an ioncaim ollmhór a thugann an teanga isteach san LPT.

An bhfuil an Ghaeilge tábhachtach

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015

An Gaeilge sa todhchaí

Teastaíonn ón bpobal go mairfeadh an teanga san LPT agus gur caillteanas mór a bheadh inti dá lagódh an Ghaeilge sa bpobal.

Ba mhaith liom go mbeadh an Ghaeilge fós mar theanga pobail ar an gCeathrú Rua in 2030	99%
Caillteanas a bheadh ann don phobal dá lagódh an Ghaeilge	97%

AGUISÍN 3
Cóip den suirbhé le Grúpa
Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin

CCMD/Scoil Chuimsitheach Chiaráin
Suirbhé faoi staid na Gaeilge i measc na hÓige

Cuir X sa mbosca cuí

Buachaill		Cailín	
-----------	--	--------	--

Déan cur síos ar do chumas Gaeilge

Gaeilge Líofa	Gaeilge mhaith	Beagán Gaeilge

Cén teanga a labhraíonn tú sa mbaile

	Gaeilge amháin	Gaeilge agus Béarla	Béarla amháin
Le tuismitheoirí			
Le do chlann			
Le do chairde			

Cén teanga a labhraíonn tú ar scoil

	Gaeilge amháin	Gaeilge agus Béarla	Béarla amháin
Sa gclós scoile			

Cén teanga a labhraíonn tú ag imeachtaí spórt agus sóisialta lasmuigh den scoil

	Gaeilge amháin	Gaeilge agus Béarla	Béarla amháin
Le daoine fásta			
Le do chairde			

An gcuireann tú na mothúcháin seo in iúl i nGaeilge nó i mBéarla

	Gaeilge amháin	Gaeilge agus Béarla	Béarla amháin
Fearg nó Brón			
Imní nó frustrachas			
Grá agus cairdeas			

Cén teanga ina seolann tú téacs ar an fón póca

Gaeilge amháin	Gaeilge agus Béarla	Béarla amháin

An mbíonn deacracht agat leis na rudaí seo

	Bíonn	Ní bhíonn
Comhrá i nGaeilge faoi chúrsaí sóisialta		
Na focail chearta a aimsiú i nGaeilge		
Cluichí a imirt trí Ghaeilge		
Cúrsaí an tsaoil a phlé trí Ghaeilge		
Cláracha raidió agus teilifíse a phlé trí Ghaeilge		

An mbeidh tú ag labhairt Gaeilge faoi cheann 10 mbliana

Beidh	Ní bheidh

An bhfuil tú bródúil as an nGaeilge

Tá	Níl

Aguisín 4
Torthaí an tsuirbhé le Grúpa Fócais
Scoil Chuimsitheach Chiaráin

Líon scoláirí i SCC	Líon a ghlac páirt sa taighde	Cailíní	Buachaillí
304	138 - ionann is 45% de scoláirí na scoile	81 - ionann is 59% den líon scoláirí a ghlac páirt	57 - ionann is 41% den líon scoláirí a ghlac páirt

Ó thaobh na teanga, tá Gaeilge líofa nó Ghaeilge mhaith ag 93% de na scoláirí. Léirigh 5% go raibh siad ar bheagán Gaeilge, ach scoláirí i mbliain 1 agus bliain 2 a bhí i gceist.


Cumas Gaeilge



Teanga ag baile

Tá níos lú ná leath na scoláirí ag labhairt Gaeilge mar a gcéad teanga ag baile lena dtuismitheoirí. Níl ach 13% acu ag labhairt Béarla lena dtuismitheoirí. Fágann seo an caidreamh teaghlaigh dátheangach. Tá an scéal amhlaidh maidir lena gcaidreamh lena gclann, ach tá 70% acu ag sóisialú go dhátheangach eatarthu féin. Mar sin féin, níl ach 14% acu ag labhairt Béarla amháin eatarthu féin.


Cén teanga a labhraíonn tú sa mbaile



Clós na scoile

Tá sé soiléir go bhfuil éifeacht ag polasaí Gaeilge na scoile ar iompar teanga i measc na scoláirí sa gclós mar go bhfuil céatadán níos airde ag labhairt Gaeilge amháin i gclós na scoile ná mar atá lena gcairde ag baile. Fós is go dátheangach atá dhá thrian acu ag sóisialú sa gclós.

Clós na scoile




Imeachtaí spóirt agus sóisialta lasmuigh den scoil


Feiceann muid anseo go bhfuil an pátrún sóisialaithe teanga atá ag na scoláirí eatarthu féin lasmuigh den scoil agus i gclós na scoile ar aon dul, is é sin go bhfuil dhá thrian acu ag sóisialú go dhátheangach. Mar sin féin, feiceann muid gur trí Ghaeilge amháin atá breis agus 40% de na scoláirí ag sóisialú le daoine fásta agus nach bhfuil ach 4% ag labhairt Béarla amháin le daoine fásta. Feiceann muid go bhfuil an sóisialú trí Ghaeilge i measc na ndaoine óga níos láidre ar scoil agus ag imeachtaí sóisialta ná mar atá ag baile.



Teanga ag imeachtaí lasmuigh den scoil



Mothúcháin




Teanga ina gcuirtear mothúcháin in iúl

Tá 50% agus os a chionn de na scoláirí ag cur a gcuid mothúcháin in iúl go dátheangach. Tá a dhá oiread ag cur a gcuid mothúcháin ó thaobh grá agus cairdeas in iúl go dhátheangach le hais i nGaeilge go hiomlán. Tá an scéala amhlaidh ó thaobh cur in iúl imní nó frustrachas. Nuair a bhíonn fearg nó brón á chur in iúl, déanann níos mó acu é trí Ghaeilge seachas na mothúcháin eile.

Téacsanna

Tá formhór mór na scoláirí ag seoladh téacsanna i mBéarla agus níl ach uimhir an-íseal ag cur téacsanna i nGaeilge amháin.

Teanga ina seoltar téacs



Grúpa Fócais Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015

Cur in iúl agus mothúcháin

An mbíonn deacracht agat...

Comhrá i nGaeilge faoi chúrsaí sóisialta



Na focail chearta a aimsiú i nGaeilge



Cluichí a imirt trí Ghaeilge



Cúrsaí an tsaoil a phlé trí Ghaeilge



Cláracha raidió agus teilifíse a phlé trí Ghaeilge



Caidreamh i nGaeilge

Cé go bhfeictear go bhfuil an claonadh i dtreo an dátheangachais an-láidir, feiceann muid nach bhfuil deacracht ag formhór na scoláirí le caidreamh a dhéanamh in aon chuid dá saol trí Ghaeilge. Bíonn deacracht ag 30% acu na focail chearta a aimsiú i nGaeilge ach, thairis sin, tá breis agus 75% acu inniúil ar chaidreamh i nGaeilge ina ngnáthshaol sóisialta.

An Toghchaí

Cé go bhfuil an pobal óg ag sóisialú go dátheangach, deir a bhformhór go mbeidh siad ag labhairt Gaeilge faoi cheann deich mbliana agus go bhfuil siad bródúil as an teanga. Le linn na seisiún leis an ngrúpa fócais, tháinig seo aníos roinnt uaireanta agus bhí deacracht ag na scoláirí míniú a thabhairt ar an údar go bhfuil siad ag labhairt Béarla nó ag meascadh Gaeilge agus Béarla, seachas a rá gur mar sin a tharlaíonn sé go nádúrtha.

An Toghchaí

An mbeidh tú ag labhairt Gaeilge faoi cheann 10 mbliana



An bhfuil tú bródúil as an nGaeilge



TAGAIRTÍ & FOINSÍ EOLAIS

Foinsí Faisnéise Idirlín

CCMD: www.ancheathrurua.ie

Oifig an Choimisinéara Teanga:

www.coimisineir.ie

ÚnaG: www.udaras.ie

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí

Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta: www.ahrrga.gov.ie

An Phríomh-Oifig Staidrimh: www.cso.ie

Foinsí Staidrimh Eile

An Garda Síochána

An Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí

Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta: Scéim

Labhairt na Gaeilge

An tSeirbhís Chúirteanna

Breacadh, Casla

Bruach na Mara, Casla

Comhairle Contae na Gaillimhe

CCMD: *Suirbhé Teaghlaigh faoi Staid na Gaeilge ar an gCeathrú Rua 2015*

CCMD: *Grúpa Fócais le scoláirí ó Scoil Chuimsitheach Chiaráin 2015-2016*

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

CONCOS: Cónaidhm na gColáistí Samhraidh

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Ionad Cúram Leanaí na Ceathrún Rua

Muintearas

OÉ Gaillimh

Óige na Gaeltachta

Oireachtas na Gaeilge

RTÉ

RTÉ Raidió na Gaeltachta

Scoil Chuimsitheach Chiaráin, An Cheathrú Rua

Scoil Mhuire, An Tuairín

Scoil Náisiúnta Mhic Dara, An Cheathrú Rua

Scoil Speisialta Tigh Nan Dooley, An Cheathrú Rua

ÚnaG

Leabhair agus Foilseacháin Oifigiúla

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015. *Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta*

An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016. *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022*

Gaillimh le Gaeilge, 2009. *The economic benefits associated with the Irish language which accrue to Galway City and to the Galway Gaeltacht*. Bane Mullarkey and Jerome Casey & Co. Ltd

Gaillimh le Gaeilge, 2013. *Towards a Bilingual Status For the city of Galway*. Edgecast Media

Lenoach, C., Ó Giollagáin C. agus, Ó Curnáin, B. (Eagarthóirí), 2012. *An Chonair Chaoch – An Mionteangachas sa Dátteangachas*. Indreabhán: Leabhar Breac.

Mac Con Iomaire, T. & Standún, P., 1978. *Irisleabhar na Ceathrún Rua*.

Ní Dhúda, L., 2014. *Roghanna: Lámhleabhar Eolais don Phleanáil Teanga*. Indreabhán: Glór na nGael

Ó Béarra, F., & Wigger, A. (Eagarthóirí), 2012. *Bádóireacht: Bootsbau und Seefahrt in der westirischen Tradition*. Bonn: Curach Bhán

Ó Conghaile, M., 1988. *Conamara agus Árann 1880-1980 – gnéithe den stair shóisialta*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Ó Domhnalláin, P., 1934. *Conamara*. Baile Átha Cliath: MH Mac an Ghoill & a Mhac Teo.

Ó Domhnaill, PN., 1943. *Seod Aistí as Conamara*. Baile Átha Cliath: Brún & Ó Nualláin.

Ó Flatharta, P., 2007. *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG.

Ó Flaithbheartaigh, R.1846. *A chorographical description of West or H-Iar Connaught written AD 1684*: arna chur in eagar ag James Hardiman. Baile Átha Cliath: Irish Archaeological Society.

Ó Giollagáin, C. & Charlton, M., 2015. *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch Ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*. Na Forbacha: ÚnaG

Ó Giollagáin, C. et al., 2007. *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Ó Torna, C., 2005. *Cruthú na Gaeltachta 1893-1922*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

Ó Tuathaigh, G., Ó Laoire, LL. agus Ua Súilleabháin, S. (Eagarthóirí), 2000. *Pobal na Gaeltachta – A Scéal agus a Dhán*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnacht.

Rialtas na hÉireann, 2010. *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Robinson, T., 1992. *Conamara Theas: Áit agus Ainm*. Baile Átha Cliath: Coiscéim. Aistriú Gaeilge a rinne Liam Mac Con Iomaire.

Robinson, T., 2006. *Camchuairt Chonamara theas: A Twisty Journey*. Baile Átha Cliath: Coiscéim. Aistriúchán Gaeilge a rinne Liam Mac Con Iomaire.

Robinson, T., *Connemara: A Little Gaelic Kingdom*. Baile Átha Cliath: Penguin Ireland.

Synge, JM., 1910. *In Wicklow, West Kerry and Connemara*. Baile Átha Cliath: Maunsel & Co.

Uí Aimehirgín, N.(Eagarthóir), 2000. *Ó Oileán go Cuilleán: ó pheann Mhuiris Uí Shúilleabháin*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Ailt

Breathnach, P., 1984. 'An Pobal Áitiúil, an Stát, agus Forbairt na Gaeltachta.' *Comhar*, 43 (7), 14-16.

Mac Donnacha, J. 2014. 'The Death of a Language.' *Dublin Review of Books* iml. 50, <http://www.drb.ie/essays/the-death-of-a-language>

Mac Donnacha S. & Ó Giollagáin C. 2009. 'The Irish Language and the Future of the Gaeltacht Regions of Ireland.' *A Living Countryside*. Aldershot: Ashgate Publishing.

Nic Donnchadha, MM., 2000. 'An Cheathrú Rua.' *Pobal na Gaeltachta: A Scéal agus a Dhán*, 357-82.

Ní Dhomhnaill, C., (1983) *An Cheathrú Rua: Léacht an Oireachtais*

Ó Bruadair, A., 1971. 'Forbairt Eacnamúil na Gaeltachta.' *Comhar*, 30 (4), 5-10.

Ó Cearbhaill, D., 1981a. 'Eagrais phobail agus forbairt gheilleagrach in iarthar na hÉireann.' *Comhar*, 40 (10), 5-9.

Ó Cearbhaill, D., 1981b. 'Eagrais phobail agus forbairt gheilleagrach in iarthar na hÉireann.' *Comhar*, 40 (11), 10-14.

Ó Cinnéide, M., 1984. 'Claonta daonra, fostaíocht, dífhostaíocht and mianta fostaíochta in iarthar Chonamara' *The Maynooth Review*, 11 :1-10

Ó Cinnéide, M. & Keane, M., 1990. 'Applying strategic planning to local economic development: the case of the Connemara Gaeltacht, Ireland'. *Town Planning Review*, 61 (4):475-486

Ó Sé, A.M., 1992. 'Turasóireacht Chultúrtha agus Forbairt na Gaeltachta.' *Comhar*, 51 (12), 20-23.